

Siollabas Nua don Dara Bliain Ollscoile



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Triú Leibhéal



Siollabas Nua don Dara Bliain Ollscoile

Clár

1. Réamhrá	lch 1
2. Torthaí Foghlama	lch 23
3. Topaicí an tSiollabais	lch 60
4. Plé Pearsanta (An Fhéinfheasacht)	lch 71
5. Plé i gComhthéacs (An Fheasacht Chultúrtha)	lch 79
6. Scileanna Foghlama	lch 91
7. Scileanna Teanga (An Fheasacht Teanga)	lch 105
8. Fillteán Foghlama	




Réamhrá



Réamhrá: Clár

An Siollabas: Achoimre	lch 3
Prionsabail an tSiollabais	lch 6
Struchtúr Shiollabas an Dara Bliain	lch 9
Na hInniúlachtaí	lch 14
Moltaí faoi chur i bhfeidhm an tSiollabais	lch 21

An Siollabas: Achoimre



An Siollabas: Achoimre

- Tá torthaí foghlama an tsiollabais bunaithe ar leibhéal B2 den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) agus ar na hinniúlachtaí éagsúla atá leagtha amach sa cháipéis sin – inniúlachtaí ginearálta a bhaineann le próiseas na foghlama trí chéile (*savoir, savoir faire, savoir être* agus *savoir apprendre*) agus inniúlachtaí cumarsáideacha a bhaineann go dlúth leis an teanga féin (inniúlachtaí teangeolaíocha, inniúlachtaí sochtheangeolaíocha agus inniúlachtaí pragmatacha).
- Struchtúr an tsiollabais: Leagtar amach sna **torthaí foghlama** an cumas a bhfuiltear ag súil leis ón mac léinn i scileanna áirithe teanga: cruinneas gramadaí, stór focal, léamhthuiscint, cluastuiscint, scríbhneoireacht, caint, foghraíocht, oiriúnacht shochtheangeolaíoch. Chun na spriocanna sin a shroicheadh leagtar amach **topaicí** siollabais. Tá na deich dtopaic sin le forbairt in dhá shlí sa seomra ranga. Díreoidh na teagascóirí ar théamaí a bhaineann go dlúth le saol agus le taithí na mac léinn – sin **an plé pearsanta** (an fhéinfeasacht), agus leathnóidh na teagascóirí na téamaí sin chun díriú ar nithe a bhaineann leis an bhfeasacht chultúrtha – sin **an plé i gcomhthéacs** (an fheasacht chultúrtha). Tá sraith **scileanna foghlama** le forbairt ag an mac léinn agus é ag plé leis an ábhar ranga, le tascanna obair baile agus ina chuid foghlama neamhspleáiche. Tá **fillteán foghlama** le réiteach ag an mac léinn agus sraith **tascanna** le comhlíonadh don fhillteán sin. Chomh maith leis an tasc féin, tá ar an mac léinn **anailís** a dhéanamh ar an tasc agus cur síos a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim sé le linn chomhlíonadh an tasc. Cuimsíonn na gnéithe éagsúla seo na hinniúlachtaí ginearálta atá le forbairt – an *savoir* (feasacht chultúrtha), *savoir faire* (fillteán foghlama), *savoir être* (anailís ar an bhfillteán foghlama) agus *savoir apprendre* (na scileanna foghlama). Tá sé i gceist go bhforbrófaí na hinniúlachtaí teangeolaíocha **i gcomhthéacs téacsanna ranga** – is **trí théacsanna** (idir théacsanna éisteachta, físe agus léitheoireachta) a bheidh topaicí an tsiollabais á láimhseáil agus **trí thascanna cumarsáideacha** bunaithe ar na téacsanna sin. Beidh aird na mac léinn á tarraingt ar na hinniúlachtaí teangeolaíocha nuair a bheidh siad ag dul i ngleic leis na téacsanna sin agus ag déanamh na dtascanna a bheidh bunaithe ar na téacsanna. Maidir leis an ngramadach, is **i gcomhthéacs** a mholtar í a chur i láthair sna seisiúin teagaisc – is é sin go dtiocfadh gnéithe den ghramadach sin chun cinn sna téacsanna ranga agus go ndíreofaí ar an gcuid sin di a bhfuil fadhbanna ag na mic léinn léi. Tá míreanna áirithe den fheasacht teanga luaite mar mhíreanna a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo (féach Aguisín 2 leis an gcáipéis ‘Torthaí Foghlama’). **Tá sé tábhachtach, áfach, na míreanna sin a roghnú bunaithe ar riachtanais an ghrúpa.** Tá eolas faoin ngramadach sa seomra ranga le fáil sa cháipéis ‘Na Scileanna Teanga sa Seomra Ranga’.
- Is iad na critéir mheasúnaithe chéanna atá sa siollabas seo do gach mac léinn, is cuma cén cúlra teanga, cúlra foghlama agus cúlra sochtheangeolaíoch atá aige. Mar sin féin, táthar ag glacadh leis go bhfuil

túspointe difriúil ag an mac léinn Gaeltachta, agus toisc sin go bhfuil riachtanais dhifriúla *teagaisc* i gcuid de na scileanna teanga ag an mac léinn seo i.e. tá na spriocanna céanna le baint amach ag an mac léinn Gaeltachta, ach seans go mbeidh na spriocanna sin á sroicheadh aige i slí dhifriúil (féach ‘Torthaí Foghlama’).

- Is faoi theagascóirí atá sé topaicí an tsiollabais seo a chur **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**. Ní *cúrsa teanga* atá i gceist leis an ábhar samplach, mar sin, ach *samplaí* a léiríonn conas inniúlachtaí an tsiollabais a chur chun cinn sa seomra ranga – is chuige sin a mholtar go ndéanfaidh teagascóirí a gcuid féin den ábhar samplach.
- Moltar gur **seisiúin dhúbailte** teagaisc a bheadh i gceist, chun seans a thabhairt do na mic léinn an tairbhe is fearr a bhaint as an gcur chuige comhtháite. Moltar dhá sheisiún dhúbailte a chaitheamh le gach ceann de na deich dtopaic – sin fiche rang **dhá uair an chloig** (ceithre uair an chloig ag forbairt gach topaice).
- Is treisiú agus forbairt ar an méid a rabhthas ag súil leis ón mac léinn sa chéad bhliain atá i gceist sa dara bliain. Beifear ag súil le cumas anailíse níos doimhne; cumas plé le téacsanna clóite agus éisteachta níos dúshlánaí agus níos faide; cumas déileáil le raon níos leithne ábhar, seánraí agus réimeanna teanga; agus leibhéal níos airde cruinnis teanga agus feasachta cultúrtha sa chumarsáid trí chéile. Táthar ag súil le forbairt ar na scileanna foghlama go ginearálta agus an mac léinn ag dul i dtreo an neamhspleáchais maidir lena chuid foghlama féin. Feictear an dúshlán breise don dara bliain sna tascanna a ghabhann leis an ábhar samplach don dara bliain, agus tabharfar faoi deara go n-éilítear scileanna agus tuiscintí níos forbartha freisin chun na tascanna san fhillteán foghlama a chur i gcrích.

Prionsabail an tSiollabais

Agus na siollabais nua don chéad bhliain agus don dara bliain Ollscoile á ndearadh bhí roinnt ceistanna le scagadh – ina measc, cad é an fráma teoiriciúil ar a mbunófaí na siollabais?; conas a dhéanfaí iniúchadh ar riachtanais na mac léinn?; cén leibhéal teanga ar a mbunófaí na torthaí foghlama?; conas a dhéanfaí déileáil leis an ilghnéitheacht chumais i measc na mac léinn?; conas a dhéanfaí freastal ar riachtanais na mac léinn Gaeltachta?; an mbeadh córas measúnaithe ceangailte leis na siollabais?; an ‘cúrsa’ nó ‘siollabas’ a bheadh i gceist?; cad iad na nithe breise a bheadh ag teastáil go hinstitiúideach chun na siollabais a chur i bhfeidhm?

Déantar iarracht sa réamhrá seo freagra a thabhairt ar na ceistanna sin, struchtúr na siollabas a mhíniú agus spléachadh a thabhairt ar na hinniúlachtaí atáthar a fhorbairt iontu.

Fráma teoiriciúil: Tá na siollabais don chéad bhliain agus don dara bliain Ollscoile bunaithe ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach, Comhairle na hEorpa 2001 (FTCE) – is é sin le rá, gur cuireadh i bhfeidhm moltaí an FTCE faoi conas clár teagaisc a chur le chéile, go bhfuil spriocanna na siollabas bunaithe ar cheann de na bandaí cumais atá leagtha amach sa FTCE agus gur baineadh leas as moltaí a dhéantar sa FTCE maidir leis na hinniúlachtaí ar cheart díriú orthu sa phróiseas teagaisc agus foghlama. Tá cur síos cuimsitheach ar na hinniúlachtaí sin ar lgh 14-20.

Riachtanais na mac léinn: Molann Comhairle na hEorpa dóibh siúd atá bainteach le múineadh teangacha a gcuid oibre a bhunú ar riachtanais, inspreagadh, tréithe agus acmhainní na bhfoghlaimoirí. Tá an machnamh ar riachtanais na bhfoghlaimoirí i measc na moltaí a dhéantar sa FTCE maidir le clár teagaisc a chur le chéile. Chun sainiú a dhéanamh ar riachtanais na mac léinn a bhfuil na siollabais nua seo dírithe orthu, eagraíodh grúpaí fócais i gcúig institiúid éagsúla. Na hinstitiúidí a bhí i gceist ná Coláiste Phádraig, Droim Conrach; Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Ollscoil na hÉireann, Má Nuad; Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach; agus Ollscoil Luimnigh. Díriodh sa taighde cáilíochtúil seo ar riachtanais cineálacha éagsúla foghlaimora (ina measc cainteoirí T1 agus T2, agus mic léinn a raibh conairí éagsúla léinn á leanúint acu – ábhar oidí B. Oid, mic léinn BA sa Léann Daonna, mic léinn iarchéime san Oideachas ina measc). Cuireadh tuarascáil maidir le staid reatha mhúineadh na Gaeilge sna coláistí éagsúla (acmhainní, cúrsaí srl.) i dtoll a chéile chomh maith. Tógadh an tuarascáil sin, agus anailís ar na grúpaí fócais san áireamh i ndearadh na siollabas agus an ábhair shamplaigh don chéad agus don dara bliain.

Leibhéal teanga: Sa FTCE leagtar amach leibhéil éagsúla teanga: A1, A2 (úsáideoir bunúsach), B1, B2 (úsáideoir neamhspleách) agus C1, C2 (úsáideoir oilte). Is é B2 an banda cumais ar a bhfuil torthaí foghlama na siollabas seo bunaithe agus tá sé i gceist go mbeadh mic léinn ag dul i dtreo leibhéal C1 de réir a chéile. De bharr an éagsúlacht chumais i measc na mac léinn ar an tríú leibhéal bhí dúshlán ag baint le siollabais teanga atá bunaithe ar leibhéal cumais ar leith a dhearadh. D’fhéadfadh

leibhéal C1 i ngnéithe áirithe den chaint ach B1 sa scríobh a bheith ag an gcainteoir dúchais, mar shampla, ach d'fhéadfadh leibhéal B1 sa chaint agus sa scríobh a bheith ag a chomh-mhac léinn. Is túsphointe a bheadh in B2 i scil áirithe do mhac léinn ardchumais ach is sprioc uailmhianach a bheadh ann do mhac léinn eile. Chun na dúshláin seo a shárú rinneadh cinneadh B2 a roghnú mar leibhéal ginearálta, agus toisc gur banda cumais leathan é, na cuntais éagsúla atá déanta ar na scileanna teanga ag an leibhéal sin a chur in oiriúint do chúrsa Gaeilge ar an tríú leibhéal agus do riachtanais na mac léinn. Tá torthaí foghlama na siollabas bunaithe ar an mbanda B2 mar sin, agus cuirtear na torthaí foghlama sin in iúl trí shraith ráiteas faoi scileanna éagsúla teanga a léiríonn (i) sprioc ghinearálta sa scil áirithe sin do na trí bliana den chéim; (ii) cur síos mion ar a mbeifear ag súil leis sa scil áirithe sin ón mac léinn sa chéad nó sa dara bliain. Féach an cháipéis 'Torthaí Foghlama'.

Ilghnéitheacht chumais: Ceann de na dúshláin a bhaineann le siollabas teanga a dhearadh ná go mbeidh gach mac léinn ag dul i dtreo na dtorthaí foghlama céanna ach go mbeidh difríochtaí suntasacha idir leibhéil chumais na mac léinn a bheidh ag leanúint an tsiollabais. Toisc nach mbeadh sé praiticiúil torthaí foghlama éagsúla a leagan amach do ghrúpaí éagsúla mac léinn caithfear na difríochtaí sin a láimhseáil **sa teagasc** – beidh an t-ábhar ranga le cur in oiriúint do leibhéal cumais, do thaithí foghlama agus do chúlra sochtheangeolaíoch na mac léinn. Táthar ag súil leis, mar sin, go gcuirfidh teagascóirí topaicí an tsiollabais **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.

Mic léinn Ghaeltachta: Is iad na critéir mheasúnaithe chéanna atá sa siollabas seo do gach mac léinn, is cuma cén cúlra teanga, cúlra foghlama agus cúlra sochtheangeolaíoch atá aige. Mar sin féin, táthar ag glacadh leis go bhfuil túsphointe difriúil ag an mac léinn Gaeltachta, agus toisc sin go bhfuil riachtanais dhifriúla *teagaisc* i gcuid de na scileanna teanga ag an mac léinn sin i.e. tá na spriocanna céanna le baint amach ag an mac léinn Gaeltachta, ach seans go mbeidh na spriocanna sin á sroicheadh aige i slí dhifriúil (féach 'Torthaí Foghlama'). Maidir leis na riachtanais atá ag mic léinn Ghaeltachta, is féidir na pointí a luaitear sna torthaí foghlama a achoimriú mar seo a leanas:

1. An difear idir an teanga scríofa agus an teanga labhartha.
2. Eolas ar chanúintí eile seachas a chanúint féin.
3. Forbairt ar stór focal i réimsí comhaimseartha.
4. Forbairt ar stór focal i réimsí lasmuigh den fhearann pearsanta.
5. Forbairt ar an gcumas déileáil le réimeanna teanga, go mór mór sa scríbhneoireacht.
6. Tuiscint ar an teanga mar chóras a bhfuil rialacha agus patrúin ag baint leis.

Córas measúnaithe: Leagtar amach torthaí foghlama sna siollabais seo – torthaí ginearálta foghlama do na trí bliana den chéim agus mionchur síos ar na torthaí don chéad agus don dara bliain. Is faoi na hinstiúidí féin a bheidh sé, áfach, táscairí grád dá gcuid scrúduithe féin a bhunú ar na torthaí foghlama. Féach 'Torthaí Foghlama'.

‘Cúrsa’ nó ‘siollabas’?: Siollabais seachas *cúrsaí teanga* atá i gceist leis na pacáistí seo – is éard atá iontu ná: (i) torthaí foghlama agus moltaí faoi conas na torthaí sin a bhaint amach agus (ii) ábhar samplach i.e. ceachtanna samplacha bunaithe ar réimse leathan téacsanna a léiríonn conas na hinniúlachtaí atáthar a chur chun cinn sna siollabais a fhorbairt sa seomra ranga. Ní pleananna ranga ná cúrsa teagaisc atá san ábhar samplach, mar sin, ach *samplaí* a léiríonn conas inniúlachtaí na siollabas a chur chun cinn sa seomra ranga. Moltar go ndéanfaidh teagascóirí a gcuid féin den ábhar samplach. D’fhéadfadh institiúidí éagsúla pacáistí teagaisc nó cúrsaí a fhorbairt amach anseo bunaithe ar na siollabais seo chun freastal ar riachtanais teagaisc a gcuid mac léinn féin.

Cur i bhfeidhm na siollabas: le go mbeidh rath ar fheidhmiú na siollabas seo caithfear díriú ar an dá ghné seo a leanas:

- (a) an oiliúint chuí a chur ar theagascóirí chun go mbeidh siad in ann an tairbhe cheart a bhaint as na siollabais;
- (b) na córais mheasúnaithe atá in úsáid faoi láthair a chur in oiriúint agus a fhorbairt chun go mbeidh siad ag teacht le haidhmeanna agus le prionsabail na siollabas.

Struchtúr Shiollabas an Dara Bliain

Seo a leanas struchtúr shiollabas an dara bliain:

I. An Siollabas

1. torthaí foghlama
2. topaicí an tsiollabais
3. an plé pearsanta: an fhéinfheasacht
4. an plé i gcomhthéacs: an fheasacht chultúrtha
5. scileanna foghlama
6. scileanna teanga sa seomra ranga: an fheasacht teanga
7. fillteán foghlama

II. Ábhar Samplach

Tá 26 ceacht samplach bunaithe ar théacsanna éagsúla ag dul leis an siollabas d'fhonn prionsabail an tsiollabais a léiriú. Tá na ceachtanna rangaithe mar seo a leanas: (i) téacsanna bunaithe ar mhíreanna físe (7); (ii) téacsanna bunaithe ar mhíreanna éisteachta (10); (iii) téacsanna bunaithe ar ábhar léitheoireachta (9).

III. Acmhainní foghlama agus tacaíochta

Tá liosta cuimsitheach de na hacmhainní foghlama agus tacaíochta a bheadh úsáideach don mhac léinn ag dul leis an siollabas seo.

Moltar **na cáipéisí go léir** a théann leis an siollabas (torthaí foghlama, topaicí an tsiollabais, plé pearsanta, plé i gcomhthéacs, scileanna teanga sa seomra ranga, scileanna foghlama agus fillteán foghlama) a léamh chun tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist. Tá míniú ginearálta thíos ar cad atá i gceist le gach ceann de na cáipéisí seo agus tá cuntas níos cuimsithí sna cáipéisí féin.

I. An Siollabas

1. Torthaí Foghlama

Tá cuntas sa cháipéis ‘Torthaí Foghlama’ ar an gcumas a bhfuiltear ag súil leis ón mac léinn sna scileanna teanga seo a leanas:

cruinneas gramadaí
stór focal
léamhthuiscint
cluastuiscint
scríbhneoireacht
caint
foghraíocht
oiriúnacht shochtheangeolaíoch

Tá cur síos ar an scileanna seo faoi dhá cheannteideal: (i) torthaí foghlama ginearálta do na trí bliana; (ii) cur síos mion ar na torthaí foghlama don dara bliain. Tá sainiú déanta ar riachtanais na mac léinn Gaeltachta i ngach scil chomh maith.

2. Topaicí an tSiollabais

Déantar topaicí an tsiollabais a liostú sa cháipéis seo.

- Tá **deich dtopaic** sa siollabas. Nuair atá na topaicí á láimhseáil sa seomra ranga, déanfar iad a fhorbairt in dhá shlí: (i) an **plé pearsanta** ina dtabharfar deis do mhic léinn dul i ngleic leis na topaicí i slí a dhíríonn ar a saol féin go pearsanta; (ii) an **plé i gcomhthéacs** ina dtabharfar deis do mhic léinn dul i ngleic leis na topaicí i slí a leathnóidh a dtuiscintí faoin **bhfeasacht chultúrtha** (an *savoir*) agus cúram a dhéanamh den chomhthéacs ina bhfuil siad ag foghlaim. Beidh an plé pearsanta agus an plé i gcomhthéacs fite fuaite le chéile agus ní bheidh idirdhealú cinnte á dhéanamh eatarthu – léirítear sin san ábhar samplach.
- Tá rogha leathan **fothopaicí** leagtha amach sna cáipéisí ‘Plé Pearsanta’ agus ‘Plé i gComhthéacs’ agus tá sé i gceist go roghnódh teagascóirí na cinn is fearr a d’oirfeadh don ghrúpa áirithe mac léinn atá á theagasc acu.

Na topaicí

Topaic 1: Cúrsaí Taistil
Topaic 2: Saol an Mhic Léinn
Topaic 3: Mise mar Fhoghlaimeoir
Topaic 4: Cúrsaí Oideachais
Topaic 5: Cúrsaí Sóisialta
Topaic 6: Feasacht Idirchultúrtha
Topaic 7: An Ghaeltacht agus Pobal na Gaeilge

Topaic 8: Cúrsaí Litríochta agus Léirmheastóireachta

Topaic 9: Na Meáin Chumarsáide

Topaic 10: Cúrsaí Teicneolaíochta

3. An Plé Pearsanta – an fhéinfheasacht

Tá topaicí an tsiollabais le forbairt in dhá shlí éagsúla sa seomra ranga. Díreoidh na teagascóirí ar théamaí a bhaineann go dlúth le saol agus le taithí na mac léinn – sin an plé pearsanta, agus leathnóidh na teagascóirí na téamaí sin chun díriú ar nithe a bhaineann leis an bhfeasacht chultúrtha – sin an plé i gcomhthéacs.

Sa cháipéis seo tá treoir do theagascóirí maidir leis na cineálacha téamaí nó fothopaicí a bheadh oiriúnach le hábhar ranga a bhunú orthu agus topaicí an tsiollabais á bhforbairt i gcomhthéacs an phlé phearsanta. Tá sé i gceist go mbunódh na teagascóirí ábhar ranga ar cibé ceann de na fothopaicí a bheadh oiriúnach do réimse spéise agus do chumas a gcuid mac léinn agus go gcuirfidís na fothopaicí in oiriúint do riachtanais an ghrúpa teagaisc áirithe atá acu.

4. An Plé i gComhthéacs – an fheasacht chultúrtha

Tá topaicí an tsiollabais le forbairt in dhá shlí éagsúla sa seomra ranga. Díreoidh na teagascóirí ar théamaí a bhaineann go dlúth le saol agus le taithí na mac léinn – sin an plé pearsanta, agus leathnóidh na teagascóirí na téamaí sin chun díriú ar nithe a bhaineann leis an bhfeasacht chultúrtha – sin an plé i gcomhthéacs.

Sa cháipéis seo tá treoir do theagascóirí maidir leis na cineálacha téamaí nó fothopaicí a bheadh oiriúnach le hábhar ranga a bhunú orthu agus topaicí an tsiollabais á bhforbairt **i gcomhthéacs na feasachta cultúrtha nó an plé i gcomhthéacs**. Tá sé i gceist go mbunódh na teagascóirí ábhar ranga ar cibé ceann de na fothopaicí a bheadh oiriúnach do réimse spéise agus do chumas a gcuid mac léinn agus go gcuirfidís na fothopaicí in oiriúint do riachtanais an ghrúpa teagaisc áirithe atá acu.

5. Scileanna Foghlama

Tá sé i gceist go bhforbródh na mic léinn scileanna foghlama áirithe le linn a gcúrsa teagaisc (*savoir apprendre*). Tá sé mar aidhm go mbeadh na scileanna seo á bhforbairt: (i) sna seisiúin teagaisc; (ii) i ndéanamh na dtascanna don fhillteán foghlama; agus (iii) ina gcuid foghlama féinriartha. Is scileanna praiticiúla iad den chuid is mó agus tá moltaí faoi conas iad a shní isteach sa teagasc sa cháipéis ‘Scileanna Foghlama’.

Scileanna Foghlama

- Conas an fillteán foghlama a láimhseáil.
- Cur amach ar théarmaíocht na gramadaí.
- Ag úsáid foclóra.
- Ag cuardach eolais i leabhar gramadaí.
- Ag baint leasa as na meáin.
- Ag úsáid áiseanna tacaíochta.
- Ag cothú/cuardach deiseanna an teanga a labhairt.
- Ag aithint fadhbanna agus dúshlán ó thaobh na teanga de.
- Tuiscint ar struchtúr na teanga (comhréir, sínte fada, aistriúchán Gaeilge/Béarla srl.).
- Eolas ar fhuaimneanna na Gaeilge agus ar na canúintí.

6. Scileanna Teanga sa Seomra Ranga – an fheasacht teanga

Nuair a bheidh topaicí an tsiollabais á bhforbairt sa seomra ranga is trí théacsanna (idir théacsanna fise, éisteachta agus léitheoireachta) a bheifear á láimhseáil, agus trí thascanna cumarsáideacha bunaithe ar na téacsanna sin. Trí dhéanamh na dtascanna sin tá sé i gceist go bhforbróidh na mic léinn inniúlachtaí cumarsáideacha – inniúlachtaí teangeolaíocha, sochtheangeolaíocha agus pragmatacha a chuirfidh lena dtuiscint ar an teanga féin (**an fheasacht teanga**).

Tá moltaí faoi conas plé leis na scileanna éagsúla teanga sa seomra ranga (léamh, scríobh, éisteacht, labhairt, gramadach, stór focal) sa cháipéis ‘Scileanna Teanga sa Seomra Ranga’.

7. Fillteán Foghlama

Tá fillteán foghlama le réiteach ag na mic léinn agus sraith tascanna le comhlíonadh le haghaidh an fhillteáin (an *savoir faire*). Tá anailís phearsanta le déanamh ag mic léinn ar an méid a d’fhoghlaim siad i ndéanamh gach taisc (an *savoir être*). Tá treoir chuimsitheach ar fáil do na mic léinn ina ndéantar cur síos ar gach ceann de na tascanna atá le cur san fhillteán foghlama (an cháipéis ‘An Fillteán Foghlama’).

Na Tascanna

Tasc 1: Cuntas ar na hearráidí coitianta a dhéanann tú sa scríobh (le déanamh faoi dhó)

Tasc 2: Cuntas ar na hearráidí coitianta a dhéanann tú sa chaint (le déanamh faoi dhó)

Tasc 3: Taighde

Tasc 4: Cur i láthair

Tasc 5: Léirmheas

Tasc 6: Ceistneoir a dhearadh

II. Ábhar Samplach

Léirítear san ábhar samplach conas topaicí an tsiollabais a láimhseáil sa seomra ranga. Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.

III. Áiseanna Foghlama / Tacaíochta

Chun tacú leis na scileanna foghlama atá le forbairt, tá liosta cuimsitheach de na háiseanna foghlama agus tacaíochta a bheadh úsáideach don mhac léinn ag dul leis an siollabas seo.

Na hInniúlachtaí

Moltaí maidir le hinniúlachtaí

Déantar iarracht anseo spléachadh a thabhairt ar na hinniúlachtaí a bhfuiltear ag díriú orthu sna siollabais don chéad agus don dara bliain agus, dá bhrí sin, comhthéacs a thabhairt do leagan amach na siollabas.

Déantar cur síos sa FTCE ar dhá shaghas inniúlachta teanga: (i) inniúlachtaí ginearálta agus; (ii) inniúlachtaí cumarsáideacha. Táthar ag súil go bhforbróidh mic léinn a leanann clár teagaisc atá bunaithe ar na siollabais nua na hinniúlachtaí ginearálta agus cumarsáideacha seo mar atá leagtha amach thíos.

1. Inniúlachtaí Ginearálta

Féadtar smaoineamh ar na hinniúlachtaí ginearálta mar aon chineál eolais faoin saol go ginearálta atá ag an bhfoghlaiméir a rachadh chun tairbhe dó agus é ag foghlaim teanga. Déantar cur síos sa FTCE ar cheithre shaghas inniúlachta ginearálta:

- (i) *savoir*
- (ii) *savoir faire*
- (iii) *savoir être*
- (iv) *savoir apprendre*

Is é atá i gceist leis na nithe thuas ná eolas faoin saol a bheadh cabhrach chun dul i ngleic leis an dara teanga (*savoir*); scileanna praiticiúla a chabhródh leis an bhfoghlaiméir feidhmiú go héifeachtach sa dara teanga (*savoir faire*); inniúlacht eisíoch a chabhródh leis an bhfoghlaiméir ról éifeachtach a bheith aige sa chumarsáid agus tuiscint a bheith aige ar an tionchar atá ag a phearsantacht agus a dhearcadh féin faoi nithe éagsúla ar a chuid foghlama (*savoir être*); tuiscint ar conas foghlaim go héifeachtach (*savoir apprendre*). Déantar iarracht sna siollabais don chéad agus don dara bliain na ceithre *savoir* seo a fhorbairt – sa tábla thíos léireofar cad atá i gceist leo.

Nóta: Níl sa cholún ar dheis ach samplaí / moltaí faoi na cineálacha rudaí a luaitear leis na ceithre *savoir* sa FTCE agus iad curtha in oiriúint don Ghaeilge go ginearálta – tá samplaí níos mine dírithe ar chás na siollabas seo agus ar chás an mhic léinn tríú leibhéal tugtha sna cáipéisí a chuireann síos ar thopaicí an tsiollabais.

Inniúlacht	Samplaí maidir le múineadh na Gaeilge
1. <i>Savoir</i> Eolas fógrach Eolas nua faoin saol, i dtéarmaí na háite ina labhraítear an dara teanga, a bheidh ag teastáil ón bhfoghlaimeoir le linn dó a bheith ag foghlaim na teanga. Eolas soch-chultúrtha Eolas faoi shochaí agus faoi chultúr phobal na teanga.	Samplaí Eolas fíorasach faoin áit ina labhraítear an teanga: • eolas faoin nGaeltacht • eolas faoi mhuintir na Gaeltachta • eolas faoi phobal na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht • eolas faoi chomhthéacsanna tábhachtacha maidir le stair, polaitíocht agus tíreolaíocht (logainmneacha, ainmneacha agus sloinnte, an Caighdeán Oifigiúil srl.) Samplaí • an caidreamh idir glúinte (an tábhacht a bhaineann le ginealaigh sa Ghaeltacht, an cheist <i>Cé leis thú?</i>, mar shampla). • an caidreamh idir an pobal agus an stát (an tAcht Teanga – comhthéacs agus stair an Achta, eolas faoin Acht féin, impleachtaí an Achta). • traidisiún agus athruithe sóisialta (stair na teanga agus an teanga sa saol comhaimseartha). • ócáidí agus pearsana tábhachtacha (scríbhneoirí, filí, an tOireachtas). • mionlaigh (an Ghaeilge mar mhionteanga agus muintir na Gaeltachta mar mhionlach – comhthéacs idirnáisiúnta agus comhthéacs Gaeltachta, pobail eile ar mionlaigh iad i.e. scríbhneoirí/filí Gaeilge, eachtrannaigh ag foghlaim na Gaeilge). • institiúidí (áit na Gaeilge sa Rialtas, eagraíochtaí agus institiúidí a bhfuil baint acu leis an teanga – Gaelscoileanna, naíonraí, ollscolaíocht Ghaeilge srl.). • polaitíocht (an tábhacht a bhaineann le tacaíocht rialtais don dátheangachas, straitéis an rialtais i leith na Gaeilge). • greann (seanfhocail, tomhais, rabhlóga, an bhfuil sé deacair greann a thuiscint i dteanga eile? an bhfuil rudaí áirithe greannmhara ann nach féidir a aistriú?).

Feasacht Idirchultúrtha ‘...the relation between...the ‘world of origin’ and the ‘world of the target community’...an awareness of how each community appears from the perspective of the other, often in the form of national stereotypes’ (FTCE, Caibidil 5).	• na healaíona (litríocht, amhráin, ceol, rince). • gnásanna sóisialta, deasghnátha. • féilte (an tOireachtas, mar shampla). Samplaí • Cad é an dearcadh a bhíonn ann i leith cainteoirí Gaeilge? • Cad iad na réamhthuaisirí atá ann? • Cad é an dearcadh a bhíonn ag pobal na Gaeltachta ar phobal na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht? • Gaeilge na Gaeltachta v. Gaeilge ‘na leabhar’. • Na canúintí agus dearcadh chainteoirí dúchais ar an gCaighdeán Oifigiúil. • An dearcadh atá ag cainteoirí dúchais ar théarmaíocht oifigiúil, ar aistriúcháin. • Scríobh agus litearthacht na Gaeilge sa Ghaeltacht.
2. Savoir Faire Eolas praiticiúil a bhaineann le scileanna sóisialta, scileanna maireachtála, scileanna gairme agus proifisiúnta agus scileanna chun páirt a ghlacadh in imeachtaí sóisialta.	Scileanna gairme agus proifisiúnta: Samplaí • aiste a scríobh • cur i láthair a dhéanamh • léirmheas a dhéanamh • eolas a chuardach i leabhar tagartha • dul i gcomhar le daoine eile chun tasc a dhéanamh
3. Savoir Être Inniúlacht eisíoch a chabhródh leis an bhfoghlaimeoir ról éifeachtach a bheith aige sa chumarsáid agus tuiscint a bheith aige ar an tionchar atá ag a phearsantacht agus a dhearcadh féin faoi nithe éagsúla ar a chuid foghlama.	Samplaí • Cén t-inspreagadh atá ag an bhfoghlaimeoir? • Cén stíl chognaíoch atá aige? • Cad iad na tréithe pearsantachta atá aige a chabhródh leis i bhfoghlaime teanga? • Cé chomh hoscailte is atá sé do chultúr/daoine/taithí/smaointe nua? • Cén dearcadh atá aige i leith difríochtaí cultúrtha?

4. <i>Savoir Apprendre</i> Bheith ábalta an teanga atá á foghlaim a úsáid. • Feasacht teanga agus cumarsáide • Scileanna staidéir • Scileanna heorastúla	Samplaí • Bheith ábalta an teanga a fhoghlaimítear a úsáid. • Bheith ábalta úsáid a bhaint as áiseanna d'fhoghlaim fhéinriartha. • Bheith ábalta comhoibriú go héifeachtach in obair ghrúpa agus bheirte. • Bheith ábalta eolas nua a aimsiú agus a thuiscint (leabhair thagartha, mar shampla). • Bheith ábalta úsáid a bhaint as an teicneolaíocht nua. • Tuiscint a bheith agat ar do chuid láidreachtaí agus laigí féin mar fhoghlaimeoir teanga. • Bheith ábalta spriocanna agus riachtanais a aithint. • Bheith ábalta úsáid a bhaint as na straitéisí cuí chun na spriocanna sin a bhaint amach. • Bheith ábalta déileáil le taithí nua (teanga nua, daoine nua, slite nua chun tú féin a iompar).
---	---

2. Inniúlachtaí Cumarsáideacha

Chun críche na cumarsáide téann an foghlaimeoir i muintinn a chuid inniúlachtaí ginearálta mar atá luaite thuas, chomh maith le hinniúlachtaí eile cumarsáideacha a bhaineann níos dlúithe le cúrsaí teanga. Rangáítear na hinniúlachtaí cumarsáideacha seo i dtrí chatagóir sa FTCE:

- inniúlachtaí teangeolaíocha
- inniúlachtaí sochtheangeolaíocha
- inniúlachtaí pragmatacha

Táthar ag moladh sna siollabais seo na hinniúlachtaí seo a fhorbairt i gcomhthéacs obair ranga atá bunaithe ar thopaicí an tsiollabais, ar riachtanais na mac léinn agus ar ábhair spéise na mac léinn.

Inniúlachtaí Teangeolaíocha

Déantar idirdhealú anseo sa FTCE idir inniúlacht léacsach, inniúlacht ghramadaí, inniúlacht shéimeantach, inniúlacht fhóineolaíoch, inniúlacht ortagrafach agus inniúlacht orta-eipeach (na scileanna a bhíonn ag teastáil chun téacs a léamh os ard). Is pointe sonrach é gur mar chuid den inniúlacht chumarsáideach a luaitear an ghramadach sa FTCE. Is i gcomhthéacs agus chun críche na cumarsáide (labhairt agus scríobh) a phléifear léi sna siollabais, mar sin. Cuirfear béim **ar an bhfoghraíocht** agus ar fhorbairt agus **leathnú stór focal** agus nathanna cainte chomh maith.

Inniúlachtaí Sochtheangeolaíocha

Tá na hinniúlachtaí seo cosúil leis na hinniúlachtaí soch-chultúrtha a luadh thuas ach iad níos baintí leis an teanga féin.

Samplaí:

- ag déileáil le teideal duine
- ag tógáil sealanna i gcomhrá
- mallachtaí agus eascainí
- conas diúltú do rud
- béasa
- ceartúsáid seanfhocal agus cora cainte
- difríochtaí réime sa teanga: foirmiúil, neodrach, pearsanta, neamhfhoirmiúil
- canúint
- tuin chainte

Is minic teagascóirí ag cáiseamh easpa tuisceana i measc na mac léinn ar chomhthéacs úsáid na teanga ('haigh, a Ollaimh', 'tabhair dom síneadh ama do m'aiste', 'tá sceitimíní áthais orm', 'tá mé ar mhuin na muice' srl). Tá sé mar aidhm sna siollabais seo go gceanglófaí obair ar struchtúir na teanga le *comhthéacs*, le *hoiriúnacht*, le *suímh réalalaíocha* a chuirfidh ar chumas na mac léinn a bheith líofa, cruinn agus nádúrtha san úsáid a bhainfidh siad as an teanga. Seachas díriú ar an ngramadach lom amháin, mar sin, moltar aon obair ar struchtúir na teanga nó ar an ngramadach a cheangal le comhthéacs níos leithne.

Inniúlachtaí Pragmatacha

Seo na prionsabail faoina ndéantar teachtaireachtaí a eagrú agus a struchtúru. Bheadh impleachtaí ag na hinniúlachtaí seo do mhic léinn i scríobh aistí, i ndéanamh cur i láthair agus i nglacadh páirte i ndíospóireachtaí, cuir i gcás.

Samplaí:

- Eolas faoi conas abairtí a chur le chéile chun píosaí fada teanga a chur ar fáil.
- Conas go leor a rá ach gan an iomarca a rá.
- Conas an méid atá á rá agat a bheith bainteach le hábhar.
- Conas nithe nach bhfuil ábhartha a sheachaint.
- Conas an stíl cheart a roghnú (bheith soiléir agus débhríocht a sheachaint, mar shampla).
- Tuiscint a chothú ar conas téacs a leagan amach, conas scéal a insint, conas eolas a struchtúrú.
- Bheith solúbtha i suímh éagsúla – go mbeadh na mic léinn ábalta an méid atá le rá acu a chur in oiriúint don chomhthéacs.

Tá sé i gceist go mbeadh na hinniúlachtaí go léir, idir inniúlachtaí ginearálta agus inniúlachtaí cumarsáideacha fite fuaite le chéile sa teagasc. **Cur chuige comhtháite** atáthar a mholadh sa seomra ranga nuair atá topaicí na siollabas á láimhseáil.

Impleachtaí don seomra ranga:

Savoir:

Eolas le tabhairt faoin nGaeltacht agus tuiscint le cothú ar an nGaeltacht mar áit, ar mhuintir na Gaeltachta agus ar phobal na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht; machnamh le déanamh ar na réamhthuaisirí agus na míthuiscintí atá ann faoin gcultúr agus faoin teanga (féach ‘Plé i gComhthéacs’).

Savoir Faire:

Béim le cur ar chumasú na mac léinn chun déileáil lena gcúrsa léinn – aiste a scríobh, cur i láthair a dhéanamh, léirmheas a dhéanamh, eolas a chuardach i leabhar tagartha, dul i gcomhar le daoine eile chun tasc a dhéanamh srl. (féach ‘Fillteán Foghlama’).

Savoir Être:

Tuiscint le cothú ar cad iad na tréithe agus scileanna atá cabhrach agus tú ag foghlaim teanga. Na mic léinn a spreagadh le machnamh orthu féin mar fhoghlaimoirí agus an machnamh sin a úsáid chun spriocanna a leagan amach agus anailís a dhéanamh ar dhul chun cinn. Cabhrú leis na mic léinn a gcuid riachtanas pearsanta féin a aithint agus a gcuid foghlama agus staidéir a phleanáil dá réir (féach ‘Fillteán Foghlama’).

Savoir Apprendre:

Béim a chur ar cheartúsáid áiseanna mar leabhair thagartha, leabhair ghramadaí, fhoclóirí; na mic léinn a chumasú chun an úsáid chuí a bhaint as an teicneolaíocht

nua-aimseartha chun cur lena gcuid eolais faoin teanga agus chun cur lena scileanna cumarsáide (féach ‘Scileanna Foghlama’).

Inniúlachtaí teangeolaíocha, sochtheangeolaíocha agus pragmatacha:

Cabhrú leis na mic léinn na hinniúlachtaí seo a fhorbairt trí théacsanna (idir théacsanna éisteachta, físe agus léitheoireachta) agus trí thascanna cumarsáideacha bunaithe ar na téacsanna sin (féach ‘Scileanna Teanga sa Seomra Ranga’).

Moltaí faoi chur i bhfeidhm shiollabas an dara bliain

Tá béim láidir le cur ar choincheap an úsáideora neamhspleáigh sa siollabas seo – go ndéantar na mic léinn a chumasú chun a bheith neamhspleách ina gcuid foghlama agus freagracht a ghlacadh as an dul chun cinn atá le déanamh acu. Moltar do theagascóirí a bheidh ag plé leis an siollabas seo an spreagadh agus an cumasú seo chun dul i dtreo na foghlama neamhspleáiche a bheith mar bhunchloch acu.

- Moltar gur **seisiún dhúbailte** teagaisc a bheadh i gceist, chun seans a thabhairt do na mic léinn an tairbhe is fearr a bhaint as an gcur chuige comhtháite.
- Moltar dhá sheisiún dhúbailte a chaitheamh le gach ceann de na deich dtopaic –sin fiche rang **dhá uair an chloig** (ceithre uair an chloig ag forbairt gach topaice).
- Moltar, más féidir, go mbeadh an teagascóir céanna ann do gach seisiún ar mhaithe le leanúnachas agus chun aiseolas rialta a chur ar fáil do mhic léinn.
- Moltar go mbeadh tréimhse le caitheamh sa Ghaeltacht ag mic léinn agus go mbeadh anailís le déanamh acu ar na tuiscintí agus ar an eolas nua a shealbhóidh siad sa tréimhse sin.
- Nuair atá ábhar teagaisc á dhearadh don siollabas moltar úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí cumarsáideacha réalaíocha a spreagann an chumarsáid, agus a chuireann struchtúir na teanga i láthair na mac léinn i slí a dhéanann cúram d'úsáid nádúrtha na teanga.
- Moltar go dtógfai mianta na mac léinn san áireamh i roghnú ábhar teagaisc agus i gcruthú tascanna don seomra ranga – go dtabharfaí saoirse áirithe dóibh téacsanna agus ábhar ranga a roghnú iad féin, saghsanna áirithe cleachtaí a roghnú agus a roghanna féin a dhéanamh faoi obair bhreise lasmuigh den seomra ranga.
- Moltar go mbeadh réimse leathan téacsanna agus tascanna á gcur faoi bhráid na mac léinn – idir théacsanna éisteachta, fise agus léitheoireachta.
- Moltar go dtabharfadh teagascóirí tascanna rialta obair bhaile atá bunaithe ar thopaicí an tsiollabais do mhic léinn.
- Moltar go gcuirfi aiseolas rialta éifeachtach ar fáil do mhic léinn chun na fadhbanna atá acu leis an teanga scríofa agus labhartha (fadhbanna foghraíochta ina measc) a chur ar a súile dóibh agus iad a chur i dtreo an fhéincheartaithe.
- Moltar go mbainfi leas lárnach as an teicneolaíocht nua sa seomra ranga agus sna tascanna neamhspleácha chun spriocanna an tsiollabais a chur i gcrích.
- Maidir le hinniúlachtaí teangeolaíocha na mac léinn a fhorbairt, moltar go mbeadh na nithe seo a leanas i gceist in obair ranga: (i) tuiscint dhomhain a fhorbairt ar na struchtúir sin sa teanga atá riachtanach chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh sa chaint agus sa scríobh; (ii) béim a chur ar leathnú

stór focal agus nathanna cainte; (iii) béim a chur ar fhoghraíocht agus na fadhbanna is coitianta ó thaobh na foghraíochta de a fheabhsú; (iv) an tuiscint atá ag na mic léinn ar na canúintí éagsúla sa Ghaeilge a leathnú; (v) mic léinn a chumasú chun a bheith ábalta déileáil le réimeanna éagsúla sa teanga; (vi) na scileanna éagsúla teanga (labhairt, éisteacht, léamh, scríobh) a fhorbairt i slite a chumasóidh na mic léinn chun déileáil go héifeachtach lena gcúrsa léinn.

- Moltar go dtarraingeofaí aird na mac léinn go leanúnach agus go ciorclach ar struchtúir na teanga, go mór mór na struchtúir bhunúsacha sin a mbíonn deacrachtaí acu leo (féach Aguisín 2 sa cháipéis ‘Torthaí Foghlama’).
- Moltar go dtarraingeofaí aird na mac léinn go leanúnach ar an gcomhthéacs ina bhfuil siad ag foghlaim – tá béim ar leith le cur ar thuiscintí cultúrtha agus sochtheangeolaíocha – **ní mar léachtaí nó mar sheisiúin eolais ach mar nithe a dtarraingeofaí aird orthu i gcomhthéacs na dtéacsanna ranga.**
- Moltar béim a chur ar an bpróiseas foghlama chomh maith leis na spriocanna foghlama féin: cuirtear béim sa siollabas ar scileanna foghlama praiticiúla agus ar straitéisí foghlama i.e. cabhrú leis na mic léinn na straitéisí is fearr a oireann dóibh a aithint agus forbairt a dhéanamh orthu i slí a rachaidh chun tairbhe dóibh ina gcuid foghlama i gcomhthéacs Ollscoile.
- Moltar úsáid a bhaint as cur chuige comhtháite sa seomra ranga i.e. go mbeadh na hinniúlachtaí agus na scileanna ar fad fite fuaite le chéile.
- Moltar go ndéanfaí gach deis a thapú le huaireanta breise teagmhála foirmiúla leis an teanga a chruthú do na mic léinn trí sheisiúin fhéinrochtana teanglainne, seisiúin chainte nó seisiúin foghlama ríomhchuidithe a chur ar fáil timpeall ar thopaicí an tsiollabais.
- Moltar go mbeadh oiliúint ar theagascóirí agus córas measúnaithe atá bunaithe ar thorthaí foghlama an tsiollabais mar dhlúthchuid de chur i bhfeidhm an tsiollabais.
- Maidir leis na téipscripteanna a ghabhann leis an ábhar samplach, cloíodh le canúint an chainteora sa trasríobh oiread agus ab fhéidir. Moltar do theagascóirí gan an téipscript a scaipeadh ar na mic léinn go dtí go mbeadh na tascanna éisteachta curtha i gcrích acu.

Torthaí Foghlama



Is treisiú agus forbairt ar an méid a rabhthas ag súil leis ón mac léinn sa chéad bhliain atá i gceist sa dara bliain. Beifear ag súil le cumas anailíse níos doimhne; cumas plé le téacsanna clóite agus éisteachta níos dúshlánaí agus níos faide; cumas déileáil le raon níos leithne ábhar, seánraí agus réimeanna teanga; agus leibhéal níos airde cruinnis teanga agus feasachta cultúrtha sa chumarsáid trí chéile. Táthar ag súil le forbairt ar na scileanna foghlama go ginearálta agus an mac léinn ag dul i dtreo an neamhspleáchais maidir lena chuid foghlama féin.

Feictear an dúshlán breise sna tascanna a ghabhann leis an ábhar samplach don dara bliain, agus tabharfar faoi deara go n-éilítear scileanna agus tuiscintí níos forbartha freisin chun na tascanna san Fhillteán Foghlama a chur i gcrích.

Torthaí Foghlama Réamhrá

Is ar leibhéal B2 den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach atá na torthaí foghlama don siollabas seo bunaithe, ach tá siad curtha in oiriúint do riachtanais foghlama an mhic léinn Ollscoile. Cuireadh an ilghnéitheacht atá ann maidir le cúlra foghlama, cúlra teangeolaíoch agus cúlra sochtheangeolaíoch na mac léinn san áireamh agus na torthaí foghlama á leagan amach.

Tá cuntas sa cháipéis seo ar an gcumas a bhfuiltear ag súil leis ón mac léinn sna scileanna teanga seo a leanas:

cruinneas gramadaí
stór focal
léamhthuiscint
cluastuiscint
scríbhneoireacht
caint
foghraíocht
oiriúnacht shochtheangeolaíoch

Tá cur síos ar na scileanna seo faoi dhá cheannteideal: (i) torthaí foghlama ginearálta do na trí bliana; (ii) torthaí foghlama do dheireadh an dara bliain. Tá sainiú déanta ar riachtanais na mac léinn Gaeltachta i ngach scil chomh maith.

Torthaí foghlama ginearálta do na trí bliana

Déantar cur síos anseo ar an gcaighdeán ginearálta a bhfuiltear ag súil leis sna scileanna éagsúla teanga ó mhac léinn atá ar tí céim a bhaint amach sa teanga. Ráiteas ginearálta atá anseo faoin *íosmhéid* cumais ba cheart don mhac léinn a léiriú i ngach scil. Is faoi na hinstiúidí a bheidh sé táscairí grád dá gcuid scrúduithe féin a bhunú ar na torthaí foghlama.

Anuas ar an méid a luaitear faoin gceannteideal seo, tá sé tábhachtach béim a chur ar an bpointe go mbeifear ag súil leis go mbeidh ar chumas an mhic léinn feidhmiú go gairmiúil trí mheán na Gaeilge ag deireadh na tríú bliana (i gcás an mhic léinn a bhfuil B. Oid. idir lámha aige gur inniúlacht múinteora a bheidh sroichte aige, agus i gcás mac léinn eile go mbeidh an leibhéal teanga aige a bheadh ag teastáil don chonair ghairmiúil atá roghnaithe aige, mar shampla: do phost i réimsí d'earnáil na Gaeilge ar nós na hiriseoireachta agus an riaracháin).

Torthaí foghlama do dheireadh an dara bliain

Is treisiú agus forbairt ar an méid a rabhthas ag súil leis ón mac léinn sa chéad bhliain atá i gceist sa dara bliain. Beifear ag súil le cumas anailíse níos doimhne; cumas plé le téacsanna clóite agus éisteachta níos dúshlánaí agus níos faide; cumas déileáil le raon níos leithne ábhar, seánraí agus réimeanna teanga; agus leibhéal níos airde cruinnis teanga agus feasachta cultúrtha sa chumarsáid trí chéile. Táthar ag súil le forbairt ar na scileanna foghlama go ginearálta agus an mac léinn ag dul i dtreo an neamhspleáchais maidir lena chuid foghlama féin. Feictear an dúshlán breise sna tascanna a ghabhann leis an ábhar samplach don dara bliain, agus tabharfar faoi deara go n-éilítear scileanna agus tuiscintí níos forbartha freisin chun na tascanna san Fhillteán Foghlama a chur i gcrích.

Déantar cur síos mion ar an gcaighdeán a bhfuiltear ag súil leis sna scileanna éagsúla teanga ó mhac léinn a bhfuil an dara bliain déanta aige. Is *íosmhéid* teanga atá i gceist agus caithfidh mac léinn na torthaí foghlama sin a bhaint amach go sásúil má tá sé le pas a fháil. Ar ndóigh, éireoidh níos fearr le mic léinn áirithe thar a chéile i mbaint amach na dtorthaí foghlama sin, rud a bheidh le feiceáil sna gráid (pas, 2:2, 2:1, céad onóracha) atá in úsáid faoi láthair sna coláistí ar fad. Is faoi na hinstitiúidí a bheidh sé táscairí grád dá gcuid scrúduithe féin a bhunú ar na torthaí foghlama.

Riachtanais an mhic léinn Gaeltachta

Is iad na critéir mheasúnaithe chéanna atá sa siollabas seo do gach mac léinn, is cuma cén cúlra teanga, cúlra foghlama agus cúlra sochtheangeolaíoch atá aige. Mar sin féin, táthar ag glacadh leis go bhfuil túsphointe difriúil ag an mac léinn Gaeltachta, agus toisc sin go bhfuil riachtanais dhifriúla *teagasc* i gcuid de na scileanna teanga ag an mac léinn seo – ní bheadh an bhéim chéanna le cur ar líofacht leis an mac léinn sin, cuir i gcás, agus seans go mbeadh riachtanais dhifriúla aige maidir le scríbhneoireacht agus le gramadach. Tá sé tábhachtach, mar sin féin, go léireodh an mac léinn Gaeltachta cumas sna scileanna *go léir* atá luaite sa siollabas seo seachas *líofacht* chainte agus *líofacht* scríbhneoireachta amháin. Tá na spriocanna céanna le baint amach ag an mac léinn Gaeltachta, mar sin, ach toisc nach mbeidh na spriocanna sin á sroicheadh aige sa tslí chéanna is a shroichfeadh mac léinn eile iad, déantar cur síos ar leith ar nithe atá le cur san áireamh agus mac léinn Gaeltachta ag leanúint an tsiollabais seo. Toisc nach bhfuil breithiúnas difriúil le tabhairt ar an mac léinn Gaeltachta sa mheasúnú a dhéanfar ar na torthaí foghlama, baineann an cur síos seo leis an *teagasc* agus leis na pointí difríochta atá idir an mac léinn seo agus mac léinn a bhfuil túsphointe difriúil aige.

Maidir leis na riachtanais atá ag mic léinn Gaeltachta, is féidir na pointí a luaitear sna torthaí foghlama a achoimriú mar seo a leanas:

1. An difear idir an teanga scríofa agus an teanga labhartha.
2. Eolas ar chanúintí eile seachas a chanúint féin.
3. Forbairt ar stór focal i réimsí comhaimseartha.

4. Forbairt ar stór focal i réimsí lasmuigh den fhearann pearsanta.
5. Forbairt ar an gcumas déileáil le réimeanna teanga, go mór mór sa scríbhneoireacht.
6. Tuiscint ar an teanga mar chóras a bhfuil rialacha agus patrúin ag baint leis.

Measúnú

Is faoin institiúid féin atá sé an córas measúnaithe atá in úsáid san institiúid sin a chur in oiriúint do na torthaí foghlama sa cháipéis seo. Tá measúnacht leanúnach agus measúnacht deireadh cúrsa i gceist anseo. Nuair atá tascanna measúnaithe á ndearadh, moltar smaoineamh ar shainriachtanais na mac léinn i.e. mic léinn a bhfuil inniúlacht múinteora le baint amach acu, mic léinn a bhfuil an Ghaeilge idir lámha acu mar chuid de chúrsa dlí, mic léinn a bhfuil cúlra Gaeltachta acu srl.

Moltar measúnú a dhéanamh ar na ceithre scileanna – léamhthuiscint, cluastuiscint, scríbhneoireacht agus labhairt. Tá sé tábhachtach, sula ndéanfaí aon tascanna measúnaithe a dhearadh, go ndéanfaí machnamh ar cad go díreach atáthar ag iarraidh a thástáil. Mar shampla, sa léamhthuiscint an bhfuiltear ag iarraidh tástáil a dhéanamh ar chumas na mac léinn sracléamh, sruthléamh nó grinnléamh a dhéanamh ar théacsanna? Sa scríbhneoireacht, an gá cur leis na cineálacha tascanna a úsáidtear go traidisiúnta (an aiste, mar shampla) chun gur fearr a bheifear in ann breithiúnas a thabhairt ar ghnéithe tábhachtacha mar seo a leanas: úsáid cheart réime agus ábaltacht na mac léinn na gnásanna a bhaineann le seánraí éagsúla scríbhneoireachta a úsáid. Moltar, mar sin, go ndéanfaí réimse leathan tascanna agus ceisteanna a chumadh a thabharfaidh an deis do na hinstitiúidí na foscileanna éagsúla atá leagtha amach sa siollabas seo a thástáil agus a thugann an deis do mhic léinn an cumas atá acu a léiriú.

Maidir leis an scrúdú cainte, moltar cur le raon na dtascanna a úsáidtear le breithiúnas a thabhairt ar chumas an mhic léinn. D'fhéadfaí, mar shampla, úsáid a bhaint as rólghníomhaíochtaí chun breithiúnas a thabhairt ar chumas an mhic léinn páirt a ghlacadh i gcomhrá, tuairimí a nochtadh agus a chosaint, seal a ghlacadh, cur isteach ar chuid cainte duine eile ar bhealach béasach srl. Tá féidearthachtaí eile ag baint le tascanna bunaithe ar ailt, míreanna físe, pictiúir srl. Moltar leas a bhaint as an bhFillteán Foghlama sa scrúdú cainte chomh maith. Tugann an scrúdú cainte deis dúinn labhairt le mic léinn faoin bpróiseas oibre a bhí i gceist agus iad i mbun na dtascanna don Fhillteán. Mar shampla, d'fhéadfaí plé a dhéanamh leis an mac léinn faoin gcur chuige a bhí aige agus é i mbun ceann de na tascanna, na foinsí ab úsáidí agus faoin gcaoi a ndeachaigh sé i ngleic le cibé dúshlán a tháinig chun cinn agus é i mbun an taisce.

Nuair a bhíonn cinneadh déanta faoi na scileanna atá le tástáil, agus faoi thascanna oiriúnacha chun an tástáil sin a dhéanamh, tá sé tábhachtach córais chuimsitheacha mharcála a leagan amach don mheasúnacht sa scríbhneoireacht agus sa labhairt. Mar shampla, sa scrúdú cainte beidh cinneadh le déanamh an ar smacht gramadaí

amháin a chuirfear an bhéim nó ar cheart díriú ar líofacht, tuiscint, réimse stór focal, foghraíocht agus straitéisí cumarsáide chomh maith. Beidh gnéithe ar nós stór focal, leagan amach, réim srl. le cur san áireamh agus breithiúnas á thabhairt ar thascanna scríbhneoireachta.

Is de réir a chéile a mholtar athruithe a dhéanamh ar cibé córais mheasúnachta atá i bhfeidhm sna hinstiúidí faoi láthair. Is cinnte go dtógfaidh sé am chun barr feabhais a chur ar aon chur chuige nua ach tá sé fíorthábhachtach gur léir do theagascóirí agus do mhic léinn go bhfuil ceangal soiléir idir na torthaí foghlama atá leagtha amach sa cháipéis seo agus an córas measúnachta.

1. Cruinneas Gramadaí

Torthaí foghlama do na trí bliana

Léireoidh an mac léinn leibhéal ard cruinnis ina chuid cainte agus ina chuid scríbhneoireachta agus tuiscint dhomhain ar struchtúir na teanga. Beidh smacht leanúnach aige ar na struchtúir sin, agus cé go mbeidh mionearráidí fós á ndéanamh ní chuirfidh siad as don chaint ná don scríobh agus ní tharlóidh siad ar bhonn rialta. Is annamh a dhéanfaidh an mac léinn earráid bhunúsach a chuirfidh an teanga as a riocht.

Torthaí foghlama do dheireadh an dara bliain

Déanfar daingniú agus treisiú ar an tuiscint a shealbhaigh an mac léinn sa chéad bhliain maidir le struchtúir na teanga.

- Beidh tuiscint réasúnta ag an mac léinn ar struchtúir na teanga agus ar an ngaol atá ag patrúin éagsúla lena chéile. Beidh sé ábalta tarraingt ar an tuiscint seo chun struchtúir chruinne a chur ar fáil go réasúnta leanúnach ina chuid scríbhneoireachta, cé nach mbeidh an smacht céanna fós á léiriú sa chaint.
- Beidh feacht mhaith ag an mac léinn faoin gcomhthéacs a bhaineann leis na bunstruchtúir theanga atá liostaithe leis an gcáipéis seo. Ní dhéanfaidh sé earráidí *rialta* sna struchtúir sin agus léireoidh sé go bhfuil cúram ar leith déanta aige díobh. Tarlóidh na hearráidí comónta fós ar uairibh ('sa dara bhliain', 'tá mé i mo gcónaí', 'sé bhliain' srl.) ach ní dhéanfar iad *ar bhonn rialta*.
- Beidh tionchar na máthairtheanga ar chaint agus ar scríbhneoireacht an mhic léinn ag laghdú. Ní chuirfidh earráidí gramadaí isteach ar thuiscint agus ní chuirfidh siad an teanga as a riocht sa chaint ná sa scríobh.
- Beidh an mac léinn ábalta cruinneas réasúnta a léiriú i gcomhthéacsanna lasmuigh de thopaicí an tsiollabais (seachas topaicí an tsiollabais amháin mar a bhí i gceist sa chéad bhliain).
- Beidh an mac léinn muiníneach cumasach ag déileáil le téarmaíocht na gramadaí agus i gcuardach eolais i bhfoinsí tagartha cuí, cé go mbeidh deacrachtaí aige fós ag cuardach eolais faoi struchtúir chasta (an mhír choibhneasta, mar shampla).
- Beidh tuiscint mhaith ag an mac léinn ar na hearráidí is coitianta a dhéanann sé agus beidh straitéisí aige chun na hearráidí sin a sheachaint ar bhonn níos rialta. Nuair a cheartófar earráid ina chuid cainte nó ina chuid scríbhneoireachta beidh sé ábalta, le treoir ón teagascóir, comhthéacs na hearráide sin a thuiscint agus an ceartúchán a chur i bhfeidhm (cé go mbeidh sé níos éasca air é a dhéanamh sa scríobh ná sa chaint).

An mac léinn Gaeltachta

Is riachtanais a chaithfear a chur san áireamh **sa teagasc seachas sa chóras measúnaithe** iad na pointí thíos.

Beifear ag súil leis an gcruinneas céanna gramadaí ón mac léinn Gaeltachta sa chaint agus sa scríobh, agus mar sin, leis an tuiscint chéanna ar na struchtúir ghramadaí atá leis an siollabas seo. Léireoidh an mac léinn Gaeltachta go bhfuil sé muiníneach agus é **ag plé lena theanga dhúchais mar chóras a bhfuil rialacha agus patrúin ag baint leis.**

Tiocfaidh forbairt ar thuiscint an mhic léinn Ghaeltachta ar cad is earráid ghramadaí ann seachas leagan canúnach ('cad a raibh sí ag déanamh?' – earráid; 'trí mbliana' – sa chanúint i gCúige Mumhan). Beidh sé ag cur lena chuid eolais ar na difríochtaí idir an Caighdeán Oifigiúil agus a chanúint féin.

2. Stór Focal

Torthaí foghlama do na trí bliana

- Beidh réimse leathan stór focal agus saibhreas cainte ag an mac léinn chun labhairt agus scríobh go líofa agus go muiníneach faoi thopaicí a bhaineann leis an siollabas agus faoi fhormhór na dtopaicí a thiocfadh chun cinn sa chaint laethúil. Beidh an mac léinn ar a chompord agus é ag labhairt/scríobh faoi thopaicí a bhaineann leis an bhfearann oideachais chomh maith – teanga na litríochta, na léirmheastóireachta, na critice, nó sainréimse a chúrsa léinn. Ní bheifear ag súil, más ea, le sainstór focal i réimsí lasmuigh de thaithí an mhic léinn.
- Léireoidh an mac léinn leithne agus saibhreas stór focal a chuirfidh ar a chumas athrá rialta a sheachaint.
- Léireoidh an mac léinn tuiscint ar cheartúsáid nathanna cainte agus cora cainte.

Torthaí foghlama do dheireadh an dara bliain

Leanfar ar aghaidh leis an mbéim a bhí sa chéad bhliain ar leathnú agus saibhriú stór focal, rud a chuirfidh ar chumas an mhic léinn éagsúlacht áirithe a léiriú agus dul lasmuigh d'fhoirmlí simplí teanga sa chaint agus sa scríobh. Beidh solúbthacht áirithe le brath ar chaint agus ar scríobh an mhic léinn de bharr fairsinge stór focal (cé go mbeidh bearnaí áirithe san fhoclóir ó am go ham).

- Beidh fairsinge agus leithne stór focal ag an mac léinn chun é féin a chur in iúl go saoráideach i réimsí a bhaineann lena shaol féin, le topaicí an tsiollabais agus le topaicí a thiocfaidh chun cinn sa chaint laethúil. Beidh béim ar leith sa dara bliain ar stór focal a bhaineann le fearann an oideachais agus na hacadúlachta (mar shampla teanga na litríochta, na léirmheastóireachta, na critice, nó sainréimsí eile a bhaineann lena chúrsa léinn). Beidh an mac léinn ar a chompord ag dul i ngleic le téacsanna léitheoireachta sna réimsí seo cé nach mbeidh an taithí chéanna aige ar an stór focal a úsáid ina chuid cainte/scríbhneoireachta féin.
- Ní bheifear ag súil go mbeidh sainstór focal fairsing ag an mac léinn i réimsí lasmuigh dá thaithí nó i bplé ar thopaicí casta neamhchoitianta, cé go léireoidh an mac léinn stór focal leathan agus saibhreas cainte i bhfearann an oideachais agus ina chúrsa léinn.
- Níor cheart go gcothódh stór focal sa chaint nádúrtha neamhfhoirmiúil deacrachtaí móra don mhac léinn, fiú más i gcanúint láidir a dhéantar an chaint sin. Ní bheifear ag súil go dtuigfeadh an mac léinn gach focal den chaint ach ní chuirfidh an chanúint bac air éirim na cainte a thabhairt leis.
- Tiocfaidh forbairt sa dara bliain ar chumas an mhic léinn leaganacha neamhghnácha, sainstór focal sna canúintí éagsúla agus leaganacha saibhreacha sa chaint choitianta a thuiscint.

- Cuirfidh fairsinge stór focal ar chumas an mhic léinn déileáil go réasúnta muiníneach le téacsanna ar an gcúrsa litríochta – beidh ar a chumas foinsí a cheadú agus taighde a dhéanamh nuair a bheidh bearnaí ina chuid tuisceana.
- Léireoidh an mac léinn tuiscint réasúnta ar an gcomhthéacs a bhaineann le húsáid focal i.e. focail atá níos oiriúnaí don fhearann pearsanta seachas aiste léinn ('tá sé ar meisce' seachas 'tá sé leagtha', mar shampla) agus beidh forbairt ag teacht ar a thuiscint ar an gceangal idir stór focal agus cúrsaí stíle ('pobal' v. 'sochaí'; 'todhchaí' v. 'amach anseo', mar shampla).
- Beidh an mac léinn ag éirí muiníneach agus é ag plé le greann, le himeartas focal agus le clisteacht stíle i dtéacsanna éisteachta agus léitheoireachta, cé nach mbeidh an mhuinín chéanna aige á n-úsáid fós.
- Beidh straitéisí ag an mac léinn chun dul i ngleic le haon bhearna ina chuid eolais maidir le stór focal agus beidh sé muiníneach go maith ag plé leis na príomhfhoinsí foclóireachta toisc taithí a bheith aige ar a n-úsáid.

An mac léinn Gaeltachta

Is riachtanais a chaithfear a chur san áireamh **sa teagasc** seachas **sa chóras measúnaithe** iad na pointí thíos.

- Beidh an mac léinn Gaeltachta ar a chompord á chur féin in iúl i **réimsí comhaimseartha**, agus cé go mbeidh bearnaí ina stór focal ar uairibh, beidh straitéisí aige chun déileáil leis an mbearna sin.
- Tiocfaidh forbairt ar stór focal an mhic léinn seo agus é ag plé le réimsí **lasmuigh den fhearann pearsanta**. Beidh sé ábalta é féin a chur in iúl sna réimsí seo go líofa, cumasach; is annamh a bheidh deacracht aige é féin a chur in iúl sa Ghaeilge fiú má bhíonn bearnaí áirithe ina stór focal.
- Ní bheidh mórán deacrachtaí ag an mac léinn caint nádúrtha a thuiscint i **gcanúintí** seachas a chanúint féin agus beidh sé muiníneach go leor chomh maith ag plé le **leaganacha caighdeánacha** nach bhfuil ina chanúint féin.

3. An Léamhthuiscint

Torthaí foghlama do na trí bliana

- Beidh an mac léinn ábalta léamh go neamhspleách agus stíl agus luas a chuid léitheoireachta a chur in oiriúint do théacsanna éagsúla agus d'aidhmeanna éagsúla léitheoireachta. Beidh stór focal leathan léitheoireachta aige ach d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith aige uaireanta le sainstór focal taobh amuigh de thopaicí an tsiollabais.
- Beidh an mac léinn ar a chompord ag plé le réimse leathan téacsanna bainteach le topaicí an tsiollabais agus leis an bhfearann oideachais agus tuigfidh sé éirim téacsanna lasmuigh dá réimse spéise/léinn, chomh fada is go bhfuil teacht aige ar fhoclóir.
- Beidh an mac léinn ábalta eolas/tuairimí a chuardach i sainfhoinsí a bhaineann leis an bhfearann oideachais (acmhainní na leabharlainne, cuir i gcás).

Torthaí foghlama do dheireadh an dara bliain

- Beidh an mac léinn ábalta léamh tuisceanach a dhéanamh ar théacs agus dul i ngleic le gnéithe éagsúla de théacsanna.
- Beidh tuiscint mhaith ag an mac léinn ar chúrsaí stíle agus beidh sé ábalta samplaí d'íoróin agus de ghreann a aithint, cé go gcothóidh cúrsaí stíle i dtéacsanna áirithe deacrachtaí fós.
- Ní bheidh stró mór ar an mac léinn téacsanna caighdeánacha a bhaineann le topaicí an tsiollabais a thuiscint agus beidh tuiscint shásúil aige ar réimse leathan téacsanna eile a d'fhéadfadh a theacht ina threo, chomh fada is nach saincháipéisí casta nó téacsanna le teanga neamhchoitianta neamhghnách atá iontu.
- Beidh an mac léinn ábalta déileáil le saghsanna éagsúla téacsanna (teoracha agus foinsí eolais faoina chúrsa léinn, iriseoireacht, scríbhneoireacht chruthaitheach, téacsanna ar an gcúrsa litríochta) agus cé nach mbeidh tuiscint iomlán aige ar gach cuid díobh beidh sé ábalta dul i muinín na bhfoinsí cuí chun cabhrú leis an téacs a thuiscint.
- Ní bheifear ag súil le tuiscint iomlán fós ar théacsanna litríochta ina bhfuil sainréim chasta teanga ná ar théacsanna ina bhfuil struchtúir chasta teanga. Beidh ar an mac léinn straitéisí ar leith a tharraingt chuige féin chun déileáil le dúshlán teanga a thiocfaidh chun cinn sna téacsanna seo.
- Beidh an mac léinn cumasach i mbun na sruthléitheoireachta agus na sracléitheoireachta (léamh chun tuairim ghinearálta a fháil faoin ábhar) chomh maith leis an ngrinnléitheoireacht (léamh chun mioneolas a fháil), agus beidh sé ábalta plé le téacsanna i slite éagsúla ag brath ar an aidhm atá aige: léamh chun tuairim ghinearálta a fháil faoin ábhar, léamh chun mioneolas áirithe a aimsiú, léamh chun seasamh nó tuairim an scríbhneora a fháil, léamh chun díriú ar an teanga atá sa téacs.

- Beidh an mac léinn ábalta tascanna éagsúla a dhéanamh bunaithe ar an léitheoireacht – achoimrí a dhéanamh ar théacsanna, na príomhphointí a aimsiú, eolas ar leith a fháil, anailís a dhéanamh ar an méid atá léite, dearcadh/tuairimí/seasamh ar leith a aithint agus nithe nach bhfuil ráite go díreach a thuiscint.
- Beidh feabhas ag teacht ar chumas an mhic léinn anailís a dhéanamh ar théacsanna. Beidh sé ábalta léamh níos mine a dhéanamh ar théacsanna chomh maith le príomhphointí a aithint, éirim ruda a thuiscint, smaointe/dearcadh a aithint, dul i ngleic le bearnaí sa tuiscint seachas díriú ar fhocail aonair.
- Cothóidh nithe áirithe deacrachtaí fós don mhac léinn: canúintí, stór focal lasmuigh dá réimse taithí, cora cainte neamhghnácha, stíleanna éagsúla i dtéacsanna áirithe, struchtúr casta.
- Beidh an mac léinn ábalta dul i ngleic go réasúnta cumasach le téacsanna canúnacha a thagann chun cinn ina chúrsa léinn (úrscéalta, drámaí, dánta srl.) Ní chothóidh siad deacrachtaí móra tuisceana dó chomh fada is gur féidir leis dul i muinín foclóra.
- Beidh an mac léinn muiníneach go leor ag dul i ngleic le foinsí atá riachtanach dá chúrsa léinn (foinsí sa leabharlann, foclóirí, leabhair ghramadaí, cuir i gcás).
- Beidh an mac léinn ábalta na straitéisí cuí a chur i bhfeidhm nuair nach dtuigeann sé píosáí den téacs.
- Beidh an mac léinn ag dul i dtaithí ar úsáid innéacsanna agus nithe eile a bhaineann le hobair acadúil ina chuid léitheoireachta.

An mac léinn Gaeltachta

Is riachtanais a chaithfear a chur san áireamh **sa teagasc** seachas **sa chóras measúnaithe** iad na pointí thíos.

Baineann na pointí thuas ar fad leis an mac léinn Gaeltachta chomh maith. Glacfar leis, áfach, go mbeidh tuiscint mhaith ag an mac léinn seo ar réimse níos leithne téacsanna agus nach mbeidh an stró céanna air ag léamh téacsanna canúnacha. Beidh tuiscint an-mhaith aige ar théacsanna atá scríofa ina chanúint féin – téacsanna a bheadh níos dúshlánaí do mhic léinn eile, b'fhéidir, (dráma nó agallamh beirte, cuir i gcás) agus beidh feabhas tagtha ar a chumas plé le téacsanna i gcanúintí eile. Beidh tuiscint mhaith aige chomh maith ar nithe mar ghreann, chlisteacht teanga, nithe caolchúiseacha sa teanga, imeartas focal. Beidh forbairt tagtha ar a chumas stór focal comhaimseartha, an nua-théarmaíocht agus an teanga chaighdeánach oifigiúil a aithint agus a úsáid. Beidh sé níos muiníní ag tuiscint réimeanna teanga agus stíleanna éagsúla teanga i dtéacsanna agus beidh forbairt tagtha ar a chumas léamh anailiseach a dhéanamh ar théacs dá réir.

4. An Scríbhneoireacht

Torthaí foghlama do na trí bliana

Faoi dheireadh na trí bliana beidh an mac léinn ábalta téacsanna soiléire, struchtúrtha a chur ar fáil a mbeidh cruinneas maith gramadaí agus líofacht teanga le sonrú orthu. Beidh solúbthacht ag baint lena chuid scríbhneoireachta, beidh an méid a scríobhann sé ceart ó thaobh réime de agus beidh ar a chumas athrá rialta a sheachaint. Beidh sé in ann a chuid féin a dhéanamh den eolas i bhfoinsí éagsúla agus tagairtí a dhéanamh do thuairimí agus do théacsanna daoine eile ar an modh atá inghlactha sa scríbhneoireacht acadúil (tuiscint ar an mbradaíl liteartha san áireamh).

Torthaí foghlama do dheireadh an dara bliain

- Beidh an mac léinn sa dara bliain ag éirí níos muiníní ag cur anailís thuisceanach a dhéanann sé ar théacsanna ar fáil i scríbhinn, cé nach mbeifear ag súil le hanailís dhomhain ar théacsanna casta.
- Beidh an mac léinn ábalta téacsanna soiléire le mionsonraí cruinne a chur ar fáil faoi rogha leathan ábhar bainteach le topaicí an tsiollabais, lena réimse spéise, leis an bhfearann oideachais agus le scéalta atá i mbéal an phobail.
- Beidh feabhas le sonrú ar chruinneas a chuid scríbhneoireachta agus beidh tuiscint níos fearr á léiriú ar struchtúir na teanga (mar shampla, an chopail sa chaint indíreach). Cuirfidh réimse níos leithne stór focal agus níos mó muiníne lena chumas athrá rialta a sheachaint.
- Beidh cumas áirithe ag an mac léinn tuairimí a chur in iúl faoi thopaicí casta.
- Beidh an mac léinn ábalta dréachtaí scríbhneoireachta a chur ar fáil a bhfuil ciall agus loighic leo agus beidh sé ábalta riachtanais an léitheora a chur san áireamh ar bhealach níos cumasaí agus é ag scríobh.
- Beidh an mac léinn ábalta struchtúr maith loighciúil a chur ar phíos scríbhneoireachta – déileáil le príomhphointí agus fophointí; tús, lár agus deireadh a bheith ar théacs; pointí a eagrú san ord ceart; réamhrá agus conclúid éifeachtach a chur lena phíos scríbhneoireachta.
- Beidh an mac léinn ábalta téacs soléite a chur ar fáil atá leagtha amach go soiléir agus a bhfuil cruinneas sásúil le sonrú air maidir le litriú, sínte fada agus ceartúsáid comharthaí poncaíochta.
- Beidh an mac léinn ábalta tuairimí a chur in iúl go líofa cumasach faoi nithe a bhaineann le topaicí an tsiollabais, leis an bhfearann oideachais agus le scéalta atá i mbéal an phobail. Beidh cumas níos teoranta ag an mac léinn tuairimí maidir le hábhair imeallacha nó chasta a chur in iúl.
- Beidh an mac léinn ábalta forbairt a dhéanamh ar argóint, fáthanna a thabhairt le tacú nó easaontú le dearcadh ar leith agus buntáistí agus míbhuntáistí pointe ar leith a mhíniú ar bhealach sásúil.

- Beidh an mac léinn ábalta scéal a insint, a chuid pointí a fhorbairt agus tacú leo le samplaí agus le sonraí breise. Déanfar seo i slí atá oiriúnach don seánra agus don léitheoir (i réimsí a bhaineann le topaicí an tsiollabais).
- Beidh an mac léinn ábalta eolas agus argóintí ó fhoinsí éagsúla a mheas agus a shintéisiú. Beidh sé ábalta réimse leathan foinsí a chur san áireamh; foinsí atá níos faide agus níos casta ná téacsanna na chéad bhliana.
- Beidh an mac léinn ábalta gnásanna a bhaineann le seánraí éagsúla scríbhneoireachta a aithint. Beidh sé ábalta a chuid scríbhneoireachta a chur in oiriúint don léitheoir agus é ag scríobh, ag brath ar chuspóir a chuid scríbhneoireachta agus ar an seánra atá i gceist.
- Beidh tuiscint réasúnta maith ag an mac léinn ar conas an teanga chuí a roghnú don chomhthéacs – ní bheidh sé ag úsáid seanfhocal agus cora cainte sa chomhthéacs mícheart agus beidh sé ábalta an leibhéal ceart foirmiúlachta a aimsiú formhór an ama.
- Beidh tuiscint áirithe ag an mac léinn ar thionchar an Bhéarla ar a chuid scríbhneoireachta agus beidh tuiscint níos fearr aige ar cad is Béarlachas ann.
- Beidh tuiscint níos forbartha ag an mac léinn ar an mbradaíl liteartha: cad é an rud í, conas í a aithint agus conas í a sheachaint.
- Beidh an mac léinn ag dul i dtaithí ar na coinbhinsiúin a bhaineann leis an scríbhneoireacht acadúil i.e. tagairtí, leabharliostaí, athinsint, athfhriotal srl.

Cén cineál téacsanna?

Aiste / tuairisc

- Ábalta aiste / tuairisc a scríobh ina bhfuil forbairt á déanamh ar argóint.
- Beidh an fhorbairt a dhéanfar ar argóintí in aiste / tuairisc níos éifeachtaí sa dara bliain ná mar a bhí sa chéad bhliain agus beidh an mac léinn níos cumasaí ag plé le príomhpointí, fophointí, réamhrá, conclúid srl.

Léirmheas

- Ábalta léirmheas a scríobh ar leabhar, scannán, dráma.
- Beidh an mac léinn ábalta léirmheas níos tuisceanaí a dhéanamh ar théacsanna; tuairim a thabhairt faoi théacsanna níos faide agus níos casta agus a chuid smaointe faoin téacs a chur in iúl ar bhealach níos líofa agus níos cruinne.

Comhfhreagras

- Ábalta mothúcháin a chur in iúl i litir agus cur síos a dhéanamh ar eachtraí atá tábhachtach go pearsanta.
- Ábalta litir oifigiúil a scríobh i stíl oiriúnach agus plé ar bhealach simplí le comhfhreagras a d'fhéadfadh a theacht chun cinn ina shaol acadúil.

Achoimrí

- Ábalta na príomhphointí a chloistear in ábhar fuaimne/físe a scríobh, fiú má tá an chaint tapa, canúint láidir i gceist agus ábhar deacair faoi chaibidil.
- Ábalta achoimre a scríobh ar mhíreanna as an nuacht, as agallaimh, as cláir faisnéise, as scannáin – míreanna ina bhfuil tuairimí á gcur in iúl, argóintí á ndéanamh agus plé iontu faoi thopaicí éagsúla. D'fhéadfadh go mbeadh na míreanna seo fada, an t-ábhar casta go leor agus cúpla taobh scéil á léiriú iontu. D'fhéadfadh, más ea, go mbeadh an mac léinn fós ag díriú ar na príomhphointí ar uairibh, go háirithe má tá an t-ábhar casta.
- Ábalta achoimre soiléir a scríobh ar leabhar / dráma / scannán – fiú má tá tuairimí réasúnta casta iontu.

Scribhneoireacht chruthaitheach

- Ábalta cur síos sásúil a dhéanamh ar eachtraí réalaíocha nó samhlaíocha. Beidh feasacht bhunúsach ag an mac léinn faoin gcineál stíle a úsáideann sé ina chuid scríbhneoireachta.

Nótaí léachta

- Ábalta léacht /caint shoiléir struchtúrtha a thuiscint agus nótaí atá measartha cruinn a dhéanamh faoin eolas a thugtar. Beidh an mac léinn níos ábalta díriú ar an eolas a thugtar sa léacht seachas díriú ar dheacrachtaí teanga.

An mac léinn Gaeltachta

Is riachtanais a chaithfear a chur san áireamh **sa teagasc** seachas **sa chóras measúnaithe** iad na pointí thíos.

- Ábalta idirdhealú a dhéanamh idir an teanga scríofa agus an teanga labhartha i dtreo is nach gcuireann tionchar na teanga labhartha isteach rómhór ar an scríobh.
- Ábalta é féin a chur in iúl i réimsí lasmuigh den fhearann pearsanta i slí is nach gá dó a chuid cainte a theorannú agus dul i muinín an Bhéarla.
- Ábalta tuiscint a léiriú ar chúrsaí réime sa scríobh.

Torthaí foghlama do na trí bliana

Beidh scileanna forbartha ag an mac léinn chun dul i ngleic leis na cineálacha téacsanna éisteachta is coitianta a thiocfaidh ina threo. Léireoidh sé tuiscint mhaith ar ghnáth-théacsanna caighdeánacha atá bainteach le topaicí an tsiollabais agus a chúrsa léinn agus tabharfaidh sé leis éirim ghinearálta agus príomhphointí téacsanna casta teibí nach bhfuil bainteach lena réimse spéise nó eolais. Ní chuirfidh isteach ar a chuid tuisceana ach caint neamhshoiléir, caint atá an-CHANÚNACH agus plé ar nithe nach bhfuil aon eolas aige fúthu. Beidh an mac léinn ábalta páirt ghníomhach a ghlacadh i ngnáthchomhráite ach beidh deacrachtaí aige fós le gnáthchomhrá i measc cainteoirí atá canúnach nó cainteoirí líofa atá ag caint faoi thopaicí nach bhfuil cur amach aige orthu.

Torthaí foghlama do dheireadh an dara bliain

- Tuigfidh an mac léinn téacsanna éisteachta atá bainteach le topaicí an tsiollabais agus leis an bhfearann oideachais i.e. a shaol pearsanta, sóisialta agus acadúil. Chomh maith leis na príomhphointí a thuiscint, léireoidh an mac léinn tuiscintí eile ar théacsanna den chineál thuas – tuigfidh sé dearcadh na gcainteoirí, argóintí a bheidh á ndéanamh nó dhá thaobh scéil a bheadh á chur chun cinn. Beidh sé ábalta an méid a chuala sé a phlé, anailís áirithe a dhéanamh air agus tascanna éagsúla scríbhneoireachta agus cainte a dhéanamh bunaithe ar na téacsanna éisteachta.
- Beidh an mac léinn ag éirí níos muiníní ag plé le téacsanna nach bhfuil bainteach le topaicí an tsiollabais agus leis an bhfearann oideachais agus níos ábalta plé le téacsanna ina bhfuil topaicí teibí faoi chaibidil.
- Níl sé i gceist go dtuigfeadh an gnáthmhac léinn caint thapa, neamhshoiléir atá an-CHANÚNACH, bainteach le topaicí imeallacha teibí atá lasmuigh dá thaithí féin nó nach bhfuil aon eolas aige fúthu (tráchtairacht ar rásaí capall ar Raidió na Gaeltachta, cainteoirí Gaeltachta ag plé focail agus leaganacha cainte atá imithe as úsáid, mír as cartlann Raidió na Gaeltachta ina bhfuil sliocht mhuintir an Bhlascaoid Mhóir ag labhairt faoi shaol an oileáin srl.). Ar uairibh éireoidh leis an mac léinn *éirim* na bpíosaí cainte seo a thabhairt leis ach ní bheidh tuiscint mhaith aige orthu.
- Cé go nglacfar leis nach mbeidh an mac léinn ar a chompord le caint atá an-CHANÚNACH níor cheart go gcothódh caint nádúrtha an chainteora líofa nó an chainteora dúchais fadhbanna *móra* tuisceana dó, chomh fada is nach bhfuil an caint róthapa.
- Léachtaí / cainteanna / podchraoltaí / cuir i láthair: Beidh an mac léinn ar a chompord ag éisteacht le plé tuairisciúil agus anailiseach san fhearann oideachais / acadúil. Beidh tuiscint mhaith aige ar léacht nó cur i láthair a bhaineann lena chúrsa léinn nó lena réimse spéise féin, chomh fada is go bhfuil eolas éigin aige ar an ábhar agus go bhfuil an caint soiléir agus

struchtúrtha. Beidh sé ábalta léachtaí agus cuir i láthair lasmuigh dá réimse spéise a thuiscint ar leibhéal bunúsach.

- Agallaimh: Beidh an mac léinn ábalta agallamh a chur ar dhuine má tá an t-agallamh ullmhaithe roimh ré agus go bhfuil sé ar a chompord leis an topaic. Beidh sé ábalta eolas a sheiceáil agus a chinntiú cé go mbeidh soiléiriú ag teastáil má bhíonn an freagra tapa, fada nó an-chanúnach.
- Comhráite: Beidh an mac léinn ag éirí níos muiníní agus é ag déileáil le gnáthchomhrá ar ghnáthluas i measc cainteoirí líofa agus níor cheart go gcaithfeadh na cainteoirí sin a gcuid cainte a chur in oiriúint / a mhaolú rómhór dó.
- Cruinnithe agus Plé Foirmiúil: Beidh an mac léinn ábalta déileáil go muiníneach le gnáthshuímh chumarsáide le foireann teagasc Roinn na Gaeilge i.e. síneadh ama a lorg, fadhbanna a phlé le léachtóir nó teagascóir, comhairle a fháil, marcanna agus dul chun cinn a phlé, teistiméireacht a lorg. Beidh sé in ann déileáil freisin le suímh chumarsáide lasmuigh den Roinn i.e. agallaimh do phoist mar cheannaire ar chúrsa Gaeltachta.

An mac léinn Gaeltachta

Is riachtanais a chaithfear a chur san áireamh **sa teagasc** seachas **sa chóras measúnaithe** iad na pointí thíos.

Beidh an mac léinn seo ag cur lena thuiscint agus lena thaithí ar thréithe canúna i gcaint ó chanúintí eile agus beidh forbairt tagtha ar a chumas déileáil le caint ina bhfuil an nua-théarmaíocht agus stór focal comhaimseartha atá lasmuigh dá thaithí féin. Ní bheifear ag súil fós le tuiscint an-mhaith ar chaint atá an-chanúnach ar fad, go mór mór nuair a bhaineann an chaint sin le topaicí neamhchoitianta.

Torthaí foghlama do na trí bliana

- Beidh an mac léinn líofa agus spontáineach go leor ina chuid cainte chun a bheith ábalta déileáil go muiníneach le hidirghníomhaíocht le cainteoirí líofa agus ní chaithfidh sé srian ná teorainn a chur leis an méid a bheidh á rá aige.
- Beidh an mac léinn ábalta an teanga a úsáid go líofa, go cruinn agus ar bhealach éifeachtach agus é ag plé le réimse leathan topaicí (topaicí a bhaineann leis an siollabas, leis an saol laethúil, leis an saol acadúil, le rudaí atá i mbéal an phobail).
- Beidh an mac léinn ábalta dreasa fada cainte a chur ar fáil ar luas agus rithim nádúrtha. Cé go mbeidh roinnt cuardaigh le déanamh aige ar fhocail agus nathanna ó am go ham ní chuirfidh an cuardach as don chumarsáid ná moill rómhór ar an gcaint.
- Beidh an mac léinn ábalta an méid a deir sé agus an tslí a ndeir sé é a chur in oiriúint don ócáid agus don éisteoir agus an réim cheart teanga a aimsiú. Beidh sé ábalta luas agus stíl a chuid cainte a chur in oiriúint don éisteoir agus bainfidh sé an úsáid cheart as cúrsaí béime sa chaint.

Torthaí foghlama do dheireadh an dara bliain

- Beidh an mac léinn líofa spontáineach agus cruinn agus é ag déileáil le hábhair an tsiollabais, le topaicí a thiocfaidh chun cinn sa ghnáthchaint agus le scéalta atá i mbéal an phobail, cé nach mbeidh sé ar a chompord ag plé le hábhair neamhchoitianta. Beidh sé le sonrú go bhfuil aird á tabhairt aige ar nósanna na teanga maidir le rithim chainte agus cúrsaí béime.
- Beidh an mac léinn ar a chompord agus é ag cur tuairimí in iúl faoi thopaicí a bhaineann lena chúrsa léinn agus le topaicí cultúrtha – an litríocht, scannáin, ceol srl. Beidh sé ábalta labhairt chomh maith, i mbealach simplí, faoi thopaicí lasmuigh dá thaithí féin cé go gcothóidh siad seo deacrachtaí dó fós ar uairibh.
- Beidh an mac léinn ábalta páirt ghníomhach a ghlacadh i ngnáthchomhrá agus beidh roinnt straitéisí aige chun déileáil le heasnaimh teanga.
- Beidh an mac léinn ábalta cur i láthair a dhéanamh faoi réimse topaicí a bhfuil spéis aige iontu; beidh sé ábalta na pointí tábhachtacha sa chur i láthair sin a mhíniú, forbairt shoiléir a dhéanamh orthu agus mionsonraí eile a bhaineann le hábhar a chur ar fáil. Beidh sé ábalta plé le ceistanna maidir leis an gcur i láthair.
- Beidh an mac léinn ábalta tuairimí agus seasaimh éagsúla a chosaint agus a shoiléiriú, mínithe a thabhairt, argóintí a dhéanamh agus buntáistí agus míbhuntáistí a mhíniú.
- Beidh an mac léinn ábalta slite éagsúla chun rud a rá a tharraingt chuige féin chun athrá rialta a sheachaint.
- Ní chuirfidh dul an Bhéarla as rómhór do chaint an mhic léinn agus ní chuirfidh sé an teanga as a riocht.

- Beidh an mac léinn ábalta mothúcháin éagsúla a chur in iúl ar bhealach nádúrtha ina chuid cainte agus ina chuid scríbhneoireachta agus beidh sé ábalta réimse foirmlí cainte a úsáid chun na críche sin (seachas dul i muinín na bhfoirmlí céanna i gcónaí i.e. ‘tá áthas an domhain orm’, ‘tá sceitimíní áthais orm’ srl.).
- Beidh an mac léinn ábalta cur isteach go béasach i gcomhthéacsanna éagsúla ar chomhrá, sealanna a thógáil, an comhrá a chríochnú mar is ceart, cuireadh a thabhairt do dhaoine eile tuairimí a chur in iúl, déileáil le tuairimí daoine eile.
- Beidh sé ábalta na straitéisí cumarsáide cuí a úsáid chun cabhrú leis an méid atá le rá aige a phleanáil (‘sin ceist dheacair’, ‘fan go bhfeicfidh mé’, ‘ní mór dom smaoineamh air sin’, ‘sin rud nach bhfuil aon eolas agam faoi’ srl.)
- Beidh feabhas ag teacht ar chumas an mhic léinn a chuid cainte a sheiceáil i gcomhair na n-earráidí a bhfuil feasacht aige fúthu agus iad a cheartú. Léireoidh sé feasacht áirithe maidir lena chuid earráidí agus a dtionchar ar a chuid cainte.
- Beidh feabhas ag teacht ar chumas an mhic léinn plé le hathrú réime sa chaint agus ar an mbealach le é féin a chur in iúl go béasach oiriúnach i slí a oireann don chomhthéacs sochtheangeolaíoch ina bhfuil sé.

An mac léinn Gaeltachta

Is riachtanais a chaithfear a chur san áireamh **sa teagasc** seachas **sa chóras measúnaithe** iad na pointí thíos.

Beidh líofacht, spontáineacht agus nádúrthacht ag baint le caint an mhic léinn seo nach mbeidh ag mic léinn eile, b’fhéidir, ach seo gnéithe a mbeidh béim fós le cur orthu:

- an chaint a bheith oiriúnach don chomhthéacs i.e. réimeanna teanga.
- cruinneas gramadaí sa chaint.
- forbairt ar stór focal comhaimseartha agus ar an stór focal a bhaineann le fearainn lasmuigh den fhearann pearsanta.

7. An Fhoghraíocht

Torthaí foghlama do na trí bliana

- Beidh an mac léinn compordach le mórchanúint amháin agus sa chás nach mbeidh canúint ar leith le sonrú, beidh fuaimeanna na Gaeilge á ndéanamh go sásúil, beidh rithim nádúrtha ina chuid cainte agus beidh na deacrachtaí foghraíochta a chuireann an teanga as a riocht glanta den chuid is mó.
- Léireoidh an mac léinn smacht agus tuiscint ar chúrsaí béime agus ní dhéanfaidh sé earráidí rialta sa ghné seo den teanga.

Torthaí foghlama do dheireadh an dara bliain

- Tiocfaidh feabhas sa dara bliain ar rithim nádúrtha cainte – ní hamháin go mbeidh fuaimeanna na bhfocal féin sásúil ach beidh rithim níos nádúrtha le sonrú ar fhoghraíocht an mhic léinn.
- Mar a bhí sa chéad bhliain, beifear ag súil sa dara bliain go ndéanfar cúram de na bun-earráidí coitianta a dhéanann an mac léinn i gcúrsaí foghraíochta. Ní bheifear ag súil leis go ndéanfaidh an mac léinn earráidí *rialta* sna bunfhuaimneanna (an t-idirdhealú idir consain leathana agus consain chaola, défhoghair, an difear fuaime a dhéanann síneadh fada, an ‘r’ caol srl.). Féach an liosta samplaí in Aguisín 1.
- Ní chuirfidh fadhbanna foghraíochta aon bhac ar chumarsáid ná ar thuiscint agus ní chuirfidh siad an teanga as a riocht.
- Léireoidh an mac léinn tuiscint ar chúrsaí béime sa teanga agus tuiscint ar thionchar na béime seo ar rithim chainte agus ar thuiscint agus seachnóidh sé na hearráidí ina gcuirtear béim ar an bhfocal neamhoiriúnach, faoi mar a léirítear leis an gcló dubh sna samplaí seo a leanas – ‘tá **mé** ag dul amach anocht’, ‘an bhfuil **tú** go maith?’, ‘sin **mo** cheann’, ‘cá bhfuil **tú** i do chónaí?’ srl.
- Aithneoidh an mac léinn na deacrachtaí foghraíochta atá fós aige sna bunfhuaimneanna Gaeilge agus rachaidh sé i dtaithí ar an gcineál téarmaíochta a chuirfear ina láthair.
- Beidh eolas maith faoi chúrsaí foghraíochta go ginearálta ag an mac léinn – an tábhacht a bhaineann le foghraíocht, an tionchar a bhíonn ag foghraíocht ar chumarsáid le daoine eile, fadhbanna foghraíochta a aithint.

An mac léinn Gaeltachta

Is riachtanais a chaithfear a chur san áireamh **sa teagasc** seachas **sa chóras measúnaithe** iad na pointí thíos.

Beidh fuaimeanna na Gaeilge tugtha leis go nádúrtha ag an mac léinn seo den chuid is mó agus ní bheidh an bhéim chéanna le cur ar chúrsaí foghraíochta i gcleachtaí a bheifear ag dearadh don mhac léinn seo. Ba cheart go gcuirfeadh sé lena léargas,

áfach, ar thábhacht na foghraíochta, ar chóras fuaimneanna na teanga, na fuaimneanna a bhaineann le canúintí eile agus an difear idir a chanúint féin agus canúintí eile ó thaobh na foghraíochta de.

8. Oiriúnacht Shochtheangeolaíoch

Torthaí foghlama do na trí bliana

- Beidh an mac léinn ábalta é féin a chur in iúl go muiníneach, go soiléir agus go béasach i réim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, oiriúnach don chomhthéacs agus don duine atá i gceist (baineann seo le labhairt *agus* scríobh).
- Beidh an mac léinn ábalta réimse leathan cora cainte agus nathanna sa chaint choitianta a aithint agus úsáid áirithe a bhaint astu.
- Beidh solúbthacht ag baint leis an úsáid a bhainfidh an mac léinn as an teanga – beidh sé in ann déileáil go héifeachtach le húsáid na teanga i suíomh sóisialta agus ábalta plé le greann, mothúcháin agus an chaint indíreach.

Torthaí foghlama do dheireadh an dara bliain

Beidh an mac léinn sa dara bliain níos ábalta a chuid cainte agus a chuid scríbhneoireachta a chur in oiriúint don léitheoir / éisteoir. Léireoidh sé tuiscint ar oiriúnacht teanga don chomhthéacs sa scríobh agus sa chaint. Beidh a chumas plé le réim, oiriúnacht agus gnásanna éagsúla teanga níos forbartha ná mar a bhí sa chéad bhliain. Ní hamháin go mbeidh sé ábalta na nithe seo a aithint ach beidh sé ábalta iad a láimhseáil go réasúnta cumasach ina chuid cainte / scríbhneoireachta féin.

- Sa chaint: ní chuirfidh mí-oiriúnacht teanga isteach ar an gcumarsáid ná ní chothóidh sé deacrachtaí ('aon scéal, a Mháire?' leis an léachtóir sa scrúdú cainte, nó 'tabhair síneadh ama dom' nó 'haigh, a Ollaimh' cuir i gcás). Beidh ar chumas an mhic léinn an oiriúnacht seo a chur i bhfeidhm go minic ar a chuid cainte, fiú le daoine nach bhfuil aithne aige orthu agus i gcomhthéacsanna nach bhfuil taithí aige orthu (i gcur i láthair, mar shampla).
- Sa scríobh: tiocfaidh forbairt ar chumas an mhic léinn déileáil le réimeanna éagsúla sa scríbhneoireacht. Seachas nithe simplí mar an difear idir an teanga i dteachtaireachtaí téacs, comhfhreagras pearsanta agus litir oifigiúil, a bhí i gceist sa chéad bhliain, beidh an mac léinn níos ábalta díriú ar a lucht léitheoireachta agus é ag scríobh. Ní bheidh an mac léinn ag úsáid seanfhocal agus cora cainte sa chomhthéacs mícheart agus ní chuirfidh mí-úsáid stíle isteach rómhór ar a chuid scríbhneoireachta.
- Beidh an mac léinn réasúnta compordach ag plé le cúrsaí stíle i dtéacsanna léitheoireachta – beidh sé ábalta stíleanna éagsúla a aithint agus a dtábhacht / a n-oiriúnacht don téacs a mheas. Anuas air sin, beidh cumas áirithe aige stíleanna éagsúla a tharraingt chuige féin agus é ag scríobh, ag brath ar aidhm a chuid scríbhneoireachta.
- Beidh an mac léinn níos muiníní in idirghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith aige le cainteoirí dúchais agus cainteoirí líofa. Ní chuirfidh canúint

bac mór ar a chuid tuisceana agus ní beidh deacrachtaí ag na héisteoirí caint an mhic léinn a thuiscint.

- Beidh solúbthacht go leor ag baint le cumarsáid an mhic léinn chun go mbeidh sé ábalta an teanga a úsáid i suíomh sóisialta agus plé go réasúnta muiníneach le greann agus le mothúcháin.
- Beidh an mac léinn ábalta plé le hathrú réime sa chaint – beidh a chumas an t-athrú seo a aithint níos forbartha ná a chumas an t-athrú a chur i bhfeidhm é féin.

An mac léinn Gaeltachta

Is riachtanais a chaithfear a chur san áireamh **sa teagasc** seachas **sa chóras measúnaithe** iad na pointí thíos.

Is sa scríobh den chuid is mó a bheidh oiriúnacht shochtheangeolaíoch fós le forbairt ag an mac léinn seo. Beifear ag súil go léireoidh sé tuiscint ar réimeanna agus stíleanna éagsúla agus go léireoidh sé an tuiscint seo ina chuid scríbhneoireachta agus ina chuid cainte seachas eolas éighníomhach amháin ar an ngné seo a léiriú. Tiocfaidh forbairt ar a chumas plé leis an gcaint oifigiúil / fhoirmiúil agus le réim níos airde teanga seachas an chaint a bhaineann leis an bhfearann pearsanta amháin. Tiocfaidh forbairt ar a thuiscint ar ghreann, ar chora cainte, ar nathanna cainte, ar an gcaint choitianta agus ar athrú réime i gcanúintí eile seachas a chanúint féin.

Aguisín 1

An Fhoghraíocht

Earráidí coitianta a bhfuil aird le tarraingt orthu

Seo thíos liosta de chuid de na deacrachtaí foghraíochta is mó a bhíonn ag mic léinn. Moladh i siollabas na chéad bhliana béim ar leith a chur ar na gnéithe seo den fhoghraíocht agus aird rialta a tharraingt orthu le linn an teagaisc. Táthar ag súil go ndéanfar daingniú agus treisiú ar an méid seo sa dara bliain.

Níl sa liosta seo ach **samplaí** – tabharfaidh teagascóirí earráidí eile faoi deara in obair a gcuid grúpaí féin agus moltar díriú ar na riachtanais áirithe sin seachas cloí leis an liosta seo mar mhíreanna atá ‘le teagasc’.

Rithim na Teanga

Is minic a bhíonn dul mínádúrtha ar chaint an mhic léinn. Tá tionchar ag cúrsaí béime agus ag fuaimeanna na bhfocal aonair air seo ach gné thábhachtach eile atá le forbairt ná rithim nádúrtha agus an t-athrú a chuireann mothúcháin (iontas, brón, amhras srl.) ar an gcaint. Moltar béim ar leith a chur ar rithim agus dul nádúrtha sa dara bliain seachas fuaimniú na bhfocal aonair amháin.

Cúrsaí treisithe agus béime

Béim agus cúrsaí céille

Moltar díriú ar an tionchar a bhíonn ag cúrsaí treisithe agus béime ar chiall.

‘táim ag dul amach anocht’ v. ‘táimse ag dul amach anocht’
‘Cá bhfuil tú i do chónaí?’ v. ‘Cá bhfuil tusa i do chónaí?’

Mí-úsáid béime chun treisiú a dhéanamh

‘sin **do** fhadhb’, bhí an leabhar **rómhaith**’ (nuair is ‘an-mhaith’ atá i gceist)

An áit a luíonn an bhéim nuair atá réimíreanna á n-úsáid

‘an tuirseach’ (seachas an-tuirseach)

Béim i bhfocail aonair

- difríochtaí canúna: **fuinneog** nó **fuinneog** / **cailín** nó **cailín**
- focail a mbíonn an claonadh ag mic léinn an bhéim a chur san áit mhícheart iontu: ‘ban**al**tra’
- gan béim á cur ar aon siolla ar leith:

im'axti:	<i>imocktí</i>	'imeachtaí'
tas'pa:ntas	<i>tashpawntas</i>	'taispeántas'
(gan béim ar aon siolla ar leith)		
• ag cur béime san áit nach bhfuil sí:		
<i>ar buila</i>	<i>er' bi'l'ə</i>	'ar buile'
'Conas atá tú?'		

Fuaimeanna éagsúla

Na gutaí fada agus na gutaí gairide

- an difear a dhéanann síneadh fada do bhrí agus d'fhuaim focail ('tá ba agam leo' seachas 'tá bá agam leo'; 'sean' v. 'Seán').
- an claonadh atá ag mic léinn 'fíor' a rá in áit 'fír'.
- an claonadh atá ag mic léinn 'póst' a rá in áit 'post'.

'a' an Bhéarla á fhuaimniú sa Ghaeilge

'ragobair', 'lag', 'bagairt', 'mac', 'ghlac mé', 'marbh' srl.

Défhoghair á bhfuaimniú mar ghutaí fada

/fʊ:r/	<i>foor</i>	'fuar'
/b'li:n'/	<i>bleen</i>	'bliain'
/ta: p'i:n' i mə x'aN/	<i>tá peen i mo cheann</i>	'tá pian i mo cheann'
/eg' bu:lu: l'ə d'i:ni: nu:/	<i>ag booloo le deenee noo</i>	'ag bualadh le daoine nua'
/f'it'ə fu:tə/	<i>fite foota</i>	'fite fuaite'
/bu:kəL'/	<i>bookill</i>	'buachaill'

Consain leathana á gcaolú

/d'i:ni:/	<i>deenee</i>	'daoine'
/t'i:s'ok/	<i>teeshock</i>	'taoiseach'
/b'in't'/	<i>bint</i>	'baint'
/k'i:rə/	<i>ciara</i>	'caora'
/d'aut/	<i>deabht</i>	'dabht'
/s'l'a:n/	<i>shlawn</i>	'slán'
/L'e:k/	<i>léac</i>	'laoch'
/e:d'i:/	<i>édi</i>	'éadaí'

/r/ in ionad /r'/

/Nori:n'/	<i>Noreen</i>	'Nóirín'
/fī:r/	<i>feer</i>	'fír'
/as də v'aur/		'as do mheabhar'

(/k/ in ionad /x/)

/s'aktən'/	<i>shocktin</i>	‘seachtain’
/ku:ig'/	<i>cooig</i>	‘chuaigh’
/sə k'u:nə/	<i>sa ciú-na</i>	‘sa chúinne’

(/h/ in ionad /x/)

/ən v'l'i:n' s'o hu:n/	<i>an vleen seo hoon</i>	‘an bhliain seo chugainn’
/hu:i: m'e:/	<i>hooee may</i>	‘chuaigh mé’

(/g/ in ionad /γ/)

‘glac mé páirt’, ‘glan mé an teach’		
mə gru:əg'	<i>mo grooig</i>	‘mo ghruaig’

(/γ/ in ionad fuaim ar bith)

/er γ'auəs/	<i>ar gheabhas</i>	‘ar fheabhas’
/er γ'oəs/	<i>ar gheobhas</i>	‘ar fheabhas’

(/n'/ in ionad /ŋ'/)

/s'aktən' nə n'ib'əl/	<i>shocktin na nibble</i>	‘Seachtain na nGiobal’
-----------------------	---------------------------	------------------------

an ‘sh’

/du:s'la:n/	<i>dooshlawn</i>	‘dúshlán’
-------------	------------------	-----------

Ilchineálach

- ‘in aon chor’ – an ‘n’ a fhágáil ar lár san fhuaimniú
- ‘i rith na seachtaine’ – t séimhithe a fhuaimniú mar /θ/
- ‘ní dóig liom’ – /g/ á dhéanamh de g séimhithe i ndeireadh focail
- ‘f’ na haimsire fáistíní agus an mhodha choinníollaigh á fhuaimniú: ‘léimfidh’, ‘suífidh’, ‘feicfidh’, ‘go ndéanfack tú’.

Aguisín 2

Liosta de na bunstruchtúir ghramadaí ar cheart díriú orthu

I dtábla 1 thíos tá cuid de na deacrachtaí gramadaí is mó a bhíonn ag mic léinn. Moladh i siollabas na chéad bhliana béim ar leith a chur ar na gnéithe seo den ghramadach agus aird rialta a tharraingt orthu le linn an teagaisc. Táthar ag súil sa dara bliain go ndéanfar daingniú agus treisiú ar na míreanna a luadh sa chéad bhliain agus go bhfillfear orthu go rialta sa teagasc d’fhonn is go mbeadh an mac léinn ábalta iad a láimhseáil i mbealach muiníneach agus go leanúnach.

Tá samplaí breise nár luadh i liosta na chéad bhliana tugtha i dTábla 2.

Níl sna liostaí seo ach **samplaí** – tabharfaidh teagascóirí earráidí eile faoi deara in obair a gcuid grúpaí féin agus moltar díriú ar na riachtanais áirithe sin seachas cloí leis an liosta seo mar mhíreanna atá ‘le teagasc’.

Tábla 1

An ghné den ghramadach	Samplaí de na hearráidí
An chopail	- tá tú mo chara is fearr - táimid cairde ón naíonra - tá sé seachtain ana-mhaith - bhí sé páirt deacair - tá fhios agam go bhfuil aisteoir maith í - tá áthas orm go bhfuil siad mo thuismitheoirí - an bhfuil sé <i>Superman</i>? - an scannán maith é? is é
Bí agus Tá	- bíonn ana-díomá liom (seachas ‘tá an-díomá orm’) - cad a bhfuil ar siúl? - mar a bhfuil sé anois - na himeachtaí a raibh ar siúl - má bhfuil aon fhadhb
An chlaoninsint	dúirt sí gur bhí tú ann
Foirmeacha ceisteacha	- cad a cheapann tú go raibh tú ag déanamh? - cén saghas cara atá tú? - cad atá tú ag caint faoi?

An ghné den ghramadach	Samplaí de na hearráidí
	• cad a raibh tú ag déanamh? • conas a dhearna sí é? • cén chaoi a rinne sí é?
Mí-úsáid na foirme treise	• Tusa feargach le mise? Is é an duine a rinne rud mícheart. Ní ormsa. • tá sé suas chugatsa anois • táim ag teacht leatsa • faoi tusa • ba cheart duit náire a bheith ortsa • le mo chlann • tá tú ar buile – cad faoi mise?
An t-ainm briathartha agus a úsáid	• caithfidh mé téigh • caithfidh mé rá é • ba mhaith liom marcanna maithe a faigh • cláracha raidió a éist • níl mé sásta éist leat • ní raibh mé ábalta é a chreid • ní raibh mé ábalta mo mothúcháin a mínigh • ní féidir liom a creidiú é seo • is onóir é a bhuaigh
Struchtúir a chothaíonn deacrachtaí go minic Taitin Glaoih	• ar thaitin tú? • thaitin sí McDonalds • bhain mé taitneamh as ag déanamh an scannán • bainimid go mór craic ar Seachtain na Gaeilge • taitneoidh mé do tacaíocht • bhain mé taitneamh ag obair leis • nuair a glaoch sé • chuir mé fios ort (glaoch) • chuir mé fios ar do fón póca • cuir glaoch ar ais chugam • glao a sheoladh ar ais chugam

An ghné den ghramadach	Samplaí de na hearráidí
Eolas/aithne/fios	- tá sé ar eolas agam go bhfuil tú ar buile fúm - tá aithne aige go bhfuil mé á dhéanamh - tá a fhios agat mé le deich mbliana
Bualadh le	- bhuail mé a lán daoine - seans daoine nua a bualadh - chun daoine nua a bhualadh le - mo sheanchairde a bualadh arís - ar mhaith leat bualadh le mise? - gur bhuail tú mo bhuachaill
Suim	- ní raibh suim agam ar an turas - ní raibh aon suim agam i rud seo - tá suim acu ag na rudaí seo
Freastal ar	- freastal mé an léacht - gach imeachtaí a fhreastal - déanann TG4 ag freastal ar dhaoine óga - freastalaíonn Nós do dhaoine óga
Éirigh	- ní bheadh mé suas ag an am sin - bhí mé ag iarraidh éirí go maith - éirím go maith le mo chairde - ar éirigh tú go maith sa scrúdú?
Réiteach le	réitím mo chairde
Cuimhin	- cuimhin mé anuraidh - an chuimhin leat mé? - cuimhnigh mé iad ag caint i dtús na hoíche - an cuimhníonn tú é? - níl mé ábalta mórán a cuimhniú
Cónaí	- tá mé i gcónaí i Corcaigh - táimid ina gcónaí in árasán
Tóg v. tabhair	- thóg sé mé go dtí teach mo chara - ar thóg siad tacaíocht duit? - níor thóg sé a ainm dom

An ghné den ghramadach	Samplaí de na hearráidí
Ar mhaith? An maith? abair / labhair / caint	• cén ceann a mhaith leat? • ní mhaith liom • an mhaith leat? • chun mise a rá • níl a fhios agam cad a rá • bí ag caint liom le bhur dtoil a Deirdre (labhair liom) • cad atá tú ag rá faoi? • ba mhaith liom caint Gaeilge
Tréimhsí ama	‘am’ v. ‘uair’ • (bhuaile mé leo) den chéad am • gach am (seachas ‘gach uair’) an focal ‘am’ • aon t-am • i do saor ama • a lán am • bhí am go hiontach againn ‘uair’ v. ‘uair an chloig’ • ar feadh uair (<i>for an hour</i>) • tógann an bus dhá uair Tréimhsí ama • an bhfuil tú saor an oíche seo? • an oíche seo caite • Dé Déardaoin • Dé Mháirt • Dé Domhnach • ag rince trí na hoíche • ar feadh mí • ní raibh mé ann faoi cúpla lá • sa mhaidin • táim ag imirt ansin ar feadh 8 bliain
Míonna na bliana	• i Bealtaine

An ghné den ghramadach	Samplaí de na hearráidí
	• sa Nollag • i rith an Nollaig • i Mheán Fómhair
Na horduimhreacha	• sa dara bhliain • an chéad bliain • an hochtú áit
Comhaireamh agus méid	• trí bhliain • dhá aistí • ocht sheachtain • trí chlubanna • naoi nó deich mbusanna • cúpla daoine • cúpla cláracha • cé mhéad mic léinn?
Réamhfhocail	• do mic léinn • ar turas • ar bhfeabhas • bhí mé sa <i>Coppers</i> aréir • ar mhaidin inniu • sa mhaidin • ina cónaí sa Loch Garman • mar freastalaí • i Mheiriceá • leis mo buachaill • d'éist siad ar an raidió
Na forainmneacha réamhfhoclacha	• fan dom • bhí brú mór agam • dúirt sí dom • tá dóchas uirthi • tá clú agus cáil agat • má theastaíonn leat • seolfaidh mé duit • tá bród acu • ag glaoch dom • cabhraigh mé • tuigim leat • tá pian agam

An ghné den ghramadach	Samplaí de na hearráidí
	- aon post - aon fadhb ‘gach’ - gach bhliain - gach na daoine Céimeanna comparáide - níos dáiríreach - níor chuala mé rud níos amaideach riamh - an saol is tábhachtach
Réimíreanna an- agus ana- ró-	- ana-difriúil - ana-greannmhar - an-brón - níl sé rófhíor - tá teachtaireacht an dáin róshuimiúil
An aidiacht shealbhach	- do fear - mo cara - ní raibh sé ar mo intinn - do aghaidh - ag eitilt i do dtreo - do fón
Treo ‘Abhaile’ v. ‘sa bhaile’	- tá sé suas ansin - tar suas - tá sé anuas san aer - amach ag obair - chuaigh mé ag dul amach le mo chara - bhí Cian amach aréir - síos sa seomra caidrimh - ar an teilifís abhaile - na daoine abhaile in Éirinn - bhí mé abhaile tinn

An ghné den ghramadach	Samplaí de na hearráidí
	• beidh mé ar ais abhaile
Dul an Bhéarla	• níl sé mo cineál • bhí mé ana-meisce • is é seo do bhliain • rinne siad post maith • níl mé i gcónaí ag ithe é (ní ithim go minic é) • táimid san cúlú anois (<i>in recession</i>) • dul ar aghaidh go dtí múinteoir bunscoile • ag coinneáil an Gaeilge ar siúl an bhliain seo chugainn • níl sé domsa • tá sé mo pheann • bhí deis agam chun caint léi • rinne tú dearmad chun Angelina a lua • tugann sé seans chun daltaí éalú óna chuid oibre agus aithne a chur le daltaí eile • dúirt mé leis chun bheith anseo • bhí sé mícheart chun an bréag sin a insint • is aoibhinn liom ag caitheamh am le • is aoibhinn liom ag dul go dtí clubanna • is aoibhinn liom ag caitheamh am le mo chairde
Frásaí mínádúrtha	• bhí spórt agus spraoi ann • ó mo Dhia • tá sceitimíní áthas an domhain orm • ‘áfach’ ag tús abairte • is é mo thuairim gan amhras ar bith • bhain mé fíor-sult as

Tábla 2

An saor bhriathar sna haimsirí éagsúla	• bhunaigh Raidió na Life sa bhliain... • níor thug an t-aitheantas ceart don fhile • níor léigh a lán leabhar ag an am sin • ní ceannóidh a lán leabhar toisc an <i>i-readar</i> • bhí sé scríofa aige (seachas ‘scríobhadh é’) • bhí sé ceannaithe aige (seachas ‘ceannaíodh é’)
An modh coinníollach	• gheobhfadh tú • déarainn go bhfuil sé fíor • ceannódh tú
‘Má’ agus ‘dá’ agus na haimsirí a leanann iad	• má gheobhadh sí • má bheadh sí ann • dá bheadh sí ann • dá ceannódh mé caife
An aimsir ghnáthchaite	• théigh an file go Corca Dhuibhne go minic • níor scríobh mórán faoin cheist sin an uair sin • ní déanadh a lán fiosruithe
Struchtúr an bhriathair, go háirithe na struchtúir indíreacha	• na cláracha is mó a d'fhéach mé • na foilseacháin atá suim agam ann • na tíortha a bhfuil suim agam ann • thaitin leis an leabhar
Struchtúir indíreacha na copaile	• sílim is múinteoir maith é • cheap mé is dán maith é • sílim gur é an coláiste seo an ceann is fearr
Foirmeacha spleácha agus neamhspleácha i bhfrásaí comónta	• cén uair a dheachaigh sí? • cathain a dheachaigh sí? • conas a dhearna tú é?

	• cén chaoi atá sé mar sin? • cén fáth a chuaigh sí ann? • nuair a mbíonn aiste le déanamh • nuair a dtagann sí abhaile
An aidiacht shealbhach agus an t-ainm briathartha	• tá an aiste á dhéanamh • tá na leabhair á bailiú • tá na páistí á cur i ngrúpaí
Treisiú ar an Ainmfhocal Comhréir abairtí le hainmfhocail chinnte iontu An Tuiseal Ginideach iolra i bhfrásaí comónta Ginideach na hAidiachta i bhfrásaí comónta	• sna meáin chumarsáide na Gaeilge • i meáin chumarsáide Gaeilge • sa chathair Bhaile Átha Cliath • muintir cathrach Bhaile Átha Cliath • fadhbanna na mic léinn • teidil na haistí • ainmneacha na daoine • saol na daoine óige • saol an t-aos óige • taithí an tsaoil mór • saol na daoine óige

Seo thíos samplaí d'earráidí eile a bhféadfaí aird a tharraingt orthu i gcleachtaí a bheifear ag dearadh do na mic léinn.

Níl sa liosta ach **samplaí** – tabharfaidh teagascóirí earráidí eile faoi deara in obair a gcuid grúpaí féin agus moltar díriú ar na riachtanais áirithe sin seachas cloí leis an liosta seo mar mhíreanna atá ‘le teagasc’.

Focail / frásaí a chothaíonn míthuiscintí

olc v. dona	pictiúr dona
smaoineamh v. tuairim	an raibh aon smaoineamh agat go mbuafá?
maith v. maitheas	tá an-mhaitheas sa tseachtain
eachtra v. ócáid	níos mó eachtraí ar siúl do Sheachtain na nGiobal
roimh v. sula	roimh a tháinig mé
craic v. taitneamh	bainimid go mór craic ar Sheachtain na Gaeilge
tá mé ag dul v. tá mé ag imeacht	tá mé ag dul anois
difriúil v. difríocht	an dá dhomhan difríocht rudaí difríocht a dhéanamh
críoch v. deireadh	ó thús go críoch
ar bith v. ar chor ar bith	níl mé sásta ar bith ní dhéanaim aon rud ar bith
tuirse v. tuirseach	bhí tuirseach an domhain orm
píosa v. saghas	tá mé píosa crosta
a lán v. an iomarca	sheol mé an iomarca teachtaireachtaí chugat
i mbliana v. an bhliain seo	tá a lán aistí le déanamh an bhliain seo
bunaithe ar / dírithe ar	tá Raidió na Life bunaithe ar dhaoine óga
ceart ‘an bhfuil tú ceart?’ seachas ‘an bhfuil an ceart agat?’	
intinn ‘ní raibh sé ar mo intinn’ seachas ‘ní raibh sé ar intinn agam’	
gá	tá gá dom a bheith ag obair

Topaicí an tSiollabais



Topaic 1: Cúrsaí Taistil	
Plé Pearsanta Samplaí: - An taisteal atá déanta agam i mo shaol go dtí seo. - Nósanna na mac léinn sa choláiste seo maidir le taisteal sa samhradh – cá dtéann siad? cá n-oibríonn siad? an saoire nó obair a bhíonn i gceist lena gcuid taistil? - Scéimeanna éagsúla a chuireann ar chumas na mac léinn taisteal a dhéanamh: J1 srl. Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé Pearsanta’.	Plé i gComhthéacs Samplaí: - Difríochtaí idir tíortha agus cultúir éagsúla. - An tábhacht a bhaineann le heolas ar theangacha don taisteal. - An fiúntas a bhaineann le scéimeanna mar <i>Erasmus</i> má tá tú ag baint céime amach i dteanga iasachta. - An fiúntas a bhaineann le turas chun na Gaeltachta má tá tú ag baint céime amach sa Ghaeilge. Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé i gComhthéacs’.
Fillteán Foghlama: Tasc 1 Cuntas ar na hearráidí is minice a dhéanann tú sa scríobh (féach fillteán foghlama).	
Scileanna Foghlama Tá na scileanna foghlama seo le forbairt go leanúnach i rith an teagaisc. - Conas an fillteán foghlama a láimhseáil. - Cur amach ar théarmaíocht na gramadaí. - Ag úsáid foclóra. - Ag cuardach eolais i leabhar gramadaí. - Ag baint leasa as na meáin. - Ag úsáid áiseanna tacaíochta. - Ag cothú/cuardach deiseanna an teanga a labhairt. - Ag aithint fadhbanna agus dúshlán ó thaobh na teanga de. - Tuiscint ar struchtúr na teanga (comhréir, sínte fada, aistriúchán Gaeilge/Béarla srl.). - Eolas ar fhuaimneanna na Gaeilge agus ar na canúintí.	
Feasacht Teanga Tá tuiscint na mac léinn ar ghnéithe éagsúla den fheasacht teanga le forbairt agus le doimhniú de réir a chéile le linn an teagaisc.	

Topaic 2: Saol an Mhic Léinn	
Plé Pearsanta Samplaí: • Sláinte • Cúrsaí eacnamaíochta • Cúrsaí faisin • Staidéar • Brúnna sóisialta • An saol ar an gcampas Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé Pearsanta’.	Plé i gComhthéacs Samplaí: • Mic léinn mar phobal daoine – tréithe, fadhbanna, buntáistí, míbhuntáistí. • Dearcadh an phobail ar mhic léinn (i.e. eastáit tithíochta ina mbíonn mic léinn ina gcónaí, dearcadh tábhairneoirí agus lucht gnó eile, dearcadh an rialtais srl.). • Pobail de mhic léinn laistigh den champas (pobail ceangailte le cumainn, le slite maireachtála agus le stíleanna áirithe.) Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé i gComhthéacs’.
Fillteán Foghlama: Tasc 2 Cuntas ar na hearráidí is minice a dhéanann tú sa chaint (féach fillteán foghlama).	
Scileanna Foghlama Tá na scileanna foghlama seo le forbairt go leanúnach i rith an teagaisc. • Conas an fillteán foghlama a láimhseáil. • Cur amach ar théarmaíocht na gramadaí. • Ag úsáid foclóra. • Ag cuardach eolais i leabhar gramadaí. • Ag baint leasa as na meáin. • Ag úsáid áiseanna tacaíochta. • Ag cothú/cuardach deiseanna an teanga a labhairt. • Ag aithint fadhbanna agus dúshlán ó thaobh na teanga de. • Tuiscint ar struchtúr na teanga (comhréir, sínte fada, aistriúchán Gaeilge/Béarla srl.). • Eolas ar fhuaimneanna na Gaeilge agus ar na canúintí.	
Feasacht Teanga Tá tuiscint na mac léinn ar ghnéithe éagsúla den fheasacht teanga le forbairt agus le doimhniú de réir a chéile le linn an teagaisc.	

Topaic 3: Mise mar Fhoghlaimoir	
Plé Pearsanta Samplaí: • An difear idir an chéad agus an dara bliain maidir le foghlaim / staidéar. • Feabhas atá tagtha ar mo chuid straitéisí foghlama ó thosaigh mé sa chéad bhliain. • Na hacmhainní is mó a mbainim úsáid astu agus mé ag foghlaim / staidéar. • Pleananna atá agam chun a chur ar mo chumas obair an chúrsa a dhéanamh. • Mo ról féin mar fhoghlaimeoir teanga – freagrachtaí atá orm. Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé Pearsanta’.	Plé i gComhthéacs Samplaí: • Cad is foghlaim éifeachtach ann? • An ionann múineadh agus foghlaim? • Cad atá i gceist le foghlaim fhéinriartha? Conas is féidir tabhairt fúithi? • Ról an fhoghlaimeora v. ról an teagascóra i bhfoghlaim. • Cad iad na straitéisí agus na scileanna is fearr chun foghlaim go héifeachtach? • Cad iad na straitéisí agus na scileanna is fearr chun teanga a fhoghlaim go héifeachtach? Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé i gComhthéacs’.
Fillteán Foghlama: Tasc 3 Taighde (féach fillteán foghlama).	
Scileanna Foghlama Tá na scileanna foghlama seo le forbairt go leanúnach i rith an teagaisc. • Conas an fillteán foghlama a láimhseáil. • Cur amach ar théarmaíocht na gramadaí. • Ag úsáid foclóra. • Ag cuardach eolais i leabhar gramadaí. • Ag baint leasa as na meáin. • Ag úsáid áiseanna tacaíochta. • Ag cothú/cuardach deiseanna an teanga a labhairt. • Ag aithint fadhbanna agus dúshlán ó thaobh na teanga de. • Tuiscint ar struchtúr na teanga (comhréir, sínte fada, aistriúchán Gaeilge/Béarla srl.). • Eolas ar fhuaimneanna na Gaeilge agus ar na canúintí.	
Feasacht Teanga Tá tuiscint na mac léinn ar ghnéithe éagsúla den fheasacht teanga le forbairt agus le doimhniú de réir a chéile le linn an teagaisc.	

Topaic 4: Cúrsaí Oideachais	
Plé Pearsanta Samplaí: • Na gnéithe den chóras oideachais is mó ar bhain mé taitneamh agus tairbhe astu. • Na gnéithe ba laige den taithí atá agam ar an gcóras oideachais. • An t-eolas atá agam faoi chórais agus faoi chineálacha difriúla oideachais. • Na rudaí a gcuirfinn feabhas orthu sa choláiste, dá bhféadfainn. Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé Pearsanta’.	Plé i gComhthéacs Samplaí: • Nithe a bhíonn i mbéal an phobail a bhaineann le polasaithe oideachais – táillí, rochtain, mic léinn faoi mhíbhuntáiste, mic léinn faoi mhíchumas, comhionannas deiseanna. • Oideachas lasmuigh den tír seo i.e. saol an mhic léinn i Meiriceá (táillí arda srl.) agus i dtíortha eile. • Coincheapa a bhaineann le cúrsaí oideachais: comhionannas, cianfhoghlaim, rochtain, treonna nua san oideachas. Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé i gComhthéacs’.
Fillteán Foghlama: Tasc 4 Cur i láthair (féach fillteán foghlama).	
Scileanna Foghlama Tá na scileanna foghlama seo le forbairt go leanúnach i rith an teagaisc. • Conas an fillteán foghlama a láimhseáil. • Cur amach ar théarmaíocht na gramadaí. • Ag úsáid foclóra. • Ag cuardach eolais i leabhar gramadaí. • Ag baint leasa as na meáin. • Ag úsáid áiseanna tacaíochta. • Ag cothú/cuardach deiseanna an teanga a labhairt. • Ag aithint fadhbanna agus dúshlán ó thaobh na teanga de. • Tuiscint ar struchtúr na teanga (comhréir, sínte fada, aistriúchán Gaeilge/Béarla srl.). • Eolas ar fhuaimneanna na Gaeilge agus ar na canúintí.	
Feasacht Teanga Tá tuiscint na mac léinn ar ghnéithe éagsúla den fheasacht teanga le forbairt agus le doimhniú de réir a chéile le linn an teagaisc.	

Topaic 5: Cúrsaí Sóisialta	
Plé Pearsanta Samplaí: - An bhaint a bhíonn agam le / an spéis atá agam in obair dheonach agus i gcarthanachtaí. - Na scéimeanna éagsúla atá ann chun cur ar chumas na mac léinn páirt a ghlacadh in obair dheonach agus in obair ar son carthanachtaí. - Seachtain na nGiobal agus an ról atá aici i mbailiú airgid do charthanachtaí. Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé Pearsanta’.	Plé i gComhthéacs Samplaí: Pobail éagsúla: - Cad go díreach atá i gceist le ‘cúrsaí sóisialta’ mar choincheap. - Nithe a bhíonn i mbéal an phobail maidir le cúrsaí sóisialta i.e. an inimirce, an imirce, bochtaineacht, daoine gan dídean, creideamh, míbhuntáiste, mionlaigh, deiseanna oideachais, coiriúlacht, drugaí, cúrsaí comhshaoil. - Cúrsaí sóisialta mar a bhaineann siad leis an nGaeltacht: tithíocht, pobail, fostaíocht, oideachas. Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé i gComhthéacs’.
Fillteán Foghlama: Tasc 5 Léirmheas comparáideach (féach fillteán foghlama).	
Scileanna Foghlama Tá na scileanna foghlama seo le forbairt go leanúnach i rith an teagaisc. - Conas an fillteán foghlama a láimhseáil. - Cur amach ar théarmaíocht na gramadaí. - Ag úsáid foclóra. - Ag cuardach eolais i leabhar gramadaí. - Ag baint leasa as na meáin. - Ag úsáid áiseanna tacaíochta. - Ag cothú/cuardach deiseanna an teanga a labhairt. - Ag aithint fadhbanna agus dúshlán ó thaobh na teanga de. - Tuiscint ar struchtúr na teanga (comhréir, sínte fada, aistriúchán Gaeilge/Béarla srl.). - Eolas ar fhuaimneanna na Gaeilge agus ar na canúintí.	
Feasacht Teanga Tá tuiscint na mac léinn ar ghnéithe éagsúla den fheasacht teanga le forbairt agus le doimhniú de réir a chéile le linn an teagaisc.	

Topaic 6: Feasacht Idirchultúrtha	
Plé Pearsanta Samplaí: <i>(i) An t-ilteangachas agus mionteangacha agus (ii) Cultúr</i> • Tuiscintí atá agam ar an ilteangachas / ar mhionteangacha. • Teangacha atá ar mo thoil agam – cosúlachtaí agus difríochtaí idir iad agus an Ghaeilge. • An tuiscint atá agam ar cén rud é cultúr / Cultúr an aosa óig agus cultúr na mac léinn – An ann dóibh? Cad iad? Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé Pearsanta’.	Plé i gComhthéacs Samplaí: <i>(i) An t-ilteangachas agus mionteangacha agus (ii) Cultúr</i> • Foghlaim mionteanga – impleachtaí, straitéisí, dúshlán. • An t-ilteangachas mar choincheap – cad is brí leis, scileanna éagsúla i dteanga srl. • Mionteangacha agus mórtheangacha an domhain. • Cad atá i gceist le bheith i d’Éireannach? i d’Eorpach? • Cultúir éagsúla atá in Éirinn – Cad iad? / An cultúr domhanda. Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé i gComhthéacs’.
Fillteán Foghlama: Tasc 6 Ceistneoir (féach fillteán foghlama).	
Scileanna Foghlama Tá na scileanna foghlama seo le forbairt go leanúnach i rith an teagaisc. • Conas an fillteán foghlama a láimhseáil. • Cur amach ar théarmaíocht na gramadaí. • Ag úsáid foclóra. • Ag cuardach eolais i leabhar gramadaí. • Ag baint leasa as na meáin. • Ag úsáid áiseanna tacaíochta. • Ag cothú/cuardach deiseanna an teanga a labhairt. • Ag aithint fadhbanna agus dúshlán ó thaobh na teanga de. • Tuiscint ar struchtúr na teanga (comhréir, sínte fada, aistriúchán Gaeilge/Béarla srl.). • Eolas ar fhuaimneanna na Gaeilge agus ar na canúintí.	
Feasacht Teanga Tá tuiscint na mac léinn ar ghnéithe éagsúla den fheasacht teanga le forbairt agus le doimhniú de réir a chéile le linn an teagaisc.	

Topaic 7: An Ghaeltacht agus Pobal na Gaeilge	
Plé Pearsanta Samplaí: • Tuiscintí atá agam ar an nGhaeltacht. • Tuiscintí atá agam ar phobail éagsúla a labhraíonn Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. • Cuairteanna atá tugtha agam / a bheidh á dtabhairt agam ar an nGhaeltacht. • An aithne atá agam ar chainteoirí dúchais. Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé Pearsanta’.	Plé i gComhthéacs Samplaí: • Cén rud é Ghaeltacht? Cá bhfuil na Gaeltachtaí éagsúla? • An Ghaeltacht mar áit chónaithe – míthuiscintí, dúshlám, buntáistí, míbhuntáistí. • Míthuiscintí a bhíonn ag daoine faoin nGaeilge agus lucht a labhartha / lucht a foghlama. • Nithe a bhíonn sa nuacht maidir le saol na Gaeilge agus saol na Gaeltachta: an straitéis 20 bliain, Acht na dTeangacha Oifigiúla, conspóidí faoi Ghaelscolaíocht srl. Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé i gComhthéacs’.
Fillteán Foghlama: Tasc 7 (rognach) Scribhneoireacht Chruthaitheach.	
Scileanna Foghlama Tá na scileanna foghlama seo le forbairt go leanúnach i rith an teagaisc. • Conas an fillteán foghlama a láimhseáil. • Cur amach ar théarmaíocht na gramadaí. • Ag úsáid foclóra. • Ag cuardach eolais i leabhar gramadaí. • Ag baint leasa as na meáin. • Ag úsáid áiseanna tacaíochta. • Ag cothú/cuardach deiseanna an teanga a labhairt. • Ag aithint fadhbanna agus dúshlán ó thaobh na teanga de. • Tuiscint ar struchtúr na teanga (comhréir, sínte fada, aistriúchán Gaeilge/Béarla srl.). • Eolas ar fhuaimneanna na Gaeilge agus ar na canúintí.	
Feasacht Teanga Tá tuiscint na mac léinn ar ghnéithe éagsúla den fheasacht teanga le forbairt agus le doimhniú de réir a chéile le linn an teagaisc.	

Topaic 8: Cúrsaí Litríochta agus Léirmheastóireachta	
Plé Pearsanta Samplaí: • An cúrsa litríochta sa dara bliain i gcomparáid leis an gcéad bhliain. • Litríocht a thaitníonn liom lasmuigh de mo chúrsa léinn. • Na seánraí litríochta i mo chúrsa a thaitníonn liom. • Gnéithe den chúrsa litríochta a chothaíonn deacrachtaí dom. • An cineál scríbhneoireachta a dhéanaim. • Cé chomh cruinn is a bhím sa Bhéarla. Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé Pearsanta’.	Plé i gComhthéacs Samplaí: • An íomhá de litríocht na Gaeilge i measc na mac léinn. • An íomhá de litríocht na Gaeilge i measc an phobail. • Na dúshláin a bhaineann le saothrú na litríochta i dteanga mhionlaigh. • Scríbhneoirí na Gaeilge, scríbhneoirí óga ina measc. • Cruinneas v. líofacht: an gá a bheith cruinn sa scríobh? (‘Is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste’). Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé i gComhthéacs’.
Fillteán Foghlama Cuntas ar na hearráidí is minice a dhéanann tú sa scríobh don dara huair (féach fillteán foghlama).	
Scileanna Foghlama Tá na scileanna foghlama seo le forbairt go leanúnach i rith an teagaisc. • Conas an fillteán foghlama a láimhseáil. • Cur amach ar théarmaíocht na gramadaí. • Ag úsáid foclóra. • Ag cuardach eolais i leabhar gramadaí. • Ag baint leasa as na meáin. • Ag úsáid áiseanna tacaíochta. • Ag cothú/cuardach deiseanna an teanga a labhairt. • Ag aithint fadhbanna agus dúshlán ó thaobh na teanga de. • Tuiscint ar struchtúr na teanga (comhréir, sínte fada, aistriúchán Gaeilge/Béarla srl.). • Eolas ar fhuaimneanna na Gaeilge agus ar na canúintí.	
Feasacht Teanga Tá tuiscint na mac léinn ar ghnéithe éagsúla den fheasacht teanga le forbairt agus le doimhniú de réir a chéile le linn an teagaisc.	

Topaic 9: Na Meáin Chumarsáide	
Plé Pearsanta Samplaí: • Na meáin a thaitníonn liom. • Na meáin is mó a mbaineann mic léinn úsáid astu. • Na meáin a mbraitheann mic léinn orthu chun scéalta nuachta a fháil. • An cineál nuachta a gcuirim spéis ann. • Mo dhearcadh ar nuacht faoi na ceiliúráin. • An úsáid a bhainim as na meáin i mo chuid foghlama. Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé Pearsanta’.	Plé i gComhthéacs Samplaí: • Na cineálacha éagsúla meán atá ann. • Buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis na meáin éagsúla. • An chumhacht atá ag meáin áirithe / freagrachtaí atá ar na meáin. • An éifeacht a bhaineann le meáin éagsúla. • Nuacht na gceiliúráin – Cén rud ceiliúráin? príobháideachas srl. Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé i gComhthéacs’.
Fillteán Foghlama Cuntas ar na hearráidí is minice a dhéanann tú sa chaint don dara huair (féach fillteán foghlama).	
Scileanna Foghlama Tá na scileanna foghlama seo le forbairt go leanúnach i rith an teagaisc. • Conas an fillteán foghlama a láimhseáil. • Cur amach ar théarmaíocht na gramadaí. • Ag úsáid foclóra. • Ag cuardach eolais i leabhar gramadaí. • Ag baint leasa as na meáin. • Ag úsáid áiseanna tacaíochta. • Ag cothú/cuardach deiseanna an teanga a labhairt. • Ag aithint fadhbanna agus dúshlán ó thaobh na teanga de. • Tuiscint ar struchtúr na teanga (comhréir, sínte fada, aistriúchán Gaeilge/Béarla srl.). • Eolas ar fhuaimneanna na Gaeilge agus ar na canúintí.	
Feasacht Teanga Tá tuiscint na mac léinn ar ghnéithe éagsúla den fheasacht teanga le forbairt agus le doimhniú de réir a chéile le linn an teagaisc.	

Topaic 10: Cúrsaí Teicneolaíochta	
Plé Pearsanta Samplaí: • Buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis an teicneolaíocht a mbainim úsáid aisti. • An úsáid a bhainim as an teicneolaíocht i mo chúrsa léinn. • An úsáid a bhainim as an teicneolaíocht chun cabhrú liom feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge. • An úsáid a bhainim as láithreáin líonraithe shóisialta. Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé Pearsanta’.	Plé i gComhthéacs Samplaí: • Buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le láithreáin líonraithe shóisialta. • Príobháideachas ar líne. • Bulaíocht ar líne. • Blagáil mar choincheap. • An íomhá a chruthaíonn daoine dóibh féin ar líne. • Béasaíocht ar líne – glacadh nó gan glacadh le cairde nua ar <i>Facebook</i>, an teanga a úsáidtear i dteachtaireachtaí le cairde srl. Féach ar na samplaí eile sa cháipéis ‘An Plé i gComhthéacs’.
Fillteán Foghlama Níl tasc le déanamh anseo.	
Scileanna Foghlama Tá na scileanna foghlama seo le forbairt go leanúnach i rith an teagaisc. • Conas an fillteán foghlama a láimhseáil. • Cur amach ar théarmaíocht na gramadaí. • Ag úsáid foclóra. • Ag cuardach eolais i leabhar gramadaí. • Ag baint leasa as na meáin. • Ag úsáid áiseanna tacaíochta. • Ag cothú/cuardach deiseanna an teanga a labhairt. • Ag aithint fadhbanna agus dúshlán ó thaobh na teanga de. • Tuiscint ar struchtúr na teanga (comhréir, sínte fada, aistriúchán Gaeilge/Béarla srl.). • Eolas ar fhuaimneanna na Gaeilge agus ar na canúintí.	
Feasacht Teanga Tá tuiscint na mac léinn ar ghnéithe éagsúla den fheasacht teanga le forbairt agus le doimhniú de réir a chéile le linn an teagaisc.	

**An Plé Pearsanta
(An Fhéinfheasacht)
Moltaí do Theagascóirí**



An Plé Pearsanta (An Fhéinfheasacht) Moltaí maidir leis na Topaicí sa Siollabas

Tá topaicí an tsiollabais le forbairt in dhá shlí éagsúla sa seomra ranga. Díreoidh na teagascóirí ar théamaí a bhaineann go dlúth le saol agus le taithí na mac léinn – sin an plé pearsanta, agus leathnóidh na teagascóirí na téamaí sin chun díriú ar nithe a bhaineann leis an bhfeasacht chultúrtha – sin an plé i gcomhthéacs.

Seo thíos treoir do theagascóirí maidir leis na cineálacha téamaí nó fothopaicí a bheadh oiriúnach le hábhar ranga a bhunú orthu agus topaicí an tsiollabais á bhforbairt **i gcomhthéacs an phlé phearsanta**. Tá sé i gceist go mbunódh na teagascóirí ábhar ranga ar cibé ceann de na fothopaicí a bheadh oiriúnach do réimse spéise agus do chumas a gcuid mac léinn agus go gcuirfidís na fothopaicí in oiriúint do riachtanais an ghrúpa teagaisc áirithe atá acu.


Sampla:

Topaic 2: Saol an Mhic Léinn

Fothopaic: An saol ar an gcampas

D'fhéadfadh teagascóirí ábhar spéisiúil faoi shaol sóisialta, polaitíocht ar an gcampas, cumainn, clubanna, áiseanna ar an gcampas nó aon ghné ábhartha eile de shaol an champais a cheangal leis an bhfothopaic seo. Is **trí théacsanna** (idir théacsanna éisteachta, físe agus léitheoireachta) a mholtar na topaicí a láimhseáil agus **trí thascanna cumarsáideacha** bunaithe ar na téacsanna sin. Meabhraítear go mbeidh aird na mac léinn á tarraingt ar an bhfeasacht teanga nuair a bheidh siad ag dul i ngleic leis na téacsanna sin agus ag déanamh na dtascanna a bheidh bunaithe ar na téacsanna, agus go mbeidh na scileanna foghlama atá liostaithe sa siollabas á bhforbairt chomh maith.


1. Cúrsaí Taistil



- An taisteal atá déanta agam i mo shaol go dtí seo.
- Nósanna na mac léinn sa choláiste seo maidir le taisteal sa samhradh – Cá dtéann siad? Cá n-oibríonn siad? An saoire nó obair a bhíonn i gceist lena gcuid taistil?
- Scéimeanna éagsúla a chuireann ar chumas na mac léinn taisteal a dhéanamh: J1 srl.

- Scéim *Erasmus* – Cad í agus an mbeadh spéis agam ann?
- Tíortha a mbeadh spéis agam cuairt a thabhairt orthu.
- Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le taisteal agus tú i do mhac léinn.
- Daoine ar m'aithne arb as tíortha eile iad.
- Aon eolas atá agam ar theangacha a d'éascódh an taisteal ba mhaith liom a dhéanamh.
- Mo dhearcadh féin ar chúrsaí taistil i gcomparáid le dearcadh mo mhuintire.
- Mic léinn na hÉireann agus iad thar lear – Cén dearcadh a bhíonn ag daoine fúthu? Conas mar a iompraíonn siad iad féin? Cá dtéann siad? Cad a dhéanann siad?


2. Saol an Mhic Léinn



- *Sláinte:*
Cúrsaí bia: an bia a cheannaím, cócaráil a dhéanaim, aistí bia a leanaim, nósanna ithe i measc na mac léinn, nósanna dí i measc na mac léinn, beár an choláiste, bialann an choláiste.
Eile: cúrsaí spóirt agus aclaíochta, drugaí, seirbhísí sláinte sa choláiste.
- *Cúrsaí eacnamaíochta:*
Tionchar an chúlú eacnamaíoch ar mo shaol, na rudaí a gcaithim airgead orthu, rudaí saora/daora i mo shaol, deacrachtaí airgid, poist pháirtaimseartha, obair sa samhradh, ionchais atá agam don am atá amach romham maidir le gairm bheatha agus slí bheatha, nósanna airgid i measc na mac léinn, tionchar an chúlú eacnamaíoch ar shaol an choláiste i.e. níos lú léachtaí / léachtóirí srl.
- *Cúrsaí faisin:*
An tábhacht a bhaineann le fairean i mo shaol, cúrsaí faisin sa choláiste seo, an t-airgead a chaithim nó nach gcaithim ar fhaisean, béasa siopadóireachta atá agam.
- *Staidéar:*
An brú a bhaineann leis an staidéar, conas mar a théim i ngleic le mo chuid oibre do na cúrsaí atá ar bun agam, nósanna staidéir atá agam, straitéisí éifeachtacha agus mí-éifeachtacha a mbainim úsáid astu, buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le poist pháirtaimseartha nuair atá tú i mbun staidéir, mo chlár ama agus conas a dhéanaim bainistiú ar mo chuid ama, an úsáid a bhainim as an leabharlann agus áiseanna eile staidéir.


- *Brúnna sóisialta:*
Conas mar a dhéanaim déileáil le brúnna a bhraithim i mo shaol, brú a bhraithim maidir le cúrsaí íomhá (ar líne agus amuigh sa phobal); brúnna ar leith a bhíonn ar mhná / fir; brúnna a bhaineann le faisean, airgead, cairde, giuirléidí teicneolaíochta, saol sóisialta.
- *An saol ar an gcampas:*
Saol sóisialta an champais, na himeachtaí a nglacaim páirt iontu ar an gcampas, cúrsaí polaitíochta ar an gcampas (Aontas na Mac Léinn, Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn, toghcháin srl.), cumainn, clubanna, seirbhísí ar an gcampas, eagraíochtaí a oibríonn ar mo shon mar mhac léinn i.e. Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI), Aontas na Mac Léinn sa choláiste.

3. Mise mar Fhoghlaimeoir




- An difear idir an chéad agus an dara bliain maidir le foghlaim / staidéar.
- Feabhas atá tagtha ar mo chuid straitéisí foghlama ó thosaigh mé sa chéad bhliain.
- Na hacmhainní is mó a mbainim úsáid astu agus mé ag foghlaim / staidéar.
- Pleananna atá agam chun a chur ar mo chumas obair an chúrsa a dhéanamh.
- Mo ról féin mar fhoghlaimeoir teanga – freagrachtaí atá orm.
- Deacrachtaí atá agam le mo chúrsa.
- An úsáid a bhainim as an nua-theicneolaíocht i mo chuid foghlama.
- An fhoghlaim neamhspleách – conas mo chuid foghlama féin a phleanáil.
- Foghlaim / staidéar na Gaeilge – An bhfuil sí níos deacra / níos fusa ná m'ábhar eile?
- Mise mar fhoghlaimeoir Gaeilge – deacrachtaí agus dúshlán atá agam.
- Straitéisí atá agam chun feabhas a chur ar rudaí a bhfuil fadhbanna agam leo i mo chúrsa.
- An stíl foghlama atá agam.
- Ról mo chuid múinteoirí / teagascóirí i mo chuid foghlama.
- An taitneamh / tairbhe a bhainim as mo chuid cúrsaí. Rudaí ar mhaith liom feabhas a chur orthu.

4. Cúrsaí Oideachais



- An dearcadh atá agam ar an gcóras oideachais a bhfuil taithí agam air.
- Na gnéithe den chóras oideachais is mó ar bhain mé taitneamh agus tairbhe astu.
- Na gnéithe ba laige den taithí atá agam ar an gcóras oideachais.
- An t-eolas atá agam faoi chórais agus faoi chineálacha difriúla oideachais.
- Na rudaí a gcuirfinn feabhas orthu sa choláiste, dá bhféadfainn.
- Mo chúrsa léinn.
- Mise agus m'áit sa chóras oideachais.
- An ceangal a fheicim idir mo chúrsa léinn agus mo phleananna saoil.
- Aon eolas atá agam faoi chonspóidí / scéalta a bhíonn sa nuacht faoi chúrsaí oideachais.
- Na modhanna teagaisc agus foghlama a mbaintear úsáid astu sa chóras ina bhfuilim.
- Léachtóirí agus teagascóirí – an gaol atá agam leo.
- An úsáid a bhainim as áiseanna nua-aimseartha oideachais i.e. rochtain ar nótaí léachta ón mbaile (*Moodle* agus *Blackboard*), áiseanna leabharlainne ar líne, Vicipéid srl.).
- Mic léinn B.Oid.: an dearcadh atá agam ar an gcóras bunscolaíochta / saol an mhúinteora / cúrsaí siollabais / modhanna múinte.


5. Cúrsaí Sóisialta



- An bhaint a bhíonn agam le / an spéis atá agam in obair dheonach agus i gcarthanachtaí.
- Na scéimeanna éagsúla atá ann chun cur ar chumas na mac léinn páirt a ghlacadh in obair dheonach agus in obair ar son carthanachtaí.
- Seachtain na nGiobal agus an ról atá aici i mbailiú airgid do charthanachtaí.
- Seirbhísí / tacaíochtaí / scéimeanna atá ar fáil sa choláiste do mhic léinn a mbíonn deacrachtaí sóisialta acu.

- Na brúnna sóisialta atá orm mar mhac léinn.
- Cúrsaí eacnamaíochta ar an gcampas: fadhbanna airgid, costas maireachtála, difríochtaí sa saol a mhaireann mic léinn ó chúlraí éagsúla.
- Cúrsaí tithíochta agus lóistín: an cineál lóistín atá agam, buntáistí agus míbhuntáistí le cineálacha éagsúla lóistín, deacrachtaí a bhíonn ann lóistín a fháil, costas lóistín, daoine a roinnim teach leo, caighdeán an lóistín a bhíonn ar fáil.
- Cúrsaí creidimh i measc na mac léinn agus ar an gcampas.
- Cúrsaí comhshaoil i mo shaol – an ról atá agam i gcaomhnú na timpeallachta, rudaí a dhéanaim chun cabhrú le cúrsaí timpeallachta srl.
- Aontas na Mac Léinn in Éirinn agus an ról atá aige i mbaint amach cearta do mhic léinn.
- An spéis atá agam / nach bhfuil agam i scéalta a bhíonn sa nuacht agus i mbéal an phobail maidir le cúrsaí sóisialta: mionlaigh, inimirce, bochtaineacht srl.

6. Feasacht Idirchultúrtha



An t-ilteangachas agus mionteangacha


- Tuiscintí atá agam ar an ilteangachas.
- Tuiscintí atá agam ar mhionteangacha.
- Tuiscintí atá agam ar an nGaeilge mar mhionteanga.
- Teangacha atá ar mo thoil agam – cosúlachtaí agus difríochtaí idir iad agus an Ghaeilge.
- Daoine ar m'aithne a bhfuil teangacha eile acu.
- An taithí atá agam ag úsáid teangacha le daoine eile.
- Dearcadh daoine fúm nuair a deirim leo go bhfuilim ag déanamh céim sa Ghaeilge.

Cultúr

- An tuiscint atá agam ar cén rud é cultúr.
- An tábhacht atá le cultúr i mo shaol.
- An tuiscint atá agam ar chultúr na bpobal a bhfuil cur amach agam ar a dteangacha.
- Tuiscintí agus míthuiscintí atá agam ar chultúr na Gaeilge / na Gaeltachta.
- Cultúr an aosa óig agus cultúr na mac léinn – An ann dóibh? Cad iad?


- Cultúr an champais – An ann dó? Cad é?
- An tuiscint atá agam ar chultúr na hÉireann i gcomparáid le cultúir eile.

7. An Ghaeltacht agus Pobal na Gaeilge



- Tuiscintí atá agam ar an nGaeltacht.
- Tuiscintí atá agam ar phobail éagsúla a labhraíonn Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.
- Cuairteanna atá tugtha agam / a bheidh á dtabhairt agam ar an nGaeltacht.
- An aithne atá agam ar chainteoirí dúchais.
- Pobal na Gaeilge ar an gcampas: Oifigeach Gaeilge, na cumainn Ghaeilge, ionaid chónaithe Gaeilge srl.


8. Cúrsaí Litríochta agus Léirmheastóireachta



- An cúrsa litríochta sa dara bliain i gcomparáid leis an gcéad bhliain.
- Litríocht a thaitníonn liom lasmuigh de mo chúrsa léinn.
- Na seánraí litríochta i mo chúrsa a thaitníonn liom.
- Gnéithe den chúrsa litríochta a chothaíonn deacrachtaí dom.
- An tábhacht a bhaineann leis na hábhair a ndéanaim staidéar orthu mar chuid de mo chúrsa litríochta i.e. béaloideas, Sean-Ghaeilge, nuafhilíocht, canúineolaíocht srl.
- Mo nósanna léitheoireachta – i mBéarla agus i nGaeilge.
- An cineál scríbhneoireachta a dhéanaim.
- Cé chomh cruinn is a bhím sa Bhéarla.
- Na deacrachtaí a bhíonn agam le léamh agus le scríobh na Gaeilge.
- Cineálacha éagsúla léitheoireachta agus scríbhneoireachta – aidhmeanna éagsúla léitheoireachta agus stíleanna éagsúla scríbhneoireachta.
- An tionchar a bhíonn ag teachtaireachtaí téacs ar litriú / stíl scríbhneoireachta.


- Na téamaí atá coitianta sa litríocht atá mar chuid de chúrsa an dara bliain.
- Cad a shamhlaím le léirmheastóireacht?
- Deacrachtaí a bhíonn agam agus mé ag déanamh anailíse ar théacsanna / scannáin / albaim cheoil.
- Ag cur síos ar litríocht / scannáin a thaitníonn / nach dtaitníonn liom.

9. Na Meáin Chumarsáide



- Na meáin a thaitníonn liom.
- Na meáin is mó a mbaineann mic léinn úsáid astu.
- Na meáin a mbraitheann mic léinn orthu chun scéalta nuachta a fháil.
- An cineál nuachta a gcuirim spéis ann.
- Mo dhearcadh ar nuacht faoi na ceiliúráin.
- An úsáid a bhainim as na meáin i mo chuid foghlama.
- An úsáid a bhainim as meáin éagsúla chun teagmháil a dhéanamh le daoine.
- An úsáid a bhainim as na meáin Ghaeilge.

10. Cúrsaí Teicneolaíochta



- An teicneolaíocht a mbainim úsáid aisti.
- Buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis an teicneolaíocht a mbainim úsáid aisti.
- An úsáid a bhainim as an teicneolaíocht i mo chúrsa léinn.
- An úsáid a bhainim as an teicneolaíocht chun cabhrú liom feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge.
- Láithreáin líonraithe shóisialta – an úsáid a bhainim astu, buntáistí agus míbhuntáistí.
- An úsáid a bhaintear as an teicneolaíocht sa choláiste – leabharlann, oifig chlárúcháin, scéalta a scaipeadh srl.

**An Plé i gComhthéacs
(An Fheasacht Chultúrtha)
Moltaí do Theagascóirí**



An Plé i gComhthéacs (An Fheasacht Chultúrtha) Moltaí maidir leis na Topaicí sa Siollabas

Tá topaicí an tsiollabais le forbairt in dhá shlí éagsúla sa seomra ranga. Díreoidh na teagascóirí ar théamaí a bhaineann go dlúth le saol agus le taithí na mac léinn – sin an plé pearsanta, agus leathnóidh na teagascóirí na téamaí sin chun díriú ar nithe a bhaineann leis an bhfeasacht chultúrtha – sin an plé i gcomhthéacs.

Seo thíos treoir do theagascóirí maidir leis na cineálacha téamaí nó fothopaicí a bheadh oiriúnach le hábhar ranga a bhunú orthu agus topaicí an tsiollabais á bhforbairt **i gcomhthéacs na feasachta cultúrtha** nó **an plé i gcomhthéacs**. Tá sé i gceist go mbunódh na teagascóirí ábhar ranga ar cibé ceann de na fothopaicí a bheadh oiriúnach do réimse spéise agus do chumas a gcuid mac léinn agus go gcuirfidís na fothopaicí in oiriúint do riachtanais an ghrúpa teagaisc áirithe atá acu.

Moltar go leathnófaí tuiscintí na mac léinn faoi ghné éigin de gach ceannteideal i rith na bliana teagaisc ach braitheann doimhneacht agus castacht an phlé ar leibhéal na mac léinn agus ar a gcuid riachtanas, dar ndóigh. Níl sé i gceist, mar sin, go ndéanfadh na mic léinn déileáil le gach uile cheann de na fothopaicí thíos ach go roghnódh teagascóirí na cinn a mheasann siad a bheadh tairbheach dá ngrúpa agus a bheadh oiriúnach do leibhéal agus do réimse spéise a ngrúpa. Is fiú féachaint ar an liosta thíos mar chláir roghanna – is féidir cibé méid fothopaic a oireann don ghrúpa a roghnú chomh fada is go bhfuiltear ag cur le feasacht na mac léinn faoi ghné éigin de gach ceannteideal.

Níl sé i gceist gur léachtaí nó seisiúin eolais faoi na fothopaicí thíos a bheadh i gceist sa seomra ranga ach gur nithe iad a dtarraingeofaí aird na mac léinn orthu de réir a chéile i gcomhthéacs na hoibre ranga. Is **trí théacsanna** (idir théacsanna éisteachta, físe agus léitheoireachta) a mholtar na topaicí a láimhseáil agus **trí thascanna cumarsáideacha** bunaithe ar na téacsanna sin. Meabhraítear go mbeidh aird na mac léinn á tarraingt **ar an bhfeasacht teanga** nuair a bheidh siad ag dul i ngleic leis na téacsanna sin agus ag déanamh na dtascanna a bheidh bunaithe ar na téacsanna, agus go mbeidh na **scileanna foghlama** atá liostaithe sa siollabas á bhforbairt chomh maith.


Tá sé tábhachtach, mar sin, go mbeadh na téamaí a roghnófar, mar aon leis na téacsanna agus na tascanna a bheidh bunaithe ar na téamaí sin, oiriúnach do riachtanais na mac léinn agus go n-aithneofaí nach ionann mar a phléifí le téamaí éagsúla le grúpaí éagsúla. Ba cheart go mbeadh an t-ábhar ag an leibhéal ceart dúshláin do gach dream – ní mar a chéile a phléifí le hábhar as an rogha thíos le grúpa cainteoirí dúchais agus grúpa mac léinn a d'fhoghlaim an Ghaeilge mar dhara teanga agus a bhfuil cúlra cultúrtha éagsúil acu. Ní bheadh sé tairbheach am a chaitheamh ag míniú do rang cainteoirí dúchais go bhfuil a leithéid de rud ann agus códmheascadh, cuir i gcás – b'fhearr go mór díriú ar nithe níos doimhne: gur rud é a bhaineann leis an dátheangachas go hidirnáisiúnta, an dearcadh a bhíonn ag

daoine ar an gcódmheascadh, an tionchar a bhíonn ag an duine a bhfuil tú ag caint leis ar an gcódmheascadh i do chuid cainte, an réim teanga a bhaineann le códmheascadh srl. Seans maith go mbeadh an-spéis ag grúpaí ina bhfuil mic léinn Ghaeltachta nithe a phlé faoi chanúintí agus an difear idir canúint agus caighdeán ach seans go mbeadh an plé seo dúshlánach do mhic léinn eile. Bheadh plé ar earnáil na Gaelscolaíochta tairbheach agus spéisiúil do ghrúpa mac léinn B.Oid. ach seans nach mbeadh an spéis chéanna ag grúpaí eile sa phlé.

An Plé i gComhthéacs: Fothopaicí Samplacha

Braitheann cur i láthair agus comhthéacs na dtéarmaí go léir ar na téacsanna ranga a roghnaítear, ar leibhéal na mac léinn agus ar ábhair spéise na mac léinn. Meabhraítear gur **i gcomhthéacs mhúineadh na teanga** a phléifí leo, seachas mar sheisiúin eolais. Léiríonn roinnt den ábhar samplach conas seo a dhéanamh.


1. Cúrsaí Taistil



Ba chóir na mic léinn a chur ag machnamh faoin topaic seo i dtéarmaí níos leithne ná a dtaithí phearsanta féin. D'fhéadfaí cuid de na nithe seo a leanas a phlé leo chun cur lena bhfeasacht chultúrtha:

- Difríochtaí idir tíortha agus cultúir éagsúla.
- An tábhacht a bhaineann le heolas ar theangacha don taisteal.
- An fiúntas a bhaineann le scéimeanna mar *Erasmus* má tá tú ag baint céime amach i dteanga iasachta.
- An fiúntas a bhaineann le turas chun na Gaeltachta má tá tú ag baint céime amach sa Ghaeilge.
- Coincheapa a thagann chun cinn i gcúrsaí taistil – feasacht idirchultúrtha, féiniúlacht, cultúr, creideamh, nósanna cultúrtha.
- An domhandú cultúir agus cúrsaí taistil.
- An ceangal idir eolas ar theangacha agus taisteal.
- Ceist na himirce / na hinimirce agus cúrsaí taistil.
- An dearcadh atá ag daoine thar lear ar Éireannaigh.
- Réamhthuaisirí faoi thíortha éagsúla – Cad iad? Cad is bunús leo?
- Réamhthuaisirí faoi phobail éagsúla – Cad iad? Cad is bunús leo?
- Pobal na Gaeilge thar lear / an Ghaeltacht fhíorúil.
- An diaspóra Éireannach – Cé hiad? Cá bhfuil siad?
- An litríocht taistil sa Ghaeilge.
- Taisteal sa lá atá inniu ann – cúrsaí slandála, sábháilteacht srl.

2. Saol an Mhic Léinn



Ba chóir na mic léinn a chur ag machnamh faoin topaic seo i dtéarmaí níos leithne ná a dtaithí phearsanta féin. D'fhéadfaí cuid de na nithe thíos a leanas a phlé leo chun cur lena bhfeasacht chultúrtha.

Moltar na fothopaicí go léir sa rannóg 'plé pearsanta' a leathnú chun a chur ar chumas na mac léinn labhairt fúthu i dtéarmaí níos leithne ná a saol agus a dtaithí féin i.e. seachas labhairt faoi bhialann an choláiste, an plé ar chúrsaí bia a leathnú go dtí bianna eiticiúla agus bianna organácha nó nithe eile a leathnódh an topaic chun dul lasmuigh den rud a bhfuil taithí acu air.

Sampla – Cúrsaí faisin:

Cad is brí le faisean, difríochtaí idir cúrsaí faisin d'fhir agus do mhná, irisleabhair ban agus an dearcadh a bhíonn iontu ar an saol / ar mhná, an bhaint atá ag faisean le comhfhoirmeacht shóisialta (leanúint daoine eile, oiriúnú do nósanna daoine eile srl.), an dearcadh atá ar fhaisean i dtíortha éagsúla.


Sampla – Cúrsaí sláinte:

Cad is brí le bheith 'sláintiúil', an bhfuil mic léinn 'sláintiúil' mar phobal daoine, an dearcadh i measc na mac léinn ar shláinte, an tionchar a imríonn bia ar shláinte, bianna orgánacha agus 'eiticiúla', cúrsaí sláinte sa tír seo.

Anuas air sin, seo topaicí níos leithne nach bhfuil luaite sa phlé pearsanta:

- Mic léinn mar phobal daoine – tréithe, fadhbanna, buntáistí, míbhuntáistí.
- Dearcadh an phobail ar mhic léinn (i.e. eastáit tithíochta ina mbíonn mic léinn ina gcónaí, dearcadh tábhairneoirí agus lucht gnó eile, dearcadh an rialtais srl.).
- Pobail de mhic léinn laistigh den champas (pobail ceangailte le cumainn, le slite maireachtála agus le stíleanna áirithe.)
- An tionchar a imríonn mic léinn ar an bpobal.
- Féidearthachtaí atá ann do mhic léinn cur lena saol i.e. scoláireachtaí, obair dheonach, scéimeanna taistil, iarchéimeanna, cúrsaí samhraidh/oíche srl.
- An campas mar mhicreacasma don saol mór i.e. polaitíocht ar an gcampas v. polaitíocht na tíre; caidrimh le daoine sa choláiste v. caidrimh le daoine amuigh sa phobal; an t-ullmhúchán a fhaigheann mic léinn don saol oibre agus iad ag freastal ar an gcoláiste.
- Saol an mhic léinn in Éirinn i gcomparáid le saol an mhic léinn i dtíortha eile.
- Mic léinn eachtrannacha atá ag déanamh staidéir in Éirinn – a gcultúr, a gcreideamh, a gcuid nósanna staidéir, an aithne a chuireann mic léinn Éireannacha orthu.
- Nithe a bhíonn i mbéal an phobail agus sna meáin maidir le saol na mac léinn: táillí, agóidí, cíós, Seachtain na nGiobal, an t-ólachán, marcáil scrúduithe srl.
- Íomhá na mac léinn d'institiúidí éagsúla oideachais.

3. Mise mar Fhoghlaimeoir



Ba chóir na mic léinn a chur ag machnamh faoin topaic seo i dtéarmaí níos leithne ná a dtaithí phearsanta féin. D’fhéadfaí cuid de na nithe seo a leanas a phlé leo chun cur lena bhfeasacht chultúrtha:

Foghlaim na Gaeilge:

- Deacrachtaí agus dúshláin: an Ghaeilge mar theanga ó thaobh an fhoghlaimeora de – struchtúr, comhréir, gramadach, fuaimeanna, canúintí, scríobh v. labhairt. Luadh an fhothopaic seo sa chéad bhliain ach moltar plé leis ar bhealach níos doimhne sa dara bliain.
- Foghlaim na Gaeilge thar lear.
- Eachtrannaigh ag foghlaim na Gaeilge in Éirinn.
- Foghlaim na Gaeilge sna Gaeltachtaí (coláistí samhraidh, cúrsaí deireadh seachtaine).
- Múineadh na Gaeilge sna scoileanna.
- An teanga a mhúintear sna scoileanna v. caint na Gaeltachta.
- Ról na nGaelscoileanna i sealbhú teanga.
- Acmhainní clóite agus teicneolaíochta atá ann don Ghaeilge.
- Dearcadh foghlaimeoirí i leith fhoghlaim na Gaeilge.
- An dearcadh a léirítear sna meáin maidir le foghlaim na Gaeilge.


Foghlaim go ginearálta:

- Cad is foghlaim éifeachtach ann?
- An ionann múineadh agus foghlaim?
- Cad atá i gceist le foghlaim fhéinriartha? Conas is féidir tabhairt fúithi?
- Ról an fhoghlaimeora v. ról an teagascóra i bhfoghlaim.
- Cad iad na straitéisí agus na scileanna is fearr chun foghlaim go héifeachtach?
- Cad iad na straitéisí agus na scileanna is fearr chun teanga a fhoghlaim go héifeachtach?
- Cad atá i gceist le teanga a bheith ‘agat’?
- Foghlaim mionteanga – impleachtaí. Nósanna i dtíortha eile i.e. an Bhreatain Bheag.
- Teangacha an domhain / bás teangacha / teangacha i mbaol / teangacha atá forleathan.
- An úsáid ba cheart a bhaint as leabharlanna agus acmhainní eile.

- Stíleanna éagsúla foghlama atá ann.
- An coláiste seo mar ionad foghlama.
- Forbairtí atá tarlaithe maidir le foghlaim: an chianfhoghlaim, pacáistí féinteagaisc, cúrsaí ar líne, foclóirí ar líne srl.


4. Cúrsaí Oideachais

Ba chóir na mic léinn a chur ag machnamh faoin topaic seo i dtéarmaí níos leithne ná a dtaithe phearsanta féin. D'fhéadfaí cuid de na nithe seo a leanas a phlé leo chun cur lena bhfeasacht chultúrtha:



- Nithe a bhíonn i mbéal an phobail a bhaineann le polasaithe oideachais – táillí, rochtain, mic léinn faoi mhíbhuntáiste, mic léinn faoi mhíchumas, comhionannas deiseanna, tionchar an chúlú eacnamaíoch ar an gcóras oideachais.
- Oideachas lasmuigh den tír seo i.e. saol an mhic léinn i Meiriceá (táillí arda srl.) agus i dtíortha eile.
- Coincheapa a bhaineann le cúrsaí oideachais: comhionannas, cianfhoghlaim, rochtain, treonna nua san oideachas.
- Cineálacha éagsúla mac léinn / próifilí éagsúla: mic léinn lánfhásta, mic léinn eachtrannacha, mic léinn cathrach, mic léinn ó cheantair tuaithe.
- Cineálacha difriúla oideachais sa tír seo agus thar lear: an Ghaelscolaíocht, scoileanna idirchreidmheacha, scoileanna Fraincise / Gearmáinise, scoileanna don phobal Moslamach, scoileanna Caitliceacha, pobalscoileanna, institiúidí teicneolaíochta srl.
- An dearcadh i measc an phobail agus i measc na mac léinn faoi institiúidí éagsúla oideachais.
- Cúrsaí oideachais sa Ghaeltacht: scoileanna Gaeltachta, naíonraí, campais Ollscoile i gceantair Ghaeltachta, conspóidí a bhaineann le cúrsaí oideachais sa Ghaeltacht.

5. Cúrsaí Sóisialta



Ba chóir na mic léinn a chur ag machnamh faoin topaic seo i dtéarmaí níos leithne ná a dtaithí phearsanta féin. D’fhéadfaí cuid de na nithe thíos a leanas a phlé leo chun cur lena bhfeasacht chultúrtha.

Moltar na fothopaicí go léir sa rannóg ‘plé pearsanta’ a leathnú chun a chur ar chumas na mac léinn labhairt fúthu i dtéarmaí níos leithne ná a saol agus a dtaithí féin i.e. seachas ról Sheachtain na nGiobal i mbailiú airgid do charthanachtaí, an plé sin a leathnú go dtí carthanachtaí móra na tíre (*Focus Ireland, Trócaire, Goal srl.*) nó nithe eile a leathnódh an topaic chun dul lasmuigh den rud a bhfuil taithí acu air.

Sampla – Mionlaigh:

- Mic léinn mar mhionlach sa phobal agus mic léinn ar mionlaigh iad, mionlaigh atá sa tír seo agus an tslí ina gcaitear leo, pobal labhartha mionteanga mar mhionlach, cad is brí le mionlach i bpobal agus cad iad na himpleachtaí a bhíonn ag stádas mionlaigh don phobal sin.


Sampla: Cúrsaí tithíochta agus lóistín:

- Tiarnaí talún agus lóistín, an íomhá atá ann de cheantair ar leith, íomhá an phobail do mhic léinn i dtithe ar cíós, cearta tionóntaí.

Seo fothopaicí eile nach bhfuil luaite sa phlé pearsanta:

- Cad go díreach atá i gceist le ‘cúrsaí sóisialta’ mar choincheap.
- Nithe a bhíonn i mbéal an phobail maidir le cúrsaí sóisialta i.e. an inimirce, an imirce, bochtaineacht, daoine gan dídean, creideamh, míbhuntáiste, mionlaigh, deiseanna oideachais, coiriúlacht, drugaí, cúrsaí comhshaoil.
- Cúrsaí sóisialta mar a bhaineann siad leis an nGaeltacht: tithíocht, pobail, fostaíocht, oideachas.

6. Feasacht Idirchultúrtha



Ba chóir na mic léinn a chur ag machnamh faoin topaic seo i dtéarmaí níos leithne ná a dtaithí phearsanta féin. D’fhéadfaí cuid de na nithe seo a leanas a phlé leo chun cur lena bhfeasacht chultúrtha:


An t-ilteangachas agus mionteangacha

- Foghlaim mionteanga – impleachtaí, straitéisí, dúshláin.
- An t-ilteangachas mar choincheap – cad is brí leis, scileanna éagsúla i dteanga srl.
- Mionteangacha in Éirinn, san Eoraip agus sa domhan.
- An tábhacht a bhaineann le teangacha sa lá atá inniu ann.
- Mórtheangacha an domhain – Cad iad agus cén tionchar atá acu ar na mionteangacha?
- Bás teanga / athnuachan teanga.

Cultúr

- Cén rud é cultúr?
- Cad atá i gceist le bheith i d'Éireannach? I d'Eorpach?
- Cultúr éagsúla atá in Éirinn – Cad iad?
- An cultúr domhanda.
- Tionchar ollchultúir Mheiriceá agus na Breataine ar chultúr eile.
- An tábhacht a bhaineann le cultúr do phobail éagsúla.
- An ceangal idir féiniúlacht agus cultúr.
- An ceangal idir teanga agus cultúr.
- Cultúr na Gaeilge agus na Gaeltachta.

7. An Gaeltacht agus Pobal na Gaeilge




Ba chóir na mic léinn a chur ag machnamh faoin topaic seo i dtéarmaí níos leithne ná a dtaithí phearsanta féin. D'fhéadfaí cuid de na nithe seo a leanas a phlé leo chun cur lena bhfeasacht chultúrtha:

- Cén rud é Gaeltacht? Cá bhfuil na Gaeltachtaí éagsúla?
- An Gaeltacht mar áit chónaithe – míthuiscintí, dúshláin, buntáistí, míbhuntáistí.
- Míthuiscintí a bhíonn ag daoine faoin nGaeilge agus lucht a labhartha / lucht a foghlama.
- An tábhacht a bhaineann le tréimhse sa Gaeltacht nuair atá staidéar á dhéanamh agat ar an nGaeilge.
- Nithe a bhíonn sa nuacht maidir le saol na Gaeilge agus saol na Gaeltachta: an straitéis 20 bliain, Acht na dTeangacha Oifigiúla, conspóidí faoi

Ghaelscolaíocht, maoiniú do thograí teanga-bhunaithe, polasaithe maidir le dátheangachas i scoileanna, an caighdeán litearthachta atá ag daoine óga sa Ghaeltacht, tithíocht sa Ghaeltacht srl.

- Cén rud é cainteoir dúchais?
- An teanga sa Ghaeltacht v. an nuathearmaíocht. Dearcadh mhuintir na Gaeltachta ar an nuathearmaíocht.
- Foghlaimeoirí Gaeilge v. cainteoirí dúchais: canúint, Caighdeán, códmheascadh srl.
- Institiúidí agus eagraíochtaí sa phobal a bhfuil baint acu leis an teanga.
- Polaitíocht: áit na Gaeilge sa Rialtas, an tábhacht a bhaineann le tacaíocht rialtais don dátheangachas, straitéis an rialtais i leith na Gaeilge.
- Ainmneacha agus sloinnte sa Ghaeltacht.
- An caidreamh idir glúine: an tábhacht a bhaineann le ginealaigh sa Ghaeltacht – na ceisteanna *Cé leis tú?* agus *Cé ar díobh tú?*, mar shampla.
- Logainmneacha.
- Canúintí na Gaeilge – á n-aithint agus á dtuiscint.
- Muintir na Gaeltachta mar phobal – roghanna teanga agus impleachtaí na roghanna sin.
- Acht na dTeangacha Oifigiúla agus an Ghaeltacht.
- Féilte agus ócáidí sóisialta.
- Dúshláin atá ag pobal na Gaeltachta.
- Pobal na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.
- An Ghaeltacht fhíorúil.
- Saol cultúrtha comhaimseartha na Gaeltachta.

8. Cúrsaí Litríochta agus Léirmheastóireachta




Ba chóir na mic léinn a chur ag machnamh faoin topaic seo i dtéarmaí níos leithne ná a dtaithí phearsanta féin. D'fhéadfaí cuid de na nithe seo a leanas a phlé leo chun cur lena bhfeasacht chultúrtha:

- An íomhá de litríocht na Gaeilge i measc na mac léinn.
- An íomhá de litríocht na Gaeilge i measc an phobail.
- Na dúshláin a bhaineann le saothrú na litríochta i dteanga mhionlaigh.
- Scríbhneoirí na Gaeilge, scríbhneoirí óga ina measc.
- Cruinneas v. líofacht: An gá a bheith cruinn sa scríobh? ('Is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste').

- Na canúintí v. an Caighdeán Oifigiúil (Gaeilge na Gaeltachta v. ‘Gaeilge na leabhar’).
- Cad atá i gceist le bradaíl liteartha? Conas í a aithint? Conas í a sheachaint?
- Nósanna maidir le scríbhneoireacht acadúil i.e. tagairtí, athinsint, athfhriotal, leabharliostaí srl.
- Ag fáil taithí níos leithne ar chanúintí i dtéacsanna scríofa.
- Litríocht na Gaeltachta.
- An fiúntas a bhaineann le seánraí litríochta mar *chicklit*.
- Irisí ban agus irisí fear agus an dearcadh a léirítear iontu i leith pobail ar leith.
- Irisí Gaeilge ar líne.
- Sainréim teanga.
- Cad atá i gceist le léirmheas / anailís a dhéanamh?
- Conas plé go criticiúil le téacs.
- An teanga a mbaintear úsáid aisti i gcúrsaí léirmheastóireachta.
- Na cineálacha éagsúla scríbhneoireachta atá ann.
- Oiriúnacht teanga do chomhthéacsanna éagsúla sa scríobh.
- Léamh níos doimhne a dhéanamh ar théacs i.e. greann, íoróin, leaganacha canúnacha a thuiscint.
- An léirmheastóireacht agus meáin chumarsáide na Gaeilge:
 - léirmheasanna leabhar
 - léirmheasanna scannán
 - léirmheasanna drámaíochta
 - léirmheas nuachtán
 - léirmheas irise

9. Na Meáin Chumarsáide




Ba chóir na mic léinn a chur ag machnamh faoin topaic seo i dtéarmaí níos leithne ná a dtaithí phearsanta féin. D’fhéadfaí cuid de na nithe seo a leanas a phlé leo chun cur lena bhfeasacht chultúrtha:

- Na cineálacha éagsúla meán atá ann.
- Buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis na meáin éagsúla.
- An chumhacht atá ag meáin áirithe / freagrachtaí atá ar na meáin.
- An éifeacht a bhaineann le meáin éagsúla.
- Nuacht na gceiliúrán – Cén rud ceiliúrán?, príobháideachas srl.

- Na meáin chraolta sa Ghaeilge: TG4, Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life, Raidió Fáilte, Raidió Rí Rá.
- Na meáin chlóite sa Ghaeilge: *Foinse, Gaelscéal, Comhar, Nósmag, Feasta*.
- Ról na meán i gcur scéalta nuachta os comhair an phobail.
- An úsáid is féidir a bhaint as na meáin chun teanga a fhoghlaim.
- Ag déanamh anailíse ar fhoinsé scéil.
- Athruithe atá tagtha ar mhodhanna cumarsáide de bharr na meán.
- Oibiachtúlacht sna meáin.
- Gáifeachas i scéalta nuachta.
- Teilifís réaltachta.

10. Cúrsaí Teicneolaíochta



Ba chóir na mic léinn a chur ag machnamh faoin topaic seo i dtéarmaí níos leithne ná a dtaithí phearsanta féin. D'fhéadfaí cuid de na nithe seo a leanas a phlé leo chun cur lena bhfeasacht chultúrtha:

- Buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le láithreáin líonraithe shóisialta.
- Priobháideachas ar líne.
- Bulaíocht ar líne.
- Blagáil mar choincheap.
- An íomhá a chruthaíonn daoine dóibh féin ar líne.
- Béasaíocht ar líne – glacadh nó gan glacadh le cairde nua ar *Facebook*, an teanga a úsáidtear i dteachtaireachtaí le cairde srl.
- An tionchar a bhíonn ag láithreáin líonraithe shóisialta ar chaidrimh le daoine.
- Réaltacht fhíorúil – cad atá i gceist léi agus cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann léi.
- An Ghaeilge ar an ngréasán – suímh ghréasáin, seomraí comhrá, acmhainní oideachasúla, blaganna.
- An teicneolaíocht agus an Ghaeilge (*Gaelspell, WinGléacht* srl.).
- Gutháin phóca agus an Ghaeilge (téacsáil trí Ghaeilge, an chumarsáid trí theachtaireachtaí téacs).
- Na meáin Ghaeilge ar líne.

Scileanna Foghlama

Moltaí do Theagascóirí



Scileanna Foghlama Moltaí do Theagascóirí

Nóta:

Is treisiú agus forbairt ar an méid a rabhthas ag súil leis ón mac léinn sa chéad bhliain atá i gceist sa dara bliain. Seachas réimse nua scileanna foghlama a bheith i gceist sa dara bliain, mar sin, is iad na scileanna foghlama céanna atá i gceist ach iad á bhforbairt i slí níos doimhne agus níos casta agus an mac léinn ag dul i dtreo an neamhspleáchais maidir lena chuid foghlama féin. Feictear an dúshlán breise seo sna tascanna a ghabhann leis an ábhar samplach don dara bliain, agus tabharfar faoi deara go n-éilítear scileanna agus tuiscintí níos forbartha freisin chun na tascanna san fhillteán foghlama a chur i gcrích.

Tá sé i gceist go bhforbródh na mic léinn scileanna foghlama áirithe le linn a gcúrsa teagaisc. Seo an *savoir apprendre* atá luaite sa réamhrá leis an siollabas. Tá sé mar aidhm go mbeadh na scileanna seo á bhforbairt: (i) sna seisiúin teagaisc; (ii) i ndéanamh na dtascanna san fhillteán foghlama; agus (iii) ina gcuid foghlama féinriartha. Is scileanna praiticiúla iad den chuid is mó agus tá moltaí faoi conas iad a shní isteach sa teagasc sa cháipéis seo. Tá dlúthcheangal ag roinnt de na scileanna foghlama (ag úsáid foclóra, ag úsáid leabhar gramadaí srl.) lena mbeidh ar siúl i gcothú na feasachta teanga.

Is próiseas leanúnach agus fadtéarmach a bheidh ar siúl le linn an chúrsa fochéime ar fad atá i gceist le forbairt na scileanna foghlama seo. Beidh grúpaí áirithe a bheidh in ann dul i ngleic leo ar leibhéal níos doimhne ná grúpaí eile, áfach, ag brath ar a leibhéal teanga agus ar a dtaithí foghlama – moltar seo a chur san áireamh nuair atá tascanna á ndearadh chun na scileanna a fhorbairt.

Na Scileanna Foghlama

1. Conas an fillteán foghlama a ullmhú
2. Cur amach ar théarmaíocht na gramadaí
3. Ag úsáid foclóra
4. Ag cuardach eolais i leabhar gramadaí
5. Ag baint leasa as na meáin
6. Ag úsáid áiseanna tacaíochta
7. Ag cothú deiseanna an teanga a labhairt
8. Ag aithint fadhbanna agus dúshlán ó thaobh na teanga de
9. Tuiscint ar struchtúr na teanga
10. Eolas ar fhuaimneanna na Gaeilge agus ar na canúintí

1. Conas an fillteán foghlama a ullmhú

Spriocanna:

- Go dtuigfeadh na mic léinn cén t-ábhar atá le cur san fhillteán foghlama.
- Go dtuigfeadh na mic léinn cad atá i gceist leis na tascanna don fhillteán.
- Go dtuigfeadh na mic léinn conas anailís a dhéanamh ar a bhfuil curtha i gcrích san fhillteán.

Moltaí:

- Tá treoir chuimsitheach ar fáil do na mic léinn ina ndéantar cur síos ar gach ceann de na tascanna atá le cur san fhillteán foghlama (an cháipéis ‘An Fillteán Foghlama’). Moltar an treoir seo a scaipeadh orthu sa chéad seisiún teagaisc.
- Moltar am a chur i leataobh i gceann de na seisiúin teagaisc go rialta chun na tascanna atá le déanamh a mhíniú agus chun tacaíocht a chur ar fáil a chabhródh leis na mic léinn na tascanna a dhéanamh. D’fhéadfaí tascanna ranga a bhunú ar an ullmhúchán do thascanna an fhillteáin, chomh fada is go bhfuil na tascanna ranga sin ag teacht le prionsabail agus spriocanna an tsiollabais.
- Moltar fealsúnacht an fhillteáin ó thaobh na foghlama de a phlé leis na mic léinn.
- Moltar an dul chun cinn a bheidh á dhéanamh ag mic léinn leis an bhfillteán foghlama a sheiceáil go rialta.

2. Cur amach ar théarmaíocht na gramadaí

Nóta: Is i gcomhthéacs na dtéacsanna ranga a mholtar an scil seo a fhorbairt den chuid is mó.

Spriocanna:

- Go ndéanfaí treisiú agus forbairt ar na scileanna a d’fhorbair na mic léinn sa réimse seo sa chéad bhliain agus go mbeidís ag éirí níos muiníní agus níos cumasaí i gcleachtadh na scile áirithe seo.
- Go dtuigfeadh na mic léinn na téarmaí gramadaí is coitianta a fheicfidh siad sna leabhair ghramadaí.
- Go mbeadh na mic léinn ábalta samplaí de na téarmaí sin a aithint i gcomhthéacs.

Is de réir a chéile a thiocfaidh na mic léinn ar thuiscintí faoin ngramadach agus ní mholtar na téarmaí go léir a chur ina láthair in aon rang amháin. Is fiú, áfach, an téarmaíocht is lárnaí a chur i láthair na mac léinn go luath sa chúrsa mar go n-éascóidh sin tuiscintí ar phatrúin agus ar struchtúir na teanga de réir mar a théann an cúrsa ar aghaidh.

Téarmaí: consan, guta, consan caol, consan leathan
 ainmfhocal, inscne, uimhir uatha, uimhir iolra, lagiolra, tréaniolra,
 alt, infhilleadh
 tuiseal, tuiseal ainmneach, tuiseal ginideach, tuiseal tabharthach,
 tuiseal gairmeach
 briathar, aimsir, réimniú, díochlaonadh
 ord na bhfocal, urú, séimhiú
 aidiacht, réamhfhocal simplí, réamhfhocal comhshuite
 forainm, forainm réamhfhoclach
 ainm briathartha, aidiacht shealbhach, dobhriathar, aidiacht
 bhriathartha

Moltaí:

- Níor cheart glacadh leis go bhfuil buntéarmaí gramadaí ar eolas ag na mic léinn go léir.
- Moltar obair ar théarmaíocht na gramadaí a bheith oiriúnach do leibhéal an ghrúpa.

Sampla: consain leathana agus consain chaola

Bheadh ceacht faoin difear fuaime idir consan leathan agus consan caol an-tairbheach do mhic léinn áirithe, ach ní bheadh sé sin ina riachtanas ag cainteoirí dúchais a bhfuil na fuaimeanna sin go nádúrtha acu. Mar sin féin, seans go mbeadh sé tairbheach do na cainteoirí dúchais díriú ar na consain sin sa scríobh agus sa litriú – conas iad a aithint san fhocal scríofa seachas conas iad a fhuaimniú.

- Moltar na mic léinn a chur ag machnamh ar na teangacha eile atá acu, d'fhonn comparáidí a dhéanamh idir na teangacha sin agus an Ghaeilge – go háirithe an Fhraincis nó an Ghearmáinis a d'fhoghlaim siad sa mheánscoil, teangacha ina gcaithfear inscne an fhocail a aithint. D'fhéadfaí iad a chur ag machnamh ar an tslí a n-aithníonn siad cé acu *le/la* nó *der/die/das* a úsáidtear sa Fhraincis agus sa Ghearmáinis faoi seach.
- Moltar na téarmaí gramadaí a chur i gcomhthéacs i.e. má tá téacs in úsáid sa rang d'fhéadfaí iarraidh ar na mic léinn gnéithe áirithe den ghramadach a thabhairt faoi deara sa téacs 'faigh réamhfhocal comhshuite, forainm réamhfhoclach, clásal coibhneasta agus consan caol sa sliocht seo as an téacs'.
- Moltar tuiscint ghinearálta ar an ngramadach a fhorbairt seachas díriú ar théarmaíocht amháin. Is fiú na mic léinn a chur ag smaoineamh ar nithe mar *cad is tuiseal ann?* seachas an téarmaíocht lom amháin a chur os a gcomhair. Is fiú plé a chothú chomh maith faoin tábhacht a bhaineann le heolas ar ghramadach na teanga agus fiú cad is gramadach ann. D'fhéadfaí ráitis mar seo a leanas a úsáid mar bhunús le ceistneoir a chuirfeadh na mic léinn ag machnamh ar fhoghlaim na gramadaí: *Ba mhaith liom feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge ach ní theastaíonn uaim gramadach a fhoghlaim /*

*Má fhoghlaimím gach riail ghramadaí beidh an teanga ar mo thoil agam /
Is cuma faoin ngramadach má chuirim mé féin in iúl srl.*

3(a) Ag úsáid foclóra 1

Nóta: Is i gcomhthéacs na dtéacsanna ranga a mholtar an scil seo a fhorbairt den chuid is mó.

Spriocanna:

- Go ndéanfaí treisiú agus forbairt ar na scileanna a d'fhorbair na mic léinn sa réimse seo sa chéad bhliain agus go mbeidís ag éirí níos muiníní agus níos cumasaí i gcleachtadh na scile áirithe seo.
- Go dtuigfeadh na mic léinn cad iad na foclóirí éagsúla Gaeilge atá ann agus conas an úsáid cheart a bhaint astu.

Is próiseas leanúnach é seo agus ní féidir glacadh leis go bhfoghlaimíodh na mic léinn conas é a dhéanamh i rang amháin ná fiú trí rang. Beidh go leor cleachtaidh agus go leor samplaí praiticiúla ag teastáil.

Nithe a bhféadfaí aird na mac léinn a tharraingt orthu:

- Cineálacha difriúla foclóirí agus eolas faoi na príomhchinn (Ó Dónaill, de Bhaldrathe agus an Duinníneach).
- An difear idir na foclóirí thuasluaite.
- An difear idir foclóirí agus áiseanna téarmaíochta mar www.focal.ie.
- www.focal.ie agus www.logainm.ie – Cad iad agus conas iad a úsáid?
- An úsáid is féidir a bhaint as *An Foclóir Beag* <http://www.csis.ul.ie/focloir> (eolas faoi na briathra sna haimsirí éagsúla, mar shampla). Is fiú na mic léinn a spreagadh le húsáid a bhaint as *An Foclóir Beag* má tá siad idir dhá chomhairle faoin litriú atá ar bhriathar nuair atá siad ag scríobh.
- Conas cinneadh a dhéanamh cén foclóir ba cheart duit a cheadú. Sampla: Cén ceann a mbainfeá úsáid as dá mbeifeá ag lorg focal Gaeilge ar *Batak bark books* ('leabhair choirte na mBatacach!' – www.focal.ie) agus cén ceann a mbainfeá úsáid as dá mbeifeá ag lorg leagan Gaeilge de *don't snap my head off!* ('ná hith mé!' – de Bhaldrathe)?
- An tábhacht a bhaineann le dáta foilsithe foclóra (ní fiú an focal *blog* nó *email* a lorg san *English-Irish Dictionary* le de Bhaldrathe, mar shampla, mar gur foilsíodh é i 1959).
- Na míthuiscintí a eascraíonn as mí-úsáid foclóra. *Samplaí*: 'tá mé tobar' (*I am well*); 'féach ceart' in áit 'féach ar dheis' (*look right* – comhartha don Luas i mBaile Átha Cliath); 'páirc rothar' in áit 'páirceáil do rothair' (*bicycle park* – fógra i stáisiún Heuston i mBaile Átha Cliath); 'tá post stábla agam' (*a stable job*); an t-acht tacaíochta (*the supporting act* – banna ceoil). Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh na mic léinn cad as a n-éiríonn na míthuiscintí sin agus an tábhacht a bhaineann le ceartúsáid foclóra.

- An tslí a n-aistrítear focail nua: obair an Choiste Téarmaíochta, cuir i gcás. Mithuiscintí faoi seo: *the Irish for kiwi is 'cíobhaí' – that's just an English word written in Irish!* Tá tábhacht ar leith ag baint le tuiscint ar obair an Choiste Téarmaíochta do chainteoirí dúchais.

Moltaí:

- Taispeáin an méid atá scríofa i *Foclóir Gaeilge-Béarla* faoin iontráil *déan*. Cad a léiríonn seo faoin teanga? Faoi na dúshláin in úsáid foclóirí?
- Léitheoireacht bhreise - Myles na gCopaleen: *The Best of Myles* lch. 277.
- Léitheoireacht bhreise – píosa 4.1 sa leabhar *Cuir Gaeilge Air* le hAntain Mac Lochlainn.
- Ba cheart go mbeadh seans ag na mic léinn féachaint ar áiseanna mar www.focal.ie iad féin. Is féidir seo a léiriú sa rang féin nó tasc a thabhairt dóibh chun féachaint ar na háiseanna seo iad féin. Sampla de thasc: *quiz* le déanamh ar www.focal.ie le ceistanna den chineál seo ann: (i) aimsigh an Ghaeilge ar théarma casta éigin (*social networking site, multiculturalism, 3D picture* srl.). B'fhearr go gcuirfeadh na mic léinn féin an liosta seo le chéile. (ii) Cad a tharlaíonn má chuardaíonn tú focal a litrítear mar a chéile i nGaeilge agus i mBéarla i.e. *bean, fear, dear, teach, beach*? (iii) Cé mhéad focal Gaeilge / Béarla a deirtear atá ar an suíomh? (an t-eolas seo ar an gcéad leathanach). (iv) Cén chomhairle a thugtar ar an suíomh mura n-éiríonn leat an focal atá uait a fháil? (iarratas a sheoladh chucu). D'fhéadfaí a leithéid de *quiz* a fhorbairt do chúpla foclóir má tá sin oiriúnach don ghrúpa.
- Ba cheart go spreagfaí na mic léinn chun úsáid a bhaint as foclóirí éagsúla: *An Foclóir Beag* (<http://www.csis.ul.ie/focloir>), www.focloirgaeilge.ie (irishdictionary.org), www.focal.ie agus na príomhfhoclóirí clóite chomh maith. Tá sé mar aidhm go spreagfaí iad lena gcuid oibre féin a cheartú tríd an úsáid chuí a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil.

3(b) Ag úsáid foclóra 2

Nóta: Is i gcomhthéacs na dtéacsanna ranga a mholtar an scil seo a fhorbairt den chuid is mó.

Spriocanna:

- Go ndéanfaí treisiú agus forbairt ar na scileanna a d'fhorbair na mic léinn sa réimse seo sa chéad bhliain agus go mbeidís ag éirí níos muiníní agus níos cumasaí i gcleachtadh na scile áirithe seo.
- Go dtuigfeadh na mic léinn na giorrúcháin a mbaintear úsáid astu i bhfoclóirí agus conas an t-eolas a léiríonn na giorrúcháin a chur i bhfeidhm.

Moltaí:

- Aird na mac léinn a tharraingt ar an eolas mar gheall ar fhocal a thugtar san fhoclóir (ag tuiscint noda mar m., f., pl., g.s. mar shampla). Bíonn deacrachtaí ag mic léinn leis seo fiú agus iad sa tríú bliain agus beidh cleachtadh leanúnach ag teastáil uathu faoina leithéid. Braitheann cur i bhfeidhm an eolais seo go mór ar thuiscint na mac léinn ar ghnéithe eile de struchtúr na teanga – conas athruithe tosaigh an tuisil ainmnigh agus an tuisil ghinidigh a chur i bhfeidhm, mar shampla. Éiríonn níos fearr le cleachtaí gramadaí bunaithe ar eolas atá ar fáil san fhoclóir nuair atá tuiscint ag na mic léinn ar na himpleachtaí atá ag an eolas sin.
- Is fiú iarraidh ar na mic léinn sliocht dá gcuid féin a cheartú ag baint úsáide as na straitéisí a d'fhoghlaim siad maidir le conas eolas a thugtar san fhoclóir a thuiscint.
- Is fiú am a chaitheamh le forbairt na scile seo go rialta mar go n-éascófar an fhoghlaim fhéinriartha, neamhspleáchas an fhoghlaimeora agus tuiscint ghinearálta ar struchtúir na teanga dá réir.

4. Ag cuardach eolais i leabhar gramadaí

Nóta: Is i gcomhthéacs na dtéacsanna ranga a mholtar an scil seo a fhorbairt den chuid is mó.

Spriocanna:

- Go ndéanfaí treisiú agus forbairt ar na scileanna a d'fhorbair na mic léinn sa réimse seo sa chéad bhliain agus go mbeidís ag éirí níos muiníní agus níos cumasaí i gcleachtadh na scile áirithe seo.
- Go mbeadh na mic léinn ábalta eolas faoi struchtúir ghramadaí a chuardach go héifeachtach i leabhar gramadaí agus an t-eolas sin a thuiscint.

Moltaí:

- Tá sé tábhachtach go mbeadh cur amach ag mic léinn ar théarmaíocht na gramadaí sula mbítear ag súil leis go mbeidh siad in ann eolas a aimsiú i leabhar gramadaí. Is próiseas leanúnach a bheidh i gceist anseo agus moltar gur de réir a chéile, i gcomhthéacs, a thaispeánfaí dóibh conas eolas faoin ngramadach a chuardach. Is fiú, nuair atá aird na mac léinn á díriú ar ghnéithe den fheasacht teanga, iad a chur ag machnamh ar cá bhfaighidís an t-eolas seo i leabhar gramadaí. D'fhéadfaí iarraidh orthu ansin an t-eolas a fháil iad féin i leabhair éagsúla. Beidh gá leis na mic léinn a stiúradh chun é seo a dhéanamh ar dtús go dtí go dtéann siad i dtaithí ar úsáid na leabhar gramadaí.

Sampla:

Níl na mic léinn cinnte an ndeirtear *aiste gearr* nó *aiste ghearr*. Cabhraigh leo céimeanna éagsúla a thógáil chun an t-eolas seo a fháil i leabhar gramadaí (ar ndóigh má tá an riail ar eolas acu cheana féin d'fhéadfaidís

teacht ar an leagan ceart trí fhoclóir a úsáid mar go bhfaighidís amach san fhoclóir gur focal baininsneach é *aiste* – is scil inti féin í fios a bheith acu an rachaidh siad i muinín foclóra nó leabhair ghramadaí chun an t-eolas a aimsiú).

Is ar an aidiacht atá an bhéim anseo agus mar sin, seans maith gur sa chaibidil a phléann leis an aidiacht a gheofaí an t-eolas sa leabhar gramadaí. Tá sé tábhachtach chomh maith go dtuigfidís go bhfuil tábhacht ag baint le huimhir uatha agus iolra anseo.

- Is trí shamplaí praiticiúla a fhoghlaiméoidh mic léinn conas úsáid cheart a bhaint as leabhair ghramadaí agus as foclóirí. D'fhéadfaí sliocht a thabhairt dóibh le ceartú agus cabhrú leo na ceartúcháin a dhéanamh tríd an eolas ceart a aimsiú i leabhar gramadaí nó i bhfoclóir. Céim thábhachtach eile ná iarraidh orthu earráidí ina gcuid oibre scríofa féin a cheartú ag baint úsáide as leabhar gramadaí agus foclóir. Seans maith go gcaithfí noda faoin earráid a thabhairt dóibh ar dtús i.e. tuiséal ginideach, briathar, litriú srl.
- Is fiú leabhar gramadaí a bheith ar fáil sa rang i gcónaí agus nuair a bhíonn ceist ag mic léinn faoin ngramadach go dtaispeánfadh an teagascóir dóibh conas teacht ar fhreagra na ceiste sa leabhar.

5. Ag baint leasa as na meáin

Nóta: Is i gcomhthéacs na dtéacsanna ranga a mholtar an scil seo a fhorbairt den chuid is mó.

Spriocanna:

- Go ndéanfaí treisiú agus forbairt ar na scileanna a d'fhorbair na mic léinn sa réimse seo sa chéad bhliain agus go mbeidís ag éirí níos muiníní agus níos cumasaí i gcleachtadh na scile áirithe seo.
- Go mbeadh na mic léinn eolach faoi na meáin chumarsáide sa Ghaeilge agus go mbeidís in ann na meáin sin a úsáid chun a gcuid foghlama a éascú agus chun a bheith níos neamhspleáiche ina gcuid foghlama.

Moltaí:

- Moltar na mic léinn a spreagadh chun ailt a léamh in irisí agus nuachtáin (clóite nó ar líne), éisteacht le cláir raidió agus féachaint ar chláir theilifíse agus scannáin. Bheadh sé tairbheach an nós a chothú iontu ábhar breise a chuardach atá bainteach leis na téamaí ranga nó lena réimse spéise féin. Sampla: Má tá alt léite acu sa rang d'fhéadfaidís podchraoltaí Raidió na Gaeltachta a chuardach chun teacht ar mhír éisteachta faoin topaic chéanna.
- Tá sé mar aidhm i gcuid de na tascanna don fhillteán foghlama na mic léinn a threorú i dtreo na meán agus a bheith cumasach ina n-úsáid chun cur lena gcuid foghlama (féach tasc 5: an léirmheas, mar shampla).
- Moltar an tábhacht a bhaineann le héisteacht rialta agus le léitheoireacht rialta a chur ar a súile do na mic léinn.

6. Ag úsáid áiseanna tacaíochta (Acmhainní Teagaisc agus Teicneolaíochta)

Spriocanna:

- Go ndéanfaí treisiú agus forbairt ar na scileanna a d'fhorbair na mic léinn sa réimse seo sa chéad bhliain agus go mbeidís ag éirí níos muiníní agus níos cumasaí i gcleachtadh na scile áirithe seo.
- Go mbeadh na mic léinn ar an eolas faoi acmhainní teagaisc agus teicneolaíochta a chabhródh leo ina gcuid foghlama agus go spreagfaí iad chun úsáid a bhaint as na hacmhainní sin.

Seo roinnt smaointe faoi conas na mic léinn a spreagadh le húsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil:

- Obair bhaile: iarraidh ar na mic léinn cartlann www.beo.ie a chuardach chun alt bainteach le topaic ranga a aimsiú agus é a léamh / éisteacht le podchraoladh de chuid Raidió na Gaeltachta agus cuntas a thabhairt air / taighde ar líne a dhéanamh faoi thopaic éigin – eolas faoi eagraíochtaí Gaeilge nó foghlaim na Gaeilge thar lear, cuir i gcás.
- Iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as áiseanna éagsúla chun cur lena gcuid scileanna teanga – a gcuid scríbhneoireachta a cheartú ag úsáid *Gaelspell* / focal a chuardach ar www.focal.ie / litriú a gcuid briathra a sheiceáil ar *An Foclóir Beag* ar líne (<http://www.csis.ul.ie/focloir>).
- Na mic léinn a spreagadh le cleachtaí gramadaí a dhéanamh ar shuíomh gréasáin Choláiste Lurgan (<http://www.lurgan.biz/art/index.htm>) nó ar an suíomh CAPAILL (<http://www.llas.ac.uk/materialsbank/mb049/>).
- Na mic léinn a spreagadh len iad féin a chlárú chun nuachtlitir a fháil (www.gaelport.com mar shampla), iad féin a chlárú ar fhóram Gaeilge ar líne nó blog Gaeilge a léamh go rialta.
- Na mic léinn a chur ar an eolas faoi phacáistí teagaisc, acmhainní foghlama agus áiseanna éagsúla a bheadh úsáideach dóibh chun cur lena gcuid scileanna teanga.

Tá cur síos cuimsitheach ar na hacmhainní atá ar fáil do mhic léinn ag dul leis an siollabas seo.

7. Ag cothú deiseanna an teanga a labhairt

Sprioc: Go mbeadh na mic léinn ábalta deiseanna a chruthú dóibh féin an teanga a chleachtadh.

Moltaí:

- Tábhacht labhairt na teanga a chur ar a súile do na mic léinn.
- Úsáid na Gaeilge lena gcomh-mhic léinn a spreagadh.

- Mic léinn a chur ar an eolas faoi imeachtaí Gaeilge a bhféadfaidís freastal orthu (seoltaí, cainteanna, léachtaí, oícheanta sóisialta).
- Mic léinn a spreagadh chun ócáidí a eagrú iad féin (maidin caife trí Ghaeilge, oíche shóisialta srl.) D'fhéadfaí eagrú imeachta mar oíche shóisialta a cheangal le hobair ranga: ag dearadh ábhar poiblíochta, ag cur le chéile ábhar bolscaireachta, ag seiceáil cruinnis teanga ('oíche shóisialta' nó 'oíche sóisialta'?).
- Is fiú na mic léinn a spreagadh le mórthasc éigin a dhéanamh chun úsáid na Gaeilge a spreagadh – cuireadh a thabhairt do chainteoir / file / scríbhneoir éigin teacht chun na hOllscoile, iris bheag a chur le chéile, suíomh gréasáin a bhunú srl.

8. Ag aithint fadhbanna agus dúshlán ó thaobh na teanga de

Nóta: Is i gcomhthéacs na dtéacsanna ranga a mholtar an scil seo a fhorbairt den chuid is mó.

Spriocanna:

- Go ndéanfaí treisiú agus forbairt ar na scileanna a d'fhorbair na mic léinn sa réimse seo sa chéad bhliain agus go mbeidís ag éirí níos muiníní agus níos cumasaí i gcleachtadh na scile áirithe seo.
- Go mbeadh na mic léinn ábalta fadhbanna atá acu sna scileanna éagsúla teanga (labhairt, éisteacht, léamh, scríobh) a aithint agus go mbeidís ar an eolas faoi shlite chun na fadhbanna sin a réiteach.

Moltaí:

- Tá dlúthcheangal idir an sprioc seo agus an méid atá ráite faoi conas foclóir a úsáid, conas leabhar gramadaí a úsáid, tuiscint ar struchtúr na teanga agus na pointí eile sa cháipéis seo, mar de réir mar a mhéadaíonn cumas na mac léinn sna scileanna eile sin is ea is mó a bheidh siad in ann fadhbanna agus dúshláin a aithint.
- Tá sé tábhachtach a lua gur próiseas leanúnach atá anseo agus gurb é an aidhm atá leis ná na mic léinn a chumasú chun freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama féin, fadhbanna a réiteach iad féin, dul ar thóir eolais atá de dhíth chun tasc éigin a chomhlíonadh, machnamh a dhéanamh ar na riachtanais atá acu agus a gcuid foghlama a phleanáil.
- Tacaíonn an anailís atá le déanamh ar na tascanna don fhillteán foghlama le coincheap na foghlama féinriartha ach moltar do na teagascóirí cabhrú go leanúnach leis na mic léinn fadhbanna a bhíonn acu i labhairt agus i scríobh na teanga a aithint sna ranganna teagaisc.
- Díríonn tascanna 1 agus 2 den fhillteán foghlama ar an ngné seo den fhoghlaim – déanfaidh na mic léinn anailís ar na deacrachtaí atá acu le labhairt agus le scríobh na teanga. Toisc go bhfuiltear ag súil le tuilleadh neamhspleáchais ón mac léinn sa dara bliain agus go bhfuiltear ag súil go

mbeidh tuiscint níos doimhne ag an mac léinn air/uirthi féin mar fhoghlaimeoir, tá tascanna 1 agus 2 den fhillteán foghlama le déanamh dhá uair i rith na bliana.

- Tá an ceartú éifeachtach an-tábhachtach chun cabhrú leis na mic léinn a gcuid fadhbanna a aithint agus dul i ngleic leo. Moltar aiseolas rialta a thabhairt do na mic léinn faoi na slite ina bhféadfaidís feabhas a chur ar a gcuid oibre. Baineann seo le ceartú obair scríofa agus aiseolas a thabhairt faoi chaint / faoi chumarsáid labhartha na mac léinn.

9. Tuiscint ar struchtúr na teanga

Nóta: Is i gcomhthéacs na dtéacsanna ranga a mholtar an scil seo a fhorbairt den chuid is mó.

Spriocanna:

- Go ndéanfaí treisiú agus forbairt ar na scileanna a d'fhorbair na mic léinn sa réimse seo sa chéad bhliain agus go mbeidís ag éirí níos muiníní agus níos cumasaí i gcleachtadh na scile áirithe seo.
- Go mbeadh tuiscint ag na mic léinn ar struchtúr na Gaeilge agus go spreagfaí iad le machnamh a dhéanamh ar conas mar atá sí difriúil leis an mBéarla agus le teangacha eile atá acu.

Moltaí:

- Maidir le struchtúr na teanga, seo samplaí de na nithe a bhféadfaí aird a tharraingt orthu agus obair ranga ar siúl: litriú, sínte fada, ord na n-abairtí, comhréir, aistriúcháin, dul an Bhéarla ar an nGaeilge, nathanna cainte (go mór mór cinn a mbíonn forainmneacha réamhfhoclacha iontu).
- Tá sé tábhachtach foghlaim na gramadaí a shuí laistigh de chomhthéacs níos leithne chun go dtuigfeadh na mic léinn conas mar a oibríonn an teanga mar chóras agus go dtuigfidís go mbíonn difríochtaí bunúsacha idir na struchtúir atá ag teangacha éagsúla. Moltar iad a chur ag machnamh ar na difríochtaí idir comhréir an Bhéarla (nó teangacha eile atá acu) agus comhréir na Gaeilge. Mar shampla, d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh don dán *Fill Arís* le Seán Ó Ríordáin chun seo a léiriú: 'nigh d'intinn is nigh do theanga a chuaigh ceangailte i gcomhréiribh 'bhí bunoscionn le d'éirim'. Spreagfadh seo ceisteanna agus plé mar: Cén rud comhréir? Cén tslí a bhfuil comhréir na Gaeilge difriúil le comhréir an Bhéarla? Cén fáth a gceapann an file go bhfuil comhréir an Bhéarla bunoscionn lena éirim? Is fiú tagairt a dhéanamh chomh maith don tionchar atá ag comhréir na Gaeilge ar an mBéarla – *I do be, don't be putting in on me* srl.
- Nuair atá na mic léinn ag plé le comparáidí idir an Béarla agus an Ghaeilge, moltar a n-aird a tharraingt ar abairtí Gaeilge a mbíonn dul an Bhéarla orthu: Samplaí: 'níl mé mór ar feoil', 'ní raibh aon pointe dom dul abhaile', 'd'aistrigh sí go dtí an tír (*the country*)', 'bhí mé ana-meisce', 'rinne Aontas na Mac Léinn post maith de Sheachtain na nGiobal'. Moltar aird na mac

léinn a tharraingt go leanúnach ar struchtúir den chineál sin nuair a thagann siad chun cinn ina gcuid cainte agus ina gcuid scríbhneoireachta. Is fiú nathanna agus cora cainte Gaeilge a chur os a gcomhair agus féachaint cé chomh difriúil is atá siad leis an mBéarla ('tá mo bhó curtha thar abhainn agam', 'tháinig sé aniar aduaidh orm' srl.).

- Is fiú sa chomhthéacs seo plé leis an gCaighdeán Oifigiúil más cuí. Cén rud é? Cén fáth a bhfuil sé ann? Cad iad na himpleachtaí atá aige? Cad iad na deacrachtaí a chothaíonn sé? Cé chomh tábhachtach is atá sé cloí leis seachas le leaganacha canúnacha? Tá tábhacht ar leith ag baint leis an eolas seo do chainteoirí dúchais.

Léirítear thíos le sampla conas díriú ar ghné ar leith de struchtúr na teanga sa seomra ranga. Tá sé tábhachtach a lua nach mar cheacht ann féin a dhéanfaí seo ach de réir a chéile agus i gcomhthéacs le linn an teagaisc.

Sampla: Litriú

Sprioc: Díriú ar na bunrialacha agus na patrúin i litriú na Gaeilge agus díriú chomh maith ar na botúin litrithe is minice a fheictear i gcleachtaí scríofa na mac léinn.

Is rud leanúnach a bheidh i gceist le ceartú na mbotún coitianta ach tá gnéithe áirithe de litriú na Gaeilge is fiú díriú orthu luath go leor sa chúrsa. Is iad sin:

- Cleachtadh ar na rialacha maidir leis an síneadh fada ar lch. 123 de *An Caighdeán Oifigiúil*. Bíonn deacrachtaí ar leith ag cainteoirí dúchais leis seo.
- Foghlaim mar gheall ar an áis teicneolaíocha litrithe *Gaelspell*, mar shampla, tuiscint a fháil ar conas an úsáid cheart a bhaint as agus conas foghlaim uaidh. Bheadh sé inmholta an bogearra seo a bheith ar fáil ar na ríomhairí a mbaineann na mic léinn úsáid astu, más féidir, agus iad a spreagadh chun úsáid a bhaint as agus iad ag scríobh. Dá mbeadh sé d'acmhainn é a dhéanamh bheadh sé tairbheach an bogearra seo a thaispeáint do na mic léinn go praiticiúil – d'fhéadfadh an teagascóir úsáid a bhaint as, botúin litrithe a dhéanamh agus é ag scríobh, na moltaí a dhéantar a thaispeáint do na mic léinn agus a thaispeáint dóibh conas glacadh leis na moltaí sin nó gan glacadh leo más cuí.
- An difear a aithint idir focail atá cosúil le chéile ó thaobh fuaime agus litrithe de: pointe/pionta; difear/deifir; i gcomhar/i gcomhair/comhar creidmheasa/cóir leighis/ceart ná cóir/cór; locht, lucht.
- Míthuiscintí maidir le scríobh na Gaeilge a léiriú: i.e. *M50 southbound* á scríobh mar 'Ó'dheás' (mí-úsáid síneadh fada agus an 'Ó' á scríobh mar an O' a úsáidtear do shloinnte Béarla).
- Ag ceartú focal a litrítear mícheart go minic: 'a' fada ar 'reachtáil', agus 'Eanáir'; 'mar aon' seachas 'maraon'; 'dhéanfaidís' seachas 'dhéanfaidis'.

Moltaí:

- Bíonn sé spéisiúil d'fhoghlaimeoirí a fháil amach gur minic a chothaíonn cruinneas scríbhneoireachta deacrachtaí do chainteoirí dúchais – go mbíonn an claonadh acu rudaí a scríobh mar a chloiseann siad iad. Is féidir plé spéisiúil a spreagadh faoi seo, go mór mór má tá meascán sa rang de chainteoirí dúchais agus mic léinn ó chúlra eile teangeolaíoch. Samplaí: (i) an claonadh a bhíonn ag daoine le canúint na Mumhan síneadh fada a chur ar na gutaí i bhfocail mar ‘ard’, ‘garda’, ‘urlár’ srl.; (ii) an claonadh a bhíonn ag daoine le canúint Chonnacht síneadh fada a chur ar an ‘a’ in ‘am’ (claonadh nach mbeadh acu siúd a bhfuil canúint na Mumhan acu, mar shampla).
- Moltar na mic léinn a spreagadh le cuntas a choimeád ar na hearráidí litrithe is mó a dhéanann siad – beidh an t-aiseolas seo á fháil acu go rialta ón obair a bheidh an teagascóir ag ceartú. Moltar cabhrú leo na hearráidí seo a rangú (briathra litrithe mícheart, mí-úsáid fleiscín, easpa tuisceana ar an riall litrithe ‘caol le caol agus leathan le leathan’ srl.) agus cuntas a choimeád ar na ceartuithe. Moltar iad a spreagadh le taifead a choimeád de ‘na botúin nach ndéanfaidh mé arís go deo!’ in aice leo agus iad ag scríobh, agus sa tslí sin go n-éireoidh leo na botúin sin a ghlanadh as a gcuid scríbhneoireachta diaidh ar ndiaidh, idir bhotúin litrithe agus bhotúin ghramadaí.
- Bíonn deacrachtaí ag cainteoirí dúchais le litriú caighdeánach i bhfocail áirithe agus beidh sé mar aidhm a n-aird a dhíriú ar chuid de na difríochtaí idir canúint agus Caighdeán – is chun feasacht a mhúscailt faoi na leaganacha seo seachas iad a ‘cheartú’ a bheidh aird á tarraingt ar roinnt de na difríochtaí seo, dar ndóigh (‘ar ais’ / ‘thar n-ais’, ‘leabhair’ / ‘leabhartha’, ‘réidh’ / ‘ré’ srl.).

10. Eolas ar fhuaimneanna na Gaeilge agus ar na canúintí

Nóta: Is i gcomhthéacs na dtéacsanna ranga a mholtar an scil seo a fhorbairt den chuid is mó.

Spriocanna:


- Go ndéanfaí treisiú agus forbairt ar na scileanna a d'fhorbair na mic léinn sa réimse seo sa chéad bhliain agus go mbeidís ag éirí níos muiníní agus níos cumasaí i gcleachtadh na scile áirithe seo.
- Cur le heolas na mac léinn faoi chanúintí na Gaeilge, cur lena gcumas iad a aithint agus a dtréithe éagsúla a idirdhealú ó chéile.
- Cur ar chumas na mac léinn fuaimeanna na Gaeilge a dhéanamh go sásúil.

Moltaí:

- Maidir le cúrsaí foghraíochta moltar aird na mac léinn a tharraingt go rialta ar rithim nádúrtha na teanga agus ar chúrsaí béime chomh maith le fuaimeanna aonair.

- Moltar réimse canúintí a bheith le cloisteáil ag na mic léinn i gcleachtaí éisteachta chun deiseanna a chruthú dóibh a gcuid eolais faoi na canúintí a leathnú agus tuiscint níos fearr a bheith acu ar chainteoirí nádúrtha.
- Moltar mic léinn a spreagadh le héisteacht go rialta le hagallaimh éagsúla ar Raidió na Gaeltachta agus na meáin eile agus agallaimh a mbeadh spéis acu féin iontu a roghnú.
- Moltar aird na mac léinn a tharraingt go leanúnach ar thréithe canúna i gcaint na ndaoine a chloisfidh siad i míreanna éisteachta sa seomra ranga.
- Maidir le cainteoirí Gaeltachta moltar iad a chur ag machnamh ar thréithe a gcanúna féin agus a gcuid eolais faoi chanúintí eile a leathnú.

Seo sampla den chineál gluaiseachta a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le forbairt ar eolas na mac léinn faoi chanúintí:



Nithe is féidir aird na mac léinn Gaeltachta a tharraingt orthu ná:

- Leaganacha caighdeánacha v. leaganacha canúnacha.
- Conas a dhéantar cinneadh faoi cad atá caighdeánach agus cad atá canúnach?
- Focail a bhíonn difriúil ó chanúint go canúint: srón / caincín; sceadamán / scornach.
- Conas idirdhealú a dhéanamh idir earráid ghramadaí agus 'leagan canúnach'?
- Na tréithe a bhaineann le canúintí éagsúla (an fhoirm tháite i gcanúint na Mumhan, cuir i gcás).
- Impleachtaí atá ag canúintí (i.e. Ar cheart do dhaoine atá ag foghlaim na Gaeilge díriú ar chanúint ar leith? An tionchar a bhíonn ag canúintí ar na giorrúcháin a mbaintear úsáid astu i dteachtaireachtaí téacs – 'ey' nó 'e va' i gcomhair 'oíche mhaith'?).
- Cén bhaint atá ag tuin chainte le canúint? An bhfuil greann ar leith a bhaineann le canúint / tuin chainte ar leith?
- Réimeanna teanga / stíleanna cainte.

Na Scileanna Teanga sa
Seomra Ranga
(An Fheasacht Teanga)
Moltaí do Theagascóirí



Nóta: Cé go bhfuil scileanna éagsúla teanga leagtha amach anseo ceann ar cheann, is cur chuige comhtháite atáthar ag moladh tríd an siollabas ar fad.

- Comhtháite ó thaobh na scileanna teanga de (labhairt, éisteacht, léamh, scríobh).
- Comhtháite ó thaobh na n-inniúlachtaí de (an *savoir*, *savoir faire*, *savoir être* agus *savoir apprendre* le chéile).

Is moltaí ginearálta faoin teagasc trí chéile a dhéantar thíos. Is **treisiú** agus **forbairt** ar an méid a rabhthas ag súil leis ón mac léinn sa chéad bhliain atá i gceist sa dara bliain seachas scileanna iomlán nua, agus mar sin baineann na moltaí leis an gcéad bhliain agus leis an dara bliain trí chéile. Tá cur síos mion ar a bhfuiltear ag súil leis ón mac léinn sa dara bliain sna scileanna éagsúla teanga le fáil sa cháipéis ‘Torthaí Foghlama’.

An Ghramadach sa Seomra Ranga

Is mar seo a mholtar díriú ar an ngramadach sa seomra ranga:

- go ciorclach i.e. ag filleadh ar na gnéithe céanna go rialta
- i gcomhthéacs na dtéacsanna ranga de réir mar a thagann sí chun cinn
- bunaithe ar na hearráidí is coitianta a dhéanann na mic léinn sa ghrúpa áirithe teagaisc
- bunaithe ar an liosta ginearálta d’earráidí coitianta a théann leis an siollabas seo (féach Aguisín 2 de na Torthaí Foghlama)
- bunaithe ar riachtanais na mac léinn
- ceangailte le comhthéacs úsáid na teanga
- am ar leith a chur ar fáil chun díriú ar na fadhbanna gramadaí atá ag na mic léinn
- aiseolas rialta agus ceartú éifeachtach a chur ar fáil.

Bhíodh an dearcadh ann tráth agus tá fós ar uairibh go bhfuil foghlaim na gramadaí cosúil le tógáil balla – go bhfaigheann duine máistreacht ar an ngramadach trí bhloic a chur in airde ar a chéile, ceann ar cheann. Ach meastar anois gur próiseas níos casta atá ann. Cuireann Nunan, teangeolaí, i gcás gur cosúla foghlaim na gramadaí le fás gairdín seachas tógáil balla:

Learners do not learn one thing perfectly one item at a time, but learn numerous things simultaneously (and imperfectly). The linguistic flowers do not all appear at the same time, nor do they all grow at the same rate. Some even appear to wilt, for a time, before renewing their growth...They structure and restructure their understanding of the language in complex non-linear ways.

David Nunan, *Second Language Teaching and Learning* (1999, Heinle ELT).

Ní mholtar, mar sin, struchtúir na teanga agus rialacha gramadaí a mhúineadh mar chóras céimeanna – an aimsir láithreach seachtain amháin, an aimsir chaite seachtain eile, an modh coinníollach seachtain eile. Cur chuige ciorclach atá á mholadh – is é sin go bhfilltear ar na gnéithe céanna arís is arís eile, go mór mór más gnéithe iad a chothaíonn deacrachtaí do na mic léinn. Ní hionann sin is a rá nach ndéanfaí míreanna gramadaí a mhíniú ná nach ndéanfaí cleachtaí meicniúla ar mhíreanna áirithe, ach go ndéanfaí an t-eolas seo a athdhearbhú agus a threisiú go leanúnach i.e. nach ndéanfaí talamh slán de gurb ionann teagasc agus sealbhú.

Moltar gur *i gcomhthéacs* a chuirfí an ghramadach i láthair sna seisiúin teagaisc – is é sin go dtiocfadh gnéithe den ghramadach sin chun cinn sna téacsanna ranga (idir théacsanna éisteachta, léitheoireachta agus físe) agus go ndíreofaí ar an gcuid sin di a bhfuil fadhbanna ag na mic léinn léi. In ionad an teagascóir a rá mar sin go bhfuiltear ‘ag déanamh an tuisil ghinidigh inniu’ agus ag glacadh leis ansin go bhfuil an tuiséal ginideach ‘múinte’, moltar go dtarraingeofaí aird na mac léinn go leanúnach ar struchtúir na teanga de réir mar a thagann siad chun cinn agus i gcomhthéacs na dtéacsanna ranga. Tá sé tábhachtach mar sin féin, am ar leith a chur ar fáil sna seisiúin teagaisc chun díriú ar cheisteanna cruinnis agus gramadaí. Chuige sin moltar ‘tréimhse na feasachta teanga’ a chothú i ngach seisiún ina ndíreofaí ar cheisteanna nó ar mhíreanna ábhartha gramadaí. Chun cúrsaí siollabais a éascú moladh míreanna áirithe den fheasacht teanga mar mhíreanna a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo sa chéad bhliain (féach Aguisín 2 leis an gcáipéis ‘Torthaí Foghlama’). **Moltar athdhearbhú agus treisiú a dhéanamh ar na míreanna sin sa dara bliain agus tá míreanna breise luaite don dara bliain freisin nach raibh luaite sa chéad bhliain.** Tá sé tábhachtach, áfach, na míreanna sin a roghnú bunaithe ar riachtanais an ghrúpa. Beidh grúpaí áirithe nach mbeidh aon ghá acu plé leis na briathra san aimsir láithreach, mar shampla, agus grúpaí eile a mbeidh sin mar bhunriachtanas acu. Beidh grúpaí ann nach mbeidh mórán eolais acu ar théarmaíocht na gramadaí agus grúpaí eile a bheidh ar a gcompord leo. Níl sé i gceist go gcuirfeadh an liosta seo srian leis an ngramadach a dtarraingítear aird uirthi sa seomra ranga – níl ann ach liosta de na bunstruchtúir a ndéantar earráidí iontu go minic. Féadfaidh an teagascóir plé le haon ghné eile den ghramadach a mheasann sé atá riachtanach do na mic léinn chomh fada is go bhfuiltear ag cloí le prionsabail an dea-chleachtais i múineadh na gramadaí sin i.e. i gcomhthéacs agus go ciorclach.

Seachas na moltaí faoi na bunstruchtúir a luaitear in Aguisín 2, níl idirdhealú á dhéanamh sa siollabas seo idir an ghramadach a moltar plé léi sa chéad bhliain, sa dara bliain agus sa tríú bliain (na haimsirí sa chéad bhliain agus an tuiséal ginideach iolra sa tríú bliain, cuir i gcás). Beidh dul siar agus treisiú agus forbairt á ndéanamh ó bhliain go bliain ach máistreacht á léiriú orthu de réir mar a ghluaiseann na mic léinn ón gcéad bhliain go dtí an tríú bliain. Beidh mic léinn áirithe sa tríú bliain i gcónaí a bhainfidh tairbhe as cleachtaí ar na haimsirí agus beidh mic léinn sa chéad bhliain a mbeidh ceisteanna acu faoi tuiséal ginideach na haidiachta. Moltar, mar sin, go mbeadh an fheasacht teanga i gcónaí á cur in oiriúint don ghrúpa teagaisc bunaithe ar riachtanais an ghrúpa sin.

Cuireann an Fráma Tagartha Comónta Eorpach béim ar chomhthéacs úsáid na teanga. Is chuige sin a mholtar múineadh na gramadaí a cheangal le riachtanais na mac léinn agus leis an gcomhthéacs sochtheangeolaíoch ina mbeidh an teanga á labhairt.

Sampla 1

Topaic 7: An Ghaeltacht agus Pobal na Gaeilge

Fothopaic: Ainmneacha agus Sloinnte

Seachas na rialacha a bhaineann le ginideach na sloinnte Gaelacha a chur i láthair na mac léinn go lom, bheadh sé tábhachtach na sloinnte seo mar a bhaineann siad lena gcúrsaí litríochta a léiriú: *filíocht an Ríordánaigh, dán Chathail Uí Shearcaigh, téamaí Mháirtín Uí Dhireáin*. Bheadh sé tábhachtach chomh maith comhthéacs cultúrtha na n-ainmneacha a léiriú seachas díriú ar an ngramadach amháin. Seo nithe a bhféadfaí aird a tharraingt orthu sa chomhthéacs sin:

- An deacracht a chothaíonn litriú sloinnte Gaelacha do dhaoine agus an claonadh a bhíonn ann iad a aistriú go Béarla: *What's that in English?* Na cúiseanna leis seo a phlé.
- An claonadh a bhíonn ann i nGaelscoileanna agus i gcoláistí samhraidh ainmneacha Béarla a aistriú go Gaeilge: *Jane Mulligan* – Sinéad Ní Mhaolagáin. Na cúiseanna leis seo.
- Nach bhfuil sé neamhghnách aithne a bheith ar fhear mar *James O'Sullivan* sa Ghaeltacht ach mar ‘Séamas Ó Súilleabháin’ lasmuigh den Ghaeltacht. Na cúiseanna leis seo.
- An bhaint a bhíonn ag ginealaigh le hainmneacha sa Ghaeltacht i.e. Máirtín Tom Sheáinín. An spéis a léiríonn muintir na Gaeltachta i nginealach – ‘Sin iníon mic iníne Neil Sheáin Tom’, cuir i gcás.
- An réim a bhaineann le hainmneacha – conas *Dear Sir* a rá, nó an féidir?
- An úsáid a bhaintear nó nach mbaintear as *Mrs, Ms* agus *Mr* sa Ghaeilge – nach gnách a thuilleadh ‘a iníon’ agus ‘a mhic’ a rá.

Sampla 2

Briathra

Is gá i gcónaí aird na mac léinn a tharraingt ar struchtúr na mbriathra sa Ghaeilge ach seachas iad a chur i láthair mar liosta rialacha amháin tá nithe eile atá tábhachtach a bhaineann le comhthéacs úsáid na mbriathra. Seo roinnt samplaí:

- *Ceisteanna agus Freagraí*: Ba cheart go dtuigfeadh na mic léinn conas freagraí nádúrtha a thabhairt ar cheisteanna – nach gnách ‘thaitin an cheolchoirm liom’ a thabhairt mar fhreagra ar an gceist ‘ar thaitin an cheolchoirm leat? Toisc go bhfuil an struchtúr féin ceart ó thaobh na gramadaí de baineann mic léinn úsáid as cé nach bhfuil sé nádúrtha sa chaint. Bheadh na freagraí ‘thaitin – bhí sí ar fheabhas!’ / ‘níor thaitin – bhí sí go hainnis!’ nó a leithéid, níos oiriúnaí. Tógann seo cleachtadh mar nach bhfuil taithí ag mic léinn ar a leithéid (seachas mic léinn Ghaeltachta, b’fhéidir) agus bheadh cleachtaí rialta úsáideach chun cabhrú leo é a shealbhú.

- *An Modh Ordaitheach*: Sampla eile de chomhthéacs úsáid na teanga i múineadh na gramadaí ná an modh ordaitheach. Bheadh an struchtúr seo níos tábhachtaí d'ábhair oidí ná do dhreamanna eile toisc gurb iad is minice a bheadh ag baint úsáide as an modh ordaitheach iolra, cuir i gcás. Ní bheadh cleachtaí ar an modh ordaitheach iolra de na briathra 'suigh', 'seas' agus 'éist' lárnach i riachtanais an ghnáthmhic léinn mar nach mbeadh sé ag úsáid na struchtúr sin go minic. Sa tslí chéanna ba chóir an réim a bhaineann leis an modh ordaitheach a léiriú don ghnáthmhac léinn – nach n-úsáidtear é ach le daoine a bhfuil aithne an-mhaith agat orthu nó le leanaí. B'fhiú chomh maith mí-úsáid an mhodha ordaitheach a cheartú – 'Suigh síos, a pháistí', mar shampla.
- *An Aimsir Fháistineach*: Tá an aimsir fháistineach mar struchtúr tábhachtach d'ábhar oidí i ndéanamh pleananna ranga agus mar sin ba cheart aon obair ar an struchtúr sin a chur i gcomhthéacs na húsáide a bhainfidh siad as: 'glacfaidh na páistí páirt i gcluiche', 'déanfaidh mé rólghníomhaíocht leo', 'freagróidh siad ceist', 'pléifidh siad dán'.
- *An briathar saor*: Moltar nuair atáthar ag díriú ar an mbriathar saor, a úsáid a chur i gcomhthéacs na scríbhneoireachta a dhéanann na mic léinn dá gcúrsa litríochta i.e. 'táthar den tuairim', 'síltear gur duine conspóideach é', 'deirtear gur file tábhachtach é'. Tá tuairiscí nuachta úsáideach chun aird a tharraingt ar an mbriathar saor i gcomhthéacs. Moltar chomh maith díriú ar cheartúsáid an bhriathair shaoir – an difear idir 'beidh an scéim críochnaithe' agus 'críochnófar an scéim' / 'beidh an tseirbhís stoptha' / 'stopfar an tseirbhís'.
- *Béim agus treisiú*: Tá an ghné seo de na briathra an-tábhachtach mar go gcuireann mí-úsáid béime isteach ar rithim na cainte agus ar thuiscint. Moltar aird a tharraingt air seo go leanúnach (samplaí: an difear idir 'cheannaigh mé' agus 'cheannaigh mise'; an difear idir 'fuair sí' agus 'fuair sise').

Tá tábhacht ar leith ag baint le haiseolas agus le ceartú éifeachtach chun go sealbhóidh na mic léinn struchtúir na teanga. Moltar iad a chumasú chun a gcuid earráidí féin a cheartú, chomh maith le haiseolas rialta a thabhairt dóibh faoi na hearráidí is minice a dhéanann siad (féach tascanna 1 agus 2 don fhilleán foghlama). Tá béim ar leith ar an gcumasú seo sa dara bliain agus sin an fáth a bhfuil tascanna 1 agus 2 le déanamh dhá uair i rith na bliana. Sa tslí sin bheifí ag súil go spreagfaí mic léinn le freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama agus as an dul chun cinn a dhéanann siad.

An mac léinn Gaeltachta

Beidh struchtúir áirithe a bheidh ar a thoil ag an mac léinn Gaeltachta nach mbeadh ag an mac léinn T2, b'fhéidir (urú ar fhoirmeacha ceisteacha, mar shampla). Ní bheidh an bhéim chéanna le cur ar na struchtúir sin sa teagasc i rang ina bhfuil mic léinn Ghaeltachta – moltar go ndíreofaí ar struchtúir áirithe eile a mbeadh gá níos mó leo (an aidiacht san uimhir iolra, mar shampla).

Mar sin féin, tharlódh sé go mbeadh na riachtanais chéanna den chuid is mó ag mic léinn Ghaeltachta agus ag mic léinn T2 ó thaobh na gramadaí de. Tá dhá phointe bhreise le léiriú, áfach:

- (i) Is minic cainteoirí dúchais ag cáiseamh easpa eolais ar an ngramadach agus gach seans gur lú a gcuid eolais ar théarmaíocht na gramadaí agus ar chomhthéacs struchtúir na Gaeilge ná na mic léinn a d'fhoghlaim an Ghaeilge mar dhara teanga. Moltar béim faoi leith a chur ar an riachtanas seo i ngrúpa teagaisc ina bhfuil mic léinn Ghaeltachta. Tá sé mar aidhm go n-éireodh an mac léinn Gaeltachta muiníneach agus é ag plé lena theanga dhúchais mar chóras a bhfuil rialacha agus patrúin ag baint leis.
- (ii) Beidh béim faoi leith le cur ar an gCaighdeán Oifigiúil agus ar an teanga scríofa – Cad leis a nglactar sa scríobh? Cad iad na rudaí ar leaganacha canúnacha iad ach atá ‘ceart’ agus cad iad na rudaí ar earráidí gramadaí iad?

Féach chomh maith Aguisín 1 leis an gcáipéis ‘Torthaí Foghlama’.

Nithe ar cheart béim a chur orthu

Comhthéacs Fuaimeanna na Gaeilge i gcomhthéacs teangacha eile. An tábhacht a bhaineann le foghraíocht. An féidir deacrachtaí foghraíochta a aithint? Conas is féidir feabhas a chur ar fhadhbanna foghraíochta?

Cúrsaí béime *Béim sa Bhéarla*
Is minic a chuireann sé iontas ar mhic léinn go bhfuil a leithéid de rud ann agus béim i dteanga, go mór mór sa Bhéarla. Is fiú iad a chur ag cleachtadh béime in abairtí Béarla agus ag iniúchadh na mbríonna éagsúla a bhíonn mar thoradh ar an athrú béime. Samplaí: (i) *I didn't go to Paris because of the food* (athraíonn an bhrí ag brath ar an áit a bhfuil an bhéim) (ii) *Where are you living?* (iii) *What did you do?* Tá sé tábhachtach a léiriú nach ionann an córas béime seo sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

Béim agus treisiú sa Ghaeilge

An tábhacht a bhaineann le treisiú: ‘táim ag dul amach anocht’ v. ‘táimse ag dul amach anocht’ / ‘cá bhfuil tú i do chónaí?’ v. ‘cá bhfuil tusa i do chónaí?’

Deacrachtaí béime sa Ghaeilge

‘sin **do** fhadhb’, ‘tá sé **chomh** deas’, bhí an leabhar **rómhaith**’ (nuair nach bhfuil an bhéim oiriúnach).

Béim i bhfocail aonair

- **fuinneog** nó **fuinneog**
- **cailín** nó **cailín**
- focail a mbíonn an claonadh ag mic léinn an bhéim a chur san áit mhícheart iontu: **banaltra**
- gan béim a bheith á cur ar aon siolla ar leith nuair atá gá le béim
- ag cur béime san áit nach bhfuil sí: *ar buila* (er’ bi’l’ə): ‘ar buile’ agus ‘Conas **atá** tú?’

Fuaimeanna éagsúla

Seo samplaí de na rudaí ar cheart aird a tharraingt orthu:

- Gutaí fada agus na gutaí gairide: an difear a dhéanann síneadh fada do bhrí agus d’fhuaim focail (‘tá ba agam

leo' seachas 'tá bá agam leo'; 'sean' v. 'Seán', an claonadh atá ag mic léinn 'fíor' a rá in áit 'fir' srl.)

- Na défhoghair
- Na consain leathana
 - Na consain chaola
 - an 'r' caol: 'Nóirín', 'fir'
 - 'a' an Bhéarla á fhuaimniú sa Ghaeilge: 'ragobair', 'lag', 'bagairt', 'mac' srl.
- an 'ch', an 'gh' agus an 'dh'
- an fhuaim 'ng': 'Seachtain na nGiobal'

Canúintí

Ba cheart aird na mac léinn a tharraingt ar na príomhdhifríochtaí foghraíochta idir na canúintí éagsúla. Chuige seo, moltar réimse leathan téacsanna éisteachta ina bhfuil canúintí éagsúla le cloisteáil a úsáid sa seomra ranga agus aird leanúnach a tharraingt ar dhifríochtaí canúna agus ar fhuaimneanna éagsúla (go mór mór sa chás gur cainteoirí dúchais iad na mic léinn).

Rithim chainte

Gné eile den fhoghraíocht a mbíonn deacrachtaí ag mic léinn léi ná an rithim chainte agus tuin chainte – sin an fhogharaíocht osteascánach (*suprasegmental phonology*). Tá tábhacht ar leith ag baint leis an ngné seo den fhoghraíocht agus is trí ionchur rialta éisteachta is mó is féidir í a fheabhsú.

Conas díriú ar an bhfoghraíocht sa seomra ranga

- Is féidir abairtí a chumadh a léiríonn na difríochtaí fuaime chun seans a thabhairt do na mic léinn iad a chleachtadh.

Samplaí d'abairtí a léiríonn difríochtaí fuaime:

'Tá tuí ar thaobh an tí tuí tá thíos sa toinn' (rabhlóg).

Bhí an Taoiseach ag seasamh ar thaobh an tí.

Bhí Seán agus Síle sásta leis an socrú nua.

D'ól an cailín fionn fiáin an fíon dearg.

Tá sé fíor go raibh na fíor ann.

Tá an lá ag leá go tapa.

Sin é an fear is fearr.

Is ait an áit é sin.

Ar labhair tú leis faoi na leabhair?

Bí cúramach leis an leabhar buí sin!

Tá Seán ag éirí sean anois.

Sampla de rabhlóg a léiríonn difríochtaí béime:

‘Bhí bean ag Joe is bhí *banjo* ag Joe is bhí *banjo* ag bean Joe. B’fhearr go deo Joe ag an *mbanjo* ná bean Joe ar an *mbanjo* go deo’ (léiríonn athrú béime an difear idir *banjo* agus ‘bean Joe’).

Péirí focal a léiríonn difríochtaí fuaime:

mín/maoin

críoch/i gcrích

siúl/súil

tuí/tí

braon/bréan (‘tá mé bréan de rud’ seachas ‘tá mé braon de’)

- Is féidir aird a tharraingt ar an bhfoghraíocht i dtéacsanna éisteachta, go mór mór an fhoghraíocht mar a bhaineann sí le canúintí éagsúla.
- Is fiú na féidearthachtaí a bhaineann le pacáistí teicneolaíochta mar *Wimba Voice Tools* agus áiseanna eile féintaifeadta a fhiosrú chun foghraíocht na mac léinn a fheabhsú.
- Is féidir úsáid a bhaint as ábhar teagaisc mar *vifax* chun cabhrú leis na mic léinn diriú ar fhoghraíocht: d’fhéadfaidís an script den mhír nuachta a fháil (mar chuid den chleachtadh ranga a chuirtear ar fáil le *vifax*) agus éisteacht arís leis an mír ag leanúint na scripte agus á léamh os ard.
- Moltar go láidir cabhrú leis na mic léinn aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí foghraíochta atá acu féin go pearsanta. Díríonn Tasc 2 den fhillteán foghlama air seo, ach go hidéalach dhéanfaí a leithéid sin de thasc go rialta i rith na bliana chun fadhbanna foghraíochta a chur ar a súile do na mic léinn.

An mac léinn Gaeltachta agus cúrsaí foghraíochta

Cé gur dócha nach mbeadh cleachtaí cainte a léiríonn an difear idir consan leathan agus consan caol tairbheach do chainteoirí dúchais, moltar mar sin féin aird na mac léinn sin a dhíriú ar thábhacht na foghraíochta, ar chóras fuaimeanna na teanga, na fuaimeanna a bhaineann le canúintí eile agus an difear idir a gcanúint féin agus canúintí eile.

Maidir le stór focal tá béim le cur ar na gnéithe seo a leanas agus topaicí éagsúla an tsiollabais á gcur i láthair na mac léinn:

- leathnú agus saibhriú
- athrá a sheachaint
- stór focal sna canúintí éagsúla
- oiriúnacht réime

Leathnú agus saibhriú

Tá dúshlán ar leith ag baint le saibhriú teanga mar go mbíonn claonadh ag na mic léinn cloí leis na seanfhoirmlí agus leis na seanmhúnlaí seanchaite céanna agus gan leaganacha nua a tharraingt chucu féin. Beidh sé mar aidhm a chur ar a gcumas leaganacha níos saibhre a úsáid sna comhthéacsanna cearta:

Samplaí:

- Seachas ‘tá ocras orm’, go mbeadh ‘tá mé stiúgtha’, ‘tá mé caillte den ocras’ srl. mar mhalairt.
- Seachas ‘tá an leabhar sin leadránach’, go mbeadh ‘níor chuireas aon suim sa leabhar sin, bhí sé leamh agus tur mar leabhar agus ní raibh mórán le dealramh le rá ag an údar’.
- Seachas ‘bhí an cheolchoirm go maith’ go mbeadh ‘bhí an cheolchoirm ar fheabhas’, ‘bhí sí thar barr’, ‘bhain mé an-sásamh as an ócáid’, ‘bhí oíche ar dóigh agam’ srl.
- Baineann leathnú stór focal leis an labhairt agus leis an scríobh (seachas ‘tá an dán sin go maith’ go scríobhfaí ‘is sárfhile é Michael Davitt agus chuaigh a chuid dánta go mór i bhfeidhm orm’, cuir i gcás).

Athrá a sheachaint

Ba cheart cabhrú leis na mic léinn leaganacha nua a tharraingt chucu féin d’fhonn an t-athrá a sheachaint. Moltar a n-aird a tharraingt ar aon athrá a bhíonn ina gcuid scríbhneoireachta agus cabhrú leo teacht ar leaganacha eile. Tá sé tábhachtach a chur ar a súile dóibh go bhfuil ceangal idir an léitheoireacht agus leathnú agus saibhriú stór focal agus leaganacha cainte.

Canúintí

Moltar aird na mac léinn a tharraingt ar stór focal sna canúintí éagsúla – bheadh seo tairbheach go mór mór do mhic léinn Ghaeltachta.

Oiriúnacht an stóir focal

Tá béim le cur chomh maith ar oiriúnacht na bhfocal don chomhthéacs. Arís, braitheann seo ar thúsphointe na mac léinn agus ar an líofacht atá acu. D'fhéadfaí, mar shampla, díriú ar chódmhalartú sa chomhthéacs seo le mic léinn Ghaeltachta (cad iad na focail a deirtear i mBéarla seachas i nGaeilge). Le grúpa eile, d'fhéadfaí díriú ar sheachaint na seanfhocal a foghlaimíodh ar scoil i gcomhthéacsanna mí-oiriúnacha (riachtanas nach mbeadh ag mic léinn Ghaeltachta, b'fhéidir).

An mac léinn Gaeltachta

Nithe ar ar cheart aird an mhic léinn Ghaeltachta a tharraingt:

- Leathnú stór focal sna réimsí comhaimseartha: 'bhí mé ag lorg leathanach lín', mar shampla, in áit 'bhíos ag *surfáil* ar an *net*'.
- Forbairt ar stór focal lasmuigh den fhearann pearsanta: 'ní éireoidh liom an aiste a dhéanamh don sprioclá atá luaite – ar mhiste leat síneadh ama a thabhairt dom?' (seachas 'ní bheidh sé déanta in am – táim ag lorg *extension*').
- Eolas ar chanúintí eile: glacfar leis go gcothóidh canúintí eile roinnt deacrachtaí fós don mhac léinn Gaeltachta ach beidh sé ag cur lena chuid eolais ar chanúintí eile agus ar leaganacha caighdeánacha de réir a chéile.
- Eolas ar leaganacha caighdeánacha d'fhocail ina chanúint féin ('leabhair' seachas 'leabhartha' agus 'leabharthaí' srl.).

Is fiú na mic léinn seo a spreagadh le héisteacht le cláir chúrsaí reatha agus píosaí iriseoireachta a léamh go rialta chun cur lena stór focal i réimsí comhaimseartha. Bhainfeadh a bhformhór tairbhe as cleachtaí féinriartha mar *vifax* chomh maith chun cur lena stór focal.

Moltaí faoi nithe a bhféadfaí aird a tharraingt orthu nuair atáthar ag plé le stór focal, ag brath ar chumas teanga na mac léinn

- Inscne focail – an tábhacht a bhaineann le hinscne a bheith ar eolas agat agus conas inscne a aithint. Go bhfuil focail ann atá cosúil le chéile ach a bhfuil inscne dhifriúil ag gach ceann agus brí dhifriúil dá réir sin i.e. 'an tAire'/'an aire'. Focail atá baininscneach i gcanúint amháin ach firinscneach i gcanúint eile ('an ainm': baininscneach i gcanúint na Mumhan, 'an asal': baininscneach i gcanúint Uladh).
- Focail Bhéarla nach féidir a aistriú go Gaeilge agus míthuiscintí fúthu: 'Cén Ghaeilge atá ar *Microsoft Excel*'?
- Focail nach féidir a úsáid sa tslí chéanna i nGaeilge agus i mBéarla ('an t-aacht tacaíochta' *the supporting act*, mar shampla).
- Focail a chothaíonn míthuiscintí sna canúintí: 'Tá mé buartha' (*worried* i gcanúint na Mumhan ach *sorry* i gCanúint Uladh); 'cúramach' (*busy* i

gcanúint na Mumhan ach *careful* i gcanúintí eile); láithreach (*later* i gcanúint na Mumhan ach *immediately* i gcanúintí eile).

- An comhthéacs a bhaineann le húsáid focail: ‘baineadh mionghortuithe di’ a chloisfí i dtuairiscí nuachta ach nach gcloisfí i gcomhrá.
- Focail chosúla: in aice le, gar do, cóngarach.
- Malairt brí: deas/gránna; gonta/fadálach.
- Focail a mbíonn deacrachtaí ag foghlaimeoirí idirdhealú a dhéanamh eatarthu: ‘bhí an cheolchoirm thar fóir’ seachas ‘bhí an cheolchoirm thar barr’ / ‘tá dul ar aghaidh á dhéanamh againn’ seachas ‘tá dul chun cinn á dhéanamh againn’ / ‘cúpla’ seachas ‘lánúin’ / ‘ag éirí braon de rud’ seachas ‘ag éirí bréan de rud’ / ‘bábóg’ seachas ‘leanbh’ / ‘rómhór’ seachas ‘an-mhór’ / ‘an iomarca’ seachas ‘go leor’ / ‘sóisialach’ seachas ‘sóisialta’/ srl.
- Focail a dtéann réamhfhocail leo: ‘freastal ar’ (tá úsáid theoranta ag ‘freastal’ ann féin) agus ‘bualadh le’ seachas ‘bualadh’ – ceann a chothaíonn deacrachtaí go rialta.
- Focail a bhfuil cúpla brí acu: foireann – *team* / foireann – *staff*; údar – *author* / údar – *reason* (údar gearáin, údar áthais srl.).
- Focail atá comónta sa Ghaeltacht ach nach mbíonn ag foghlaimeoirí go minic: ‘mótar’ (gluaisteán).
- Focail a bhíonn ar eolas uaireanta ag foghlaimeoirí ach nach bhfuil comónta sa Ghaeltacht: ‘brístí géine’ (*jeans*).
- Focail atá difriúil ó Ghaeltacht go Gaeltacht: ‘caincín’ (srón), ‘sceadamán’ (scornach).
- Béim i bhfocail: **fuinneog** nó **fuinneog**.
- Fuaimniú focail: conas a fhuaimnítear an focal ‘roinn’? (*rín?*, *rinn?*, *roighin?*).
- Deirí focal: críochnaíonn slite beatha le -óir, -eoir; an iarmhír -ín: tigín, buachaillín.
- Stór focal comhaimseartha – an teanga i dteachtaireachtaí téacs, mar shampla: ‘grma’ (go raibh maith agat), ‘7N’ (seachtain).
- Códmhalartú: ‘tá mo *mhotorbike* istigh sa *gharage*’, ‘bhíos ag *choppáil carrots* ar an *mbreadboard*’.
- Ceartúsáid leaganacha cainte agus seanfhocail – go mbeifí ag dul thar fóir dá ndéarfaí ‘ar scáth a chéile a mhaireann na daoine’ nuair a shínfeadh duine peann chugat, cuir i gcás.

An mac léinn Gaeltachta agus an oiriúnacht shochtheangeolaíoch

Cé go mbeidh tuiscint níos doimhne ón tús ag mic léinn Ghaeltachta ar oiriúnacht teanga, réim, béasacht agus nithe a bhaineann go dlúth leis an ngné shochtheangeolaíoch den teanga, tá sé fós tábhachtach go bhforbródh mic léinn Ghaeltachta na réimsí seo agus go leathnódh a dtuiscint orthu agus ar an tábhacht a bhaineann leo. Mar sin féin, ní hionann mar a dhíreofaí ar an ngné seo den teanga sa seomra ranga le mic léinn Ghaeltachta agus le mic léinn ó chúlraí eile.

Nithe ar féidir aird a tharraingt orthu agus tuiscintí na mac léinn Gaeltachta faoin oiriúnacht shochtheangeolaíoch á leathnú:

- Is sna fearainn eile seachas san fhearann pearsanta den chuid is mó a bheidh oiriúnacht shochtheangeolaíoch le forbairt ag na mic léinn Ghaeltachta – moltar a n-aird a tharraingt ar an gcaint fhoirmiúil agus ar an scríbhneoireacht, seachas ar an gcaint a bhaineann leis an bhfearann pearsanta amháin.
- Réimeanna teanga – conas idirdhealú a dhéanamh idir réimeanna neamhfhoirmiúla agus foirmiúla. An bhfuil céimeanna éagsúla laistigh de na catagóirí sin? An bhfuil leaganacha áirithe níos ‘foirmiúla’ nó níos ‘neamhfhoirmiúla’ ná a chéile?
- Canúintí eile – greann, cora cainte, an chaint choitianta, athrú réime – beifear ag súil go leathnóidh a n-eolas ar na nithe seo i gcanúintí seachas a gcanúint féin agus sa teanga ‘oifigiúil’ chaighdeánach chomh maith.
- Conas mar a bhíonn tionchar ag an duine a mbíonn tú ag caint leis ar an rogha teanga a dhéanann tú? An maolaíonn tú do chanúint le daoine áirithe? An bhfuil comhthéacsanna ina seachnaíonn tú an códmheascadh? An bhfuil difear idir an tslí a labhraíonn tú le do léachtóirí agus le do theaghlach sa bhaile? An bhfuil difear idir an tslí a labhraíonn tú le mic léinn ó Ghaeltachtaí eile agus le mic léinn ó do cheantar féin?
- An tslí a gcothaíonn focail / leaganacha ó chanúintí eile míthuiscintí (‘an bhfuil tú cúramach’ (*careful*) v. ‘an bhfuil tú cúramach’ (*busy*); ‘déanfaidh mé láithreach é’ (*later*) v. ‘déanfaidh mé láithreach é’ (*immediately*)).
- Cad iad na difríochtaí idir na slite a gcuireann tú tú féin in iúl sa chaint agus sa scríobh? Conas friotal a chur air seo?
- An bhfuil greann / scéalta / comhraite áirithe a cheapann tú nach dtuigfeadh daoine lasmuigh de do cheantar féin? Cén fáth?
- Cén tionchar atá ag tuiscintí pobail / tuiscintí faoi áit ar an tslí a gcuireann tú tú féin in iúl? Cén tionchar a bhíonn aige ar an tslí a roghnaíonn tú ábhar cainte? An mbaineann mórán de na scéalta grinn atá agat ón mbaile le daoine ar leith agus le háiteanna ar leith?
- An féidir greann a aistriú? Cén fheidhm atá ag aistriúchán? Cén dearcadh atá agat ar an teanga a bhíonn i gcáipéisí oifigiúla Gaeilge?

Moltaí faoi fhorbairt na hoiriúnachta sochtheangeolaíche le mic léinn eile

- Conas a bheith béasach sa teanga: an difear idir an modh ordaitheach agus leaganacha mar ‘ar mhiste leat?’, ‘an cuma leat?’, ‘an bhféadfá?’ srl. / an difear idir ‘cad atá uait?’ agus ‘an féidir liom cabhrú leat?’.
- An difear idir leaganacha áirithe comhchiallacha: ‘ní maith liom a rá leat’ v. ‘is oth liom a chur in iúl duit’; an difear idir ‘bronntanas’ agus ‘tabhartas’.
- Conas plé go sóisialta le daoine i.e. comhbhrón a dhéanamh le duine, míshástacht a chur in iúl i slí oiriúnach, teanga na hidirbheartaíochta srl.
- Conas mothúcháin a chur in iúl – seo réimse a chothaíonn deacrachtaí do mhic léinn go minic: ‘bhí sceitimíní áthais orm’ a sheachaint, mar shampla.
- Feasacht a mhúscailt faoi leaganacha a foghlaimíodh ar scoil b’fhéidir, ach nach bhfuil nádúrtha: ‘i mo thuairim phearsanta féin’ (ró-úsáid), ‘bhí spórt agus spraoi ann’, ‘tír gan teanga, tír gan anam’ srl.
- Feasacht a mhúscailt faoi thábhacht na foghraíochta agus an tionchar a bhíonn ag an bhfoghraíocht ar chumarsáid le cainteoirí Gaeltachta.

Moltaí faoi conas aird a tharraingt ar an oiriúnacht shochtheangeolaíoch sa seomra ranga

- Trí aird a tharraingt ar oiriúnacht stór focal agus frásaí éagsúla nuair atá téacsanna á léamh – focail a oireann do chomhthéacsanna éagsúla (An ndéarfá ‘déanaim comhbhrón leat ar bhás do charad’ le duine nó an oiriúnaí ‘tá brón orm a chloisteáil faoi do chara’? / An ndéarfá ‘cheannaigh mé tabhartas duit’? / An ndéarfá ‘thaistil mé ar muir go dtí an Fhrainc’? / ‘a léachtóir, a chara’ / ‘haigh, a Ollaimh’).
- Trí aird a tharraingt ar chúrsaí stíle i bpíosaí léitheoireachta – teanga na tuairisce, na critice, na hinsinte, na cruthaitheachta.
- Trí aird a tharraingt ar chúrsaí stíle i dtéacsanna éisteachta – úsáid an bhriathair shaoir i dtuairisc nuachta ar TG4 seachas cur síos neamhfhoirmiúil ó dhuine ar Raidió na Gaeltachta ar a laethanta saoire.
- Trí mhúineadh na gramadaí a cheangal le comhthéacs úsáid na teanga – comhthéacs an mhodha ordaitheach (nach bhfuil sé béasach é a úsáid le héinne seachas leanaí agus daoine a bhfuil aithne agat orthu), comhthéacs an bhriathair shaoir (ceangailte le tuairiscí nuachta, mar shampla), comhthéacs na mbriathra (cé chomh tábhachtach is atá sé freagra nádúrtha a thabhairt ar cheist: ‘An ndearna tú an aiste? Rinne’ seachas ‘Rinne mé an aiste’).
- Trí aird a tharraingt ar thuin chainte, greann agus rudaí atá ráite go hindíreach i dtéacsanna éisteachta agus scríofa.

Moltaí faoin léamhthuiscint sa seomra ranga

- Táthar ag súil leis sa dara bliain go mbeidh na mic léinn ábalta léamh tuisceanach a dhéanamh ar théacs agus dul i ngleic le gnéithe éagsúla de théacsanna. Ba chóir, mar sin, go mbeadh anailís ar théacsanna i gceist go rialta i dtascanna a bheifí ag dearadh bunaithe ar théacsanna léitheoireachta.
- Sa dara bliain ba chóir go mbeadh na téacsanna léitheoireachta níos faide agus níos casta ná mar a bhí sa chéad bhliain agus ba chóir go mbainfidís le réimse níos leithne topaicí ná mar a bhí i gceist sa chéad bhliain.
- Ba chóir aird na mac léinn a tharraingt ar chúrsaí stíle i dtéacsanna agus ba chóir a n-aird a tharraingt ar ghreann, ar íoróin, ar imeartas focal, ar réimeanna teanga agus ar nithe eile a bhaineann le stíl.
- Ba chóir raon téacsanna canúnacha a chur faoi bhráid na mac léinn.
- Ba chóir éagsúlacht a bheith sa réimse téacsanna a chuirfear faoi bhráid na mac léinn: iriseoireacht, scríbhneoireacht chruthaitheach, tuairiscí, comhfhreagras.
- Ba chóir réimse leathan tascanna a bheith bunaithe ar na téacsanna sin. Tá tábhacht ar leith ag baint le cleachtaí a dhíríonn ar shruthléamh agus ar shracléamh seachas ar an ngrinnléitheoireacht amháin.
- Ba chóir béim a chur ar chumasú na mac léinn chun straitéisí éifeachtacha léitheoireachta a tharraingt chucu féin chun dul i ngleic le téacsanna dúshlánacha nó canúnacha a bhuaileadh leo.
- Ba chóir béim a chur ar cheartúsáid foinsí tagartha (foclóirí, áiseanna téarmaíochta srl.). Féach an méid atá ráite i ‘Scileanna Foghlama’.
- Ba chóir an léitheoireacht neamhspleách a spreagadh. Moltar go spreagfaí na mic léinn chun ábhar léitheoireachta bainteach lena n-ábhar spéise féin a chuardach (taispeáint dóibh conas cartlann www.beo.ie a chuardach, mar shampla).
- Ba chóir tuiscint a chothú ar thábhacht na léitheoireachta d’fhoghlaim teanga, ar na straitéisí léitheoireachta atá ar eolas ag na mic léinn agus ar conas léamh go héifeachtach.

An mac léinn Gaeltachta agus an léamhthuiscint

Moltar réimse leathan téacsanna a chur os comhair an mhic léinn Ghaeltachta: téacsanna a chuirfidh lena chuid eolais ar chanúintí eile, téacsanna a chuirfidh lena chuid eolais ar an teanga chaighdeánach agus téacsanna ina chanúint féin chomh maith.

Moltaí faoin scríbhneoireacht sa seomra ranga

- Ba chóir deiseanna a chruthú do na mic léinn sa dara bliain anailís thuisceanach ar théacsanna a chur ar fáil i scríbhinn. Ba chóir tascanna a dhearadh a thugann deis dóibh comparáidí a dhéanamh, anailís a dhéanamh, eolas ó fhoinsí éagsúla a mheas, dhá thaobh argóna a chur i láthair.
- Ba chóir aird na mac léinn sa dara bliain a tharraingt ar na coinbhinsiúin a bhaineann leis an scríbhneoireacht acadúil nuair is cuí i.e. tagairtí, leabharliostaí, athinsint, athfhríotal srl.
- Ba chóir go leor taithí a thabhairt do mhic léinn ar théacsanna éagsúla a scríobh. Moltar tascanna scríofa a bheith ar siúl sna seisiúin teagaisc agus mar obair bhaile (d'fhéadfadh na mic léinn na príomhphointí a bhí in alt a léigh siad nó i bplé a bhí acu a scríobh i ngrúpaí sa rang agus ansin ceann de na pointí sin a fhorbairt mar obair bhaile. D'fhéadfaidís éisteacht le hargóint a bheadh á déanamh i mír éisteachta agus an taobh eile den argóint sin a fhorbairt mar obair bhaile).
- Ba chóir go mbeadh béim á cur ar *phróiseas* na scríbhneoireachta chomh maith leis an *táirge* – is é sin go spreagfaí na mic léinn chun céimeanna ullmhúcháin a leanúint sula gcuirtear an leagan deireanach ar fáil agus taithí a fháil ar an bpróiseas ullmhúcháin seo chun gur féidir leo éirí níos neamhspleáiche ina gcuid scríbhneoireachta (bailiú smaointe, dréachtú, struchtúrú, athbhreithniú, measúnú).
- Ba chóir na mic léinn a spreagadh le díriú ar *struchtúr* an phíosca scríbhneoireachta chomh maith leis an teanga féin.
- Ba chóir cleachtadh rialta a dhéanamh ar achoimrí agus ar anailís a dhéanamh ar théacsanna.
- Ba chóir taithí a thabhairt do mhic léinn ar théacsanna a chumadh a bhaineann leis an bhfearann oideachais (léirmheasanna, anailís ar théacsanna litríochta, tuairimí a chur in iúl srl.).
- Ba chóir go mbeadh cruinneas gramadaí á fhorbairt diaidh ar ndiaidh – tá ról tábhachtach ag an gceartú rialta éifeachtach ar thascanna scríbhneoireachta i gcothú an chruinnis sin.
- Ba chóir béim a chur ar litriú agus ar cheartúsáid comharthaí poncaíochta.

An mac léinn Gaeltachta agus an scríbhneoireacht

Ba chóir cabhrú leis an mac léinn Gaeltachta na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Idirdhealú a dhéanamh idir an teanga scríofa agus an teanga labhartha i dtreo is nach gcuireann tionchar na teanga labhartha isteach rómhór ar an scríobh.
- É féin a chur in iúl i réimsí lasmuigh den fhearann pearsanta chun nach gá dó a chuid cainte a theorannú agus dul i muinín an Bhéarla.
- Déileáil le réim sa scríbhneoireacht (gan a bheith ró-neamhfhoirmiúil, cuir i gcás).

Moltaí faoin gcluastuiscint sa seomra ranga

- Ba chóir taithí a thabhairt do na mic léinn ar réimse leathan téacsanna éisteachta ina bhfuil:
 - réimse leathan ábhar / topaicí
 - éagsúlacht canúintí
 - éagsúlacht i stíleanna cainte
 - cainteoirí nádúrtha
 - an chaint shaibhir, nádúrtha
- Ba chóir aird a tharraingt ar stíleanna éagsúla sna míreanna éisteachta:
 - tuairiscí nuachta v. cuntais phearsanta, mar shampla.
 - stíleanna éagsúla a bhíonn ag cainteoirí éagsúla (cainteoir a mbíonn a chuid cainte lán den chódmhalartú v. cainteoir a bhfuil an nua-théarmaíocht ar a thoil aige).
 - mothúcháin (duine ag cur míshástacht in iúl v. duine ag caint faoi eachtra a thug sásamh dó).
 - réimeanna éagsúla teanga.
- Ba cheart go mbeadh mic léinn sa dara bliain ag cur lena gcuid eolais ar na canúintí agus mar sin ba chóir aird a tharraingt go rialta ar chanúintí éagsúla sna téacsanna éisteachta.
- Ba chóir taithí a thabhairt do na mic léinn ar pháirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite agus in idirghníomhaíocht nádúrtha – díospóireachtaí srl.
- Ba chóir taithí a thabhairt do na mic léinn ar a bheith ag éisteacht le cainteoirí maithe, líofa, nádúrtha.

An mac léinn Gaeltachta agus an chluastuiscint

Moltar taithí a thabhairt don mhac léinn seo ar a bheith ag éisteacht le canúintí eile agus le míreanna éisteachta a bhfuil an nuathéarmaíocht agus stór focal comhaimseartha le cloisteáil iontu.

Moltaí faoin gcaint sa seomra ranga

- Ba chóir cur le líofacht na mac léinn trí dheiseanna a thabhairt dóibh páirt rialta ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite agus in idirghníomhaíocht ranga.
- Ba chóir deiseanna a chur ar fáil do mhic léinn labhairt faoi réimse leathan topaicí.
- Ba chóir deiseanna a chur ar fáil do mhic léinn tuairimí a chur in iúl agus a chosaint, argóintí a fhorbairt, míniú agus soiléiriú a thabhairt.
- Ba chóir deiseanna a chur ar fáil do mhic léinn stíleanna éagsúla cainte a chleachtadh – cuir i láthair, díospóireachtaí agus agallaimh, caint faoi thopaicí teibí – seachas díreach comhrá pearsanta.
- Ba chóir béim a chur ar an bhfoghraíocht – is é sin (i) ar fhuaimneanna aonair agus (ii) ar rithim nádúrtha cainte.
- Ba chóir béim a chur ar chruinneas cainte chomh maith le líofacht.
- Ba chóir béim a chur ar leathnú stór focal agus saibhriú cainte.
- Ba chóir béim a chur ar oiriúnacht cainte agus ar roghnú na bhfocal agus na stíle cuí don chomhthéacs.

An mac léinn Gaeltachta agus an chaint

Ba chóir díriú ar na nithe seo a leanas leis an mac léinn Gaeltachta:

- Aird a tharraingt ar réimeanna teanga sa chaint i.e. an chaint a bheith oiriúnach don chomhthéacs.
- Cruinneas gramadaí a fhorbairt sa chaint.
- Forbairt a dhéanamh ar stór focal comhaimseartha agus ar an stór focal a bhaineann le fearainn lasmuigh den fhearann pearsanta.
- Éirí níos muiníní in idirghníomhaíocht le daoine le canúint eile seachas a chanúint féin.

Siollabas Nua don Dara Bliain Ollscoile

Fillteán Foghlama don Dara

Bliain

Treoir do Mhic Léinn



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Fillteán Foghlama don Dara Bliain

Clár

Treoir Ghinearálta	lch 3
Tascanna 1(a) agus 1(b) Cuntas ar na hearráidí is minice a dhéanann tú sa scríobh	lch 5
Tascanna 2(a) agus 2(b) Cuntas ar na hearráidí is minice a dhéanann tú sa chaint	lch 7
Tasc 3 Taighde	lch 9
Tasc 4 Cur i láthair	lch 9
Tasc 5 Léirmheas	lch 11
Tasc 6 Ceistneoir	lch 13
Tasc 7 Scríbhneoireacht chruthaitheach	lch 14
Sampla d'anailís ar thasc 6	lch 15
Sampla d'anailís ar thasc 7	lch 17
Anailís ar na tascanna: Teimpléad	lch 18
Seicliosta don fhillteán foghlama	lch 19
Earráidí coitianta	lch 20
Ceisteanna coitianta faoin bhfillteán foghlama	lch 22

Tá tascanna 1-6 éigeantach. Beidh tasc 1 agus tasc 2 le déanamh faoi dhó i gcaitheamh na bliana ((a) agus (b)) agus tá tasc 7 ann mar thasc breise roghnach.

Treoir Ghinearálta

Tá **8 dtasc** as 9 gcinn le déanamh i rith na bliana agus tá na tascanna sin le cur i bhfillteán foghlama: Tasc 1(a), Tasc 1(b), Tasc 2(a), Tasc 2(b), Tasc 3, Tasc 4, Tasc 5, Tasc 6 agus Tasc 7 (tasc breise roghnach). Chomh maith leis na tascanna féin, tá **anailís** le déanamh ar gach tasc. Is é atá i gceist anseo ná cur síos ar conas a thug tú faoin tasc a dhéanamh, na dúshláin a bhuail leat i ndéanamh an taise agus an méid a d'fhoghlaim tú faoin teanga agus tú i mbun an taise. Tá samplaí den chineál anailíse atá ag teastáil tugtha ar leathanaigh 15-17.

Tá tascanna 1-6 éigeantach agus tá tasc 7 ann mar thasc breise roghnach.

An Anailís

Is é atá ag teastáil san anailís ná machnamh a dhéanamh ar an tslí ar thug tú faoin tasc agus ar an méid a d'fhoghlaim tú. Caithfidh tú anailís a dhéanamh ar gach tasc – **níl an tasc déanta go dtí go mbíonn an anailís déanta**. Seo a leanas na nithe a gcaithfidh tú cuntas a thabhairt orthu san anailís:

An modh a d'úsáid tú	Conas a thug tú faoin tasc? Ar labhair tú le daoine eile chun comhairle a fháil? Ar úsáid tú foclóir nó leabhar gramadaí? Ar éist tú le clár raidió a chabhródh leat? Ar léigh tú alt? An bhfuair tú cabhair ón teagascóir nó ó do chomh-mhic léinn?
Na dúshláin a bhuail leat	Cad a bhí deacair faoin tasc? An raibh deacracht agat leis an tasc féin nó leis an teanga? Cad a rinne tú chun na deacrachtaí sin a shárú?
Cad a d'fhoghlaim tú?	Déan cur síos anseo ar na rudaí nua a d'fhoghlaim tú agus tú i mbun an taise. D'fhéadfadh gur stór focal nua, nathanna nua, patrún nua gramadaí, scil nua (riail

ghramadaí a sheiceáil i leabhar gramadaí, focal a chuardach i bhfoclóir) a bheadh i gceist.

Moltar duit liosta a choimeád d'aon obair bhreise a rinne tú i rith na bliana: ailt bhreise a léigh tú, agallaimh ar éist tú leo, cláir theilifíse nó scannáin a chonaic tú, aon rud breise a rinne tú chun feabhas a chur ar do chuid Gaeilge nó chun deiseanna a chruthú duit féin feabhas a chur ar na scileanna éagsúla teanga. Is féidir an liosta seo a chur leis an bhfillteán foghlama.

Ord

Ní gá go dtabharfaí faoi na tascanna san ord ina bhfuil siad leagtha amach thíos – má oireann sé níos fearr duit an léirmheas a dhéanamh ag tús na bliana, mar shampla, seans gur féidir sin a dhéanamh ach é a phlé leis an teagascóir. Den chuid is mó, áfach, beidh na tascanna ceangailte leis an obair ranga agus leagfaidh an teagascóir amach sceideal do chomhlíonadh na dtascanna a bheidh bunaithe ar a bhfuil á mhúineadh sa rang agus ar an obair ranga.

Measúnú

Gheobhaidh tú treoir maidir leis an scrúdú agus gach gné eile den mheasúnú ó do theagascóir.

Tasc 1: Cuntas ar na hearráidí is minice a dhéanann tú sa scríobh

Déanfaidh tú an tasc seo faoi dhó i rith na bliana – (a) agus (b).

Tá sé mar aidhm ag an tasc seo cur leis an tuiscint atá agat ort féin mar fhoghlaimeoir teanga agus cur le do neamhspleáchas mar fhoghlaimeoir. Táthar ag súil i ndéanamh an tasc seo go dtiocfaidh feabhas ar do chumas earráidí a aithint, ar do chumas ceartúcháin a dhéanfaidh teagascóirí ar earráidí de do chuid a chur i bhfeidhm, tuiscintí nua atá á sealbhú agat faoin teanga a chur i bhfeidhm ar do chuid scríbhneoireachta agus i do chuid cainte agus freagracht áirithe a ghlacadh as do chuid foghlama féin. Tá béim faoi leith á cur ar na scileanna seo sa dara bliain agus mar sin, beidh tascanna 1 agus 2 le déanamh dhá uair i rith na bliana.

Iarrfaidh an teagascóir ort píosa a scríobh faoi thopaic de do rogha féin (bunaithe ar a bhfuil pléite sa rang) agus ceartóidh an teagascóir an píosa. An aidhm atá leis an gceartúchán ná go mbeidh léargas ginearálta agat ar na fadhbanna teanga is mó atá agat agus ar cad iad na hearráidí is minice a dhéanann tú. Beidh sé mar sprioc agat na hearráidí sin a cheartú, níos mó eolais a fháil fúthu chun iad a sheachaint arís agus cleachtaí breise a mholfaidh an teagascóir duit a bheidh bainteach leis na hearráidí sin a dhéanamh.

Cuirfidh tú an píosa scríbhneoireachta seo san fhillteán foghlama agus scríobhfaidh tú cuntas ar na hearráidí is minice a dhéanann tú (an tasc). Beidh anailís le déanamh ar an tasc seo chomh maith, ina ndéanfaidh tú cur síos ar conas a thug tú faoin tasc, na dúshláin a bhuailead agus an méid a d'fhoghlaim tú.

Anuas ar an gceartúchán a dhéantar ar an bpíosa áirithe scríbhneoireachta seo, coinnigh súil ar cheartúcháin a dhéantar ar obair leanúnach eile de do chuid. Bíodh sé mar aidhm agat sa tasc féachaint ar an dul chun cinn atá á dhéanamh agat sa teanga go ginearálta, ar an dul chun cinn atá déanta agat leis na hearráidí a bhí á ndéanamh agat sa chéad bhliain agus ar thuiscintí nua a gheobhaidh tú ar struchtúir na teanga. Féadfaidh tú cur síos a dhéanamh sa tasc ar do chuid earráidí, míniú a

thabhairt ar an tuiscint atá agat orthu, cuntas a thabhairt ar nithe nach dtuigeann tú, cur síos a dhéanamh ar iarrachtaí atá á ndéanamh agat dul i ngleic le do chuid deacrachtaí, nó aon rud eile a mheasann tú atá ábhartha.

Nuair a dhéanfaidh tú an tasc an dara huair níos déanaí sa bhliain (tasc 1(b)) beidh sé mar aidhm agat féachaint ar tháinig feabhas ar na hearráidí is minice a bhí á ndéanamh agat ag tús na bliana. Déan tagairt chomh maith do na hearráidí a bhí á ndéanamh agat sa chéad bhliain agus féach an bhfuil feabhas tagtha orthu.

Déan iarracht i rith na bliana cuntas rialta a choimeád ar na hearráidí a dhéanann tú, níos mó eolais a fháil fúthu agus iarracht a dhéanamh iad a ghlanadh as do chuid scríbhneoireachta / as do chuid cainte. B'fhiú, mar shampla, cóipleabhar ar leith nó leabhar beag nótaí a bheith agat ina mbreacfaidh tú síos na hearráidí / na ceartúcháin.

Céim 1: An píosa a scríobh (tusa).

Céim 2: An píosa a cheartú (an teagascóir).

Céim 3: An tasc féin: Cuntas a scríobh ar na hearráidí agus ar na nithe nua atá foghlamtha agat faoin teanga (tusa).

Céim 4: Anailís a scríobh san fhillteán foghlama (tusa).

Beidh na céimeanna seo le tógáil faoi dhó – 1(a) agus 1(b).

Tasc 2: Cuntas ar na hearráidí is minice a dhéanann tú sa chaint

Déanfaidh tú an tasc seo faoi dhó i rith na bliana – (a) agus (b).

Tá sé mar aidhm ag an tasc seo cur leis an tuiscint atá agat ort féin mar fhoghlaimeoir teanga agus cur le do neamhspleáchas mar fhoghlaimeoir. Táthar ag súil i ndéanamh an tasc seo go dtiocfaidh feabhas ar do chumas earráidí a aithint, ar do chumas ceartúcháin a dhéanfaidh teagascóirí ar earráidí de do chuid a chur i bhfeidhm, tuiscintí nua atá á sealbhú agat faoin teanga a chur i bhfeidhm ar do chuid scríbhneoireachta agus i do chuid cainte agus freagracht áirithe a ghlacadh as do chuid foghlama féin. Tá béim faoi leith á cur ar na scileanna seo sa dara bliain agus mar sin, beidh tascanna 1 agus 2 le déanamh dhá uair i rith na bliana.

Tá sé i gceist sa tasc seo go bhfaighfeá léargas ginearálta ar na hearráidí is minice a dhéanann tú sa chaint (cruinneas, líofacht, foghraíocht). Déanfaidh tú taifeadadh ort féin ag labhairt faoi thopaic éigin de do rogha féin (bunaithe ar a bhfuil pléite sa rang). Ní gá dul thar thrí nóiméad sa taifeadadh. Éistfidh an teagascóir leis an taifeadadh agus cuirfidh sé/sí moltaí ar fáil duit faoi do chuid foghraíochta, faoi aon fhadhbanna atá agat le fuaimniú, agus faoi earráidí gramadaí a dhéanann tú sa chaint. Beidh sé mar sprioc agat na hearráidí sin a cheartú, níos mó eolais a fháil fúthu chun iad a sheachaint arís agus cleachtaí breise a mholfaidh an teagascóir duit a bheidh bainteach leis na hearráidí sin a dhéanamh.

Cuirfidh tú an píosa taifeadta san fhillteán foghlama agus scríobhfaidh tú cuntas ar na hearráidí a rinne tú sa phíosa taifeadta (an tasc). Beidh anailís le déanamh ar an tasc seo chomh maith, ina ndéanfaidh tú cur síos ar conas a thug tú faoin tasc seo, na dúshláin a bhuaileat agus an méid a d'fhoghlaim tú.

Anuas ar an gceartúchán a dhéantar ar an bpíosa áirithe cainte seo, coinnigh súil ar cheartúcháin a dhéantar ar do chuid cainte sna ranganna teagaisc. Bíodh sé mar aidhm agat sa tasc féachaint ar an dul chun cinn atá á dhéanamh agat sa teanga go

ginearálta, ar an dul chun cinn atá déanta agat leis na hearráidí a bhí á ndéanamh agat sa chéad bhliain agus ar thuiscintí nua a gheobhaidh tú ar struchtúir na teanga. Féadfaidh tú cur síos a dhéanamh sa tasc ar na hearráidí, míniú a thabhairt ar an tuiscint atá agat orthu, cuntas a thabhairt ar nithe nach dtuigeann tú, cur síos a dhéanamh ar iarrachtaí atá á ndéanamh agat dul i ngleic le do chuid deacrachtaí nó aon rud eile a mheasann tú atá ábhartha.

Nuair a dhéanfaidh tú an tasc an dara huair níos déanaí sa bhliain (tasc 2(b)) beidh sé mar aidhm agat féachaint ar tháinig feabhas ar na hearráidí is minice a bhí á ndéanamh agat ag tús na bliana. Déan tagairt chomh maith do na hearráidí a bhí á ndéanamh agat sa chéad bhliain agus féach an bhfuil feabhas tagtha orthu.

- Céim 1: An píosa a thaifeadadh (tusa).
- Céim 2: Aiseolas a fháil faoin taifeadadh (teagascóir).
- Céim 3: An tasc féin: Cuntas a scríobh ar na hearráidí (tusa).
- Céim 4: Anailís a scríobh san fhillteán foghlama (tusa).

Beidh na céimeanna seo le tógáil faoi dhó – 2(a) agus 2(b).

Más féidir leat, déan iarracht tú féin a thaifeadadh go rialta i rith na bliana agus éisteacht leat féin arís i gcomhthéacs aon eolais nua atá foghlamtha agat faoin teanga. An gcloiseann tú aon earráidí? Más maith leat, iarr ar dhuine eile éisteacht leat – an aithníonn seisean/sise earráidí?

Tascanna 3 agus 4: Taighde agus Cur i Láthair

Ag brath ar chúinsí an ranga, d'fhéadfadh gur mar obair i ngrúpa a d'eagródh teagascóirí an tasc seo seachas mar obair aonair.

Déanfaidh tú taighde ar scéal / ábhar a bhfuil *dhá thaobh argóna* ann. D'fhéadfadh gur topaic a tháinig chun cinn sna ranganna a bheadh i gceist, topaic thráthúil atá i mbéal an phobail nó topaic eile de do rogha féin. An príomhrud ná go bhfuil *dhá thaobh scéil* nó *argóint éigin* i gceist.

Samplaí:

- Saol an mhic léinn: An argóint i bhfabhar agus i gcoinne táillí ar an tríú leibhéal, an argóint i bhfabhar agus i gcoinne a bheith i do chónaí le do thuismitheoirí agus tú ag freastal ar an gcoláiste, an argóint i bhfabhar agus i gcoinne scéim *Erasmus* / tréimhse sa Ghaeltacht, an argóint i bhfabhar agus i gcoinne an mheasúnaithe leanúnaigh srl.
- Cúrsaí idirnáisiúnta: An chonspóid sa Fhrainc agus i dtíortha eile faoi chaitheamh an bhúrca in áiteanna poiblí, stádas na Gaeilge san Aontas Eorpach, dianslándáil san aerthaisteal srl.
- An Ghaeltacht: Conspóidí maidir le cúrsaí oideachais / logainmneacha / cúrsaí pleanála agus tithíochta.
- Cúrsaí reatha: An argóint a dhéantar i bhfabhar nó i gcoinne ábhar ar leith atá sa nuacht faoi láthair.

Scríobhfaidh tú cuntas ar an taighde, ag déanamh cinnte de go léiríonn tú an argóint atá *ag an dá thaobh* sa scéal. Léireoidh tú sa chuntas go bhfuil taighde déanta agat ar dhá thaobh an scéil i.e. ailt nó leabhar léite, clár teilifíse feicthe, clár raidió cloiste, i ndiaidh labhairt le daoine srl. Déanfaidh tú iarracht sa chuntas a bheith cothrom agus tú ag leagan amach dhá thaobh na hargóna agus beidh sé mar aidhm agat go dtuigfidh an léitheoir go soiléir na hargóintí a bhaineann leis an dá thaobh.

Chomh maith leis sin, déanfaidh tú anailís san fhillteán foghlama ar an modh a d'úsáid tú i do thaighde, ar na dúshláin a bhuail leat agus ar an méid a d'fhoghlaim tú.

Tá tasc 4 ceangailte leis seo mar beidh ort cur i láthair bunaithe ar do phíosa taighde a ullmhú. Beidh an cur i láthair le déanamh uair éigin i rith na bliana sa seomra ranga – is maith an smaoineamh é an cur i láthair a chleachtadh le do chomh-mhic léinn roimh ré agus a gcuid aiseolais a lorg. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí léargas don lucht éisteachta sa chur i láthair ar na hargóintí atá lárnach i do thaighde agus go bhfaigheadh an lucht éisteachta tuiscint ar *dhá thaobh na hargóna*.

- Céim 1: Ábhar a roghnú.
- Céim 2: An taighde a dhéanamh agus píosa a scríobh faoi (tasc 3).
- Céim 3: Anailís a scríobh san fhillteán foghlama ar thasc 3.
- Céim 4: Cur i láthair gearr (3 nóiméad) a ullmhú bunaithe ar do thaighde (tasc 4). Tá na pointí gearra / nótaí a bheidh agat do do phíosa cainte le cur san fhillteán.
- Céim 5: An cur i láthair a chleachtadh le daoine eile.
- Céim 6: An cur i láthair a dhéanamh sa rang.
- Céim 7: Anailís a scríobh san fhillteán foghlama ar thasc 4.

Ná déan dearmad go bhfuil dhá anailís le déanamh anseo: ceann do thasc 3 agus ceann do thasc 4.

Tasc 5: Léirmheas

Tá sé mar aidhm ag an tasc seo go dtiocfaidh forbairt ar do chumas léirmheastóireachta. In áit an taisc a bhí le déanamh agat sa chéad bhliain ina raibh léirmheas le déanamh ar shaothar amháin, leathnóidh tú é seo sa dara bliain chun cúpla saothar a chur san áireamh in aon léirmheas amháin. Chuige sin, déanfaidh tú léirmheas ar *chnuasach* nó ar *shraith* chun téama coitianta a aimsiú, comparáidí a dhéanamh agus anailís a dhéanamh.

Samplaí:

- Féach ar na gearrscannáin ar an suíomh www.feenish.com ina bhfuil filí Gaeilge ag léamh a gcuid dánta. Aimsigh na bundánta sa leabharlann chun go mbeidh na focail agat agus tú ag féachaint ar an léiriú fise. Sa léirmheas a scríobhfaidh tú déanfaidh tú tagairt do na dánta *ar fad* a léirítear sna gearrscannáin ar an suíomh; déanfaidh tú tagairt do na léiriúcháin fise a dhéantar ar na dánta; tabharfaidh tú do chuid tuairimí faoi na léiriúcháin a dhéantar ar na dánta; déanfaidh tú comparáidí idir na léiriúcháin éagsúla a dhéantar ar na dánta.
- Roghnaigh scríbhneoir / iriseoir ar leith a scríobhann in iris nó i nuachtán de do rogha féin, agus léigh ar a laghad 5 alt leis an scríbhneoir áirithe sin. I do léirmheas déan tagairt do na téamaí a bhíonn faoi chaibidil aige/aici, an stíl atá aige/aici agus conas mar a thaitin a c(h)uid scríbhneoireachta leat.
- Féach ar roinnt clár teilifíse i sraith amháin i.e. 5-6 chlár den sobaldráma *Ros na Rún*. Sa léirmheas a dhéanfaidh tú ar na cláir, léireoidh tú gur lean tú an scéal go rialta; inseoidh tú an plota; déanfaidh tú cur síos ar conas a dhéantar scéalta agus fophlotaí áirithe a láimhseáil; déanfaidh tú cur síos ar na carachtair agus ar an bhforbairt a tháinig orthu ó chlár go chéile.
- Éist le roinnt clár raidió i sraith amháin (5-6 chlár). Sa léirmheas a dhéanfaidh tú ar na cláir, léireoidh tú gur éist tú leis na cláir; déanfaidh tú cur síos ar a raibh faoi chaibidil; tabharfaidh tú cuntas ar leagan amach na

gclár agus tabharfaidh tú do thuairim féin fúthu mar chláir aonair agus mar chuid den tsraith.

- Roghnaigh nuachtán nó iris (*Gaelscéal, Foinse, Comhar, Nós*, mar shampla) agus scríobh léirmheas ar an bhfoilseachán ag cur ar a laghad 5 eagrán san áireamh. Déanfaidh tú cur síos ar scríbhneoirí éagsúla agus a mbíonn faoi chaibidil acu, ar théamaí an fhoilseacháin, ar na rudaí a thaitníonn / nach dtaitníonn leat, ar an dearadh agus ar nithe eile a mheasann tú atá ábhartha.

Is féidir aon tsraith / chnuasach eile de do rogha féin a bheith i gceist sa tasc seo ach é a bheith pléite leis an teagascóir.

Céim 1: Roghnaigh sraith / cnuasach.

Céim 2: Léigh na heagraín éagsúla / féach ar na cláir éagsúla thar tréimhse ama, ag coinneáil cuntais ar an méid a thugann tú faoi deara.

Céim 3: Scríobh an léirmheas.

Céim 4: Scríobh anailís san fhillteán foghlama.

Tasc 6: Ceistneoir a Dhearadh

Déanfaidh tú ceistneoir cuimsitheach a dhearadh chun dearcadh do chomh-mhic léinn faoi thopaic ar leith de do rogha féin a iniúchadh. Roghnóidh tú ábhar, cumfaidh tú ceisteanna oiriúnacha, déanfaidh tú an ceistneoir a dhearadh, roghnóidh tú pobal oiriúnach don cheistneoir, cuirfidh tú na ceisteanna ar mhic léinn eile, baileoidh tú an fhaisnéis agus scríobhfaidh tú cuntas soiléir ar thorthaí an cheistneora.

Bí cinnte de go gcuireann tú an ceistneoir féin ar fáil san fhillteán, mar aon leis an tuairisc ar na torthaí. Maidir le dearadh an cheistneora, b'fhéidir go mbeadh an uirlis www.surveymonkey.com úsáideach duit.

- Céim 1: Roghnaigh ábhar le hiniúchadh.
- Céim 2: Cum ceisteanna agus dear an ceistneoir.
- Céim 3: Cuir na ceisteanna ar do chomh-mhic léinn (bíodh ar a laghad deichniúr i gceist).
- Céim 4: Scríobh tuairisc chuimsitheach ar na torthaí.
- Céim 5: Scríobh anailís san fhillteán foghlama.

Tasc 7: Scríbhneoireacht Chruthaitheach

Seo tasc ina mbeidh tú ag díriú ar ghné éigin den scríbhneoireacht chruthaitheach. Seo thíos samplaí den chineál tasc atá i gceist ach is féidir leat rogha eile de do chuid féin a dhéanamh, ach é a bheith pléite leis an teagascóir.

Samplaí:

- Scríobh script a bheadh oiriúnach le dul le píosa físe gan focail.
- Féach ar chlár teilifíse (*Ros na Rún*, mar shampla) agus forbair scéal eile nó treo eile a bheadh oiriúnach don chlár.
- Féach ar dhráma nó léigh radharc as dráma Gaeilge agus forbair féin radharc eile a bheadh oiriúnach don dráma, bunaithe ar a bhfuil sa mhéid a chonaic tú nó a léigh tú (sampla de dhráma: ‘An Saol Eile’ le Breandán Mac Gearailt a bhaineann le saol na mac léinn).
- Féach ar nó léigh lúibíní nó agallaimh bheirte agus ansin cum ceann gearr tú féin faoi ábhar comhaimseartha.
- Cuir píosa físe ar fáil a bhfuil téama ar leith ann. Ní gá go mbeadh an píosa físe níos faide ná 10 nóiméad. Bíodh script ag dul leis an bpíosa físe, agus bíodh iniúchadh á dhéanamh ann ar cheist ar leith i.e. dearcadh do chomh-mhic léinn faoi scéal ar leith, tuairisc ar ghné éigin de shaol an champais (club, cumann srl.).
- Scríobh scéal cruthaitheach faoi thopaic de do rogha féin.

Céim 1: Roghnaigh seánra oiriúnach.

Céim 2: Déan an taighde cuí (féach ar shaothair eile atá cosúil leis an saothar a bheidh á chumadh agatsa).

Céim 3: Cum an saothar cruthaitheach.

Céim 4: Scríobh anailís san fhillteán foghlama. Bíodh cuntas san anailís ar an taighde a rinne tú don tasc.

Sampla d'Anailís ar Thasc 6

Tasc	Tasc 6
Cur síos	Ceistneoir a dhearadh
Dáta	10 Aibreán 2010
Modh	Sa rang teagaisc an tseachtain seo d'éisteamar le mír as an gclár raidió '<i>Culchies</i> sa Chathair' a rinne mic léinn sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath. Bhain mé an-taitneamh as an méid a bhí á phlé againn sa rang agus chuir mé spéis sa cheistneoir a rinne na mic léinn mar bhunús leis an gclár. Chinn mé an téama céanna a iniúchadh sa choláiste seo – is é sin, go ndéanfainn ceistneoir chun dearcadh na mac léinn tuaithe ar mhic léinn na cathrach a iniúchadh agus dearcadh na mac léinn cathrach ar na mic léinn ón tuath. Ba chabhair dom é go raibh an t-ábhar seo pléite sa rang cheana féin agus bhí tuiscint nua agam ar chuid de na frásaí a bheadh tábhachtach i.e. an ginideach: 'mic léinn na cathrach' / 'mic léinn na tuaithe'. Chaith mé tamall ag smaoineamh ar an eolas ba mhaith liom a bhailiú sa cheistneoir agus ansin bhí orm na ceisteanna a chumadh. Bhain mé úsáid as surveymonkey.com – pacáiste ar líne chun cabhrú liom an ceistneoir a dhearadh. Ansin nuair a bhí mé sásta leis an leagan amach agus leis na ceisteanna, rinne mé cóipeanna den cheistneoir agus chuaigh mé ar thóir mac léinn a bheadh sásta páirt a ghlacadh i mo thaighde. Mic léinn ón rang Gaeilge is mó a bhí i gceist toisc gur i nGaeilge a bhí an ceistneoir ach rinne mé an ceistneoir le mic léinn ó Ranna eile chomh maith. Chuir mé na ceisteanna ar chúig dhuine dhéag ar fad, agus mar sin, thug sé léargas maith go leor dom. Ansin scríobh mé cuntas ar na torthaí. Bhí cara liom ag déanamh ceistneora mar thasc chomh maith agus thugamar aiseolas dá chéile – chabhraigh sé sin go mór mar bhí sise an-mhaith ag cumadh ceisteanna agus thug sí a lán smaointe dom.
Dúshlán	An dá rud ba dhúshlánaí faoin tasc seo ná na ceisteanna a chumadh le haghaidh an cheistneora agus mic léinn a aimsiú chun na ceisteanna a fhreagairt. Ní fhaca mé go raibh aon fhadhb agam ag cumadh ceisteanna ar dtús, ach mhínigh an teagascóir dom nach raibh na ceisteanna á gcumadh i gceart agam. Chuir sé sin moill orm mar bhí orm

	níos mó a fhoghlaim faoi sin. Sílim go bhfuil na foirmeacha ceisteacha deacair go leor sa Ghaeilge – ní raibh mórán cleachtaidh déanta agam orthu go dtí seo, ach tá rudaí níos soiléire dom anois. Bhí fonn orm mic léinn nach bhfuil sa rang Gaeilge a aimsiú chun páirt a ghlacadh i mo thaighde. Bhí sé sin saghas dúshlánach ach an rud a rinne mé ar deireadh ná chuaigh mé go dtí na hárasáin ina bhfuil na mic léinn atá mar chuid den scéim chónaithe. Tá roinnt mhaith de na mic léinn sin i ndámha eile agus thug sé sin léargas níos leithne dom chun tabhairt faoin gceistneoir.
Feabhas	D’fhoghlaim mé a lán sa tasc seo. Tháinig feabhas ar mo scileanna ríomhaireachta – ní raibh trácht riamh cloiste agam ar an bpacáiste surveymonkey.com ach d’éirigh liom úsáid a bhaint as an bpacáiste chun an ceistneoir a dhearadh. Chomh maith leis sin, d’fhoghlaim mé go raibh fadhb agam leis na foirmeacha ceisteacha sa Ghaeilge agus tá siadsan riachtanach chun ceistneoir a dhearadh. Cheartaigh an teagascóir roinnt mhaith de mo chuid ceisteanna agus mhol sí cleachtaí dom. Tá mé réasúnta sásta anois go dtuigim níos fearr iad. Rud eile a bhí dúshlánach dom ná an cuntas a scríobh ar na rudaí a tháinig chun cinn sa cheistneoir – bhí an struchtúr teanga chun é sin a dhéanamh saghas deacair ‘shíl an chuid is mó de na mic léinn gur...’ ach le cabhair ón teagascóir fuair mé taithí air de réir a chéile.

Sampla d'Anailís ar Thasc 7

Tasc	Tasc 7
Cur Síos	Scríbhneoireacht Chruthaitheach: Mír as Dráma
Dáta	15 Márta 2010
Modh	D'aimsigh mé an dráma 'An Saol Eile' le Breandán Mac Gearailt sa leabharlann. Léigh mé an dráma agus thóg mé nótaí agus mé á léamh. Ansin rinne mé cinneadh radharc eile, difriúil le radhairc an údair, a scríobh mé féin. Ní raibh mé cinnte ar dtús ar cheart dom na carachtair a fhágáil mar a bhí ag an údar nó an gcumfáinn carachtair eile ar fad, ach ar deireadh chinn mé meascán a dhéanamh – chum mé roinnt carachtar nua agus choimeád mé carachtair eile. Ansin thosaigh mé ag scríobh an radhairc – bhí sé níos éasca agus níos taitneamhaí ná mar a cheap mé toisc gur comhrá den chuid is mó a bhí le scríobh. D'fhorbair mé radharc ina bhfuil na mic léinn ina n-árasán ag labhairt faoina gcuid léachtóirí agus faoina saol sóisialta.
Dúshlán	Ní raibh dráma Gaeilge léite riamh cheana agam agus rud iomlán nua a bhí ann dom. Chuir sé iontas orm cé chomh mór is a thaitin léamh dráma liom – cheap mé go raibh sé níos éasca ná úrscéal ná gearrscéal. Ach bhí sé deacair uaireanta an stór focal sa dráma seo a thuiscint – dúirt an teagascóir liom go bhfuil an dráma saghas canúnach agus mar sin bhí roinnt mhaith nathanna ann nár thuig mé. Thóg sé níos mó ama ná mar a cheap mé an radharc a scríobh – níor smaoinigh mé go mbeadh na treoracha agus an cur síos ar na carachtair le scríobh chomh maith. Toisc nach raibh aon taifeadadh fise agam den dráma, bhí sé beagán deacair an ghluaiseacht ar an stáitse a shamhlú – bheadh sé deas na haisteoirí a fheiceáil ar an stáitse.
Feabhas	D'fhoghlaim mé a lán nathanna cainte nua i léamh an dráma seo. Scríobh mé síos iad agus tá mé ag iarraidh iad a úsáid i.e. 'bíonn a ceann sáite sna leabhair aici', 'i ngiorracht scread asail' srl. Tá sé go maith go bhfuil mo chéad dráma Gaeilge léite agam – tá fonn orm dráma eile a léamh anois.

Anailís ar na Tascanna: Teimpléad

Seo thíos teimpléad don anailís a bheidh le déanamh ar gach tasc. Beidh an teimpléad seo le leanúint do gach tasc. Ag deireadh na bliana beidh 8 dteimpléad líonta agat (9 dteimpléad má dhéanann tú an tasc breise).

Tasc	
Cur Síos	
Dáta	
Modh	
Dúshláin	
Feabhas	

Seicliosta don Fhillteán Foghlama

Seo thíos seicliosta don fhillteán foghlama. Is féidir leat an t-eolas a scríobh isteach agus é a chur san fhillteán.

Tasc	Dáta a rinne tú an tasc	Dáta a rinne tú an anailís
Tasc 1(a): Cuntas ar na hearráidí is minice a dhéanann tú sa scríobh (an chéad uair)		
Tasc 1(b): Cuntas ar na hearráidí is minice a dhéanann tú sa scríobh (an dara huair)		
Tasc 2(a): Cuntas ar na hearráidí is minice a dhéanann tú sa chaint (an chéad uair)		
Tasc 2(b): Cuntas ar na hearráidí is minice a dhéanann tú sa chaint (an dara huair)		
Tasc 3: Taighde		
Tasc 4: Cur i láthair		
Tasc 5: Léirmheas		
Tasc 6: Ceistneoir		
Tasc 7: Scríbhneoireacht Chruthaitheach (roghnach)		

Earráidí Coitianta

Seo thíos greille a bheadh cabhrach chun cuntas a choimeád ar na hearráidí coitianta a dhéanann tú. Bíodh sé mar aidhm agat iad a ghlanadh as an gcaint agus as an scríobh!

[illegible]

Ceisteanna Coitianta faoin bhFillteán

Foghlama (le cur in eagar ag gach institiúid)

1. An mbronnfar marcanna ar obair an fhillteáin?

Tá seo le líonadh isteach ag an institiúid.

2. An gcuirfear ceisteanna orm faoin bhfillteán sa scrúdú cainte?

D'fhéadfadh go mbeadh tascanna an fhillteáin mar ábhar cainte sa scrúdú cainte.

Sampla: Inis dom faoin gceistneoir a dhear tú / Cén léirmheas a rinne tú? / Inis dom faoi do chur i láthair.

Fágfar an cinneadh seo faoin institiúid – moltar go mbeadh an scéal amhlaidh, áfach.

3. An gcaithfidh mé gach tasc a dhéanamh?

Tá tascanna 1-6 éigeantach agus tá tasc 7 ann mar thasc breise roghnach. Tá tascanna 1 agus 2 le déanamh faoi dhó.

4. Cad a tharlaíonn mura ndéanfaidh mé tasc?

Tá seo le líonadh isteach ag an institiúid.

5. An gcaithfidh mé an anailís a dhéanamh nó an leor an tasc féin?

Caithfear anailís a chur ar fáil do gach tasc. Ní bheidh an tasc déanta go dtí go mbeidh an anailís déanta.

6. Cathain a chaithfidh na tascanna a bheith déanta?

Tá seo le líonadh isteach ag an institiúid.

7. Cad iad na gnéithe a bheifear ag scrúdú agus marcanna á mbronnadh?

Cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh agus marcanna á mbronnadh don fhillteán:

- (i) an tasc féin agus caighdeán an taisc.
- (ii) an anailís: an cur síos ar an modh, ar na dúshláin, ar cad a d'fhoghlaim tú.

Tabharfar na marcanna is airde do mhic léinn a chruthaíonn go ndearna siad tréaniarracht i ndéanamh an taisc agus a léiríonn dul chun cinn agus forbairt ar a gcuid scileanna teanga san anailís ar an tasc, chomh maith le caighdeán ard sa teanga féin.